COMHAIRLE
CATHRACH & CONTAE
Luimnigh

Tuarascáil Bhliantúil 2014

2014

COMHAIRLE
CATHRACH & CONTAE
Luimnigh

Réamhfhocal an Phríomhfheidhmeannaigh

Táimid i ré nua Rialtais Áitiúil i Luimneach anois agus bhí an claochlú ar struchtúr ár nÚdarás Áitiúil radacach agus ollmhór.
Tháinig athrú ollmhór ar ár bhfeidhmeanna, ár gcistiú, ár rialachas agus ár socruithe oibriúcháin san ullmhúchán do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh nua a thosaigh ag feidhmiú sa Mheitheamh.

Bhí dúshlán ag baint leis an mbealach agus leanfar amhlaidh agus ár ndícheall á dhéanamh againn rialtas áitiúil éifeachtach a sholáthar i Luimneach le seirbhísí ar ardchaighdeán á sholáthar dár gcustaiméirí go léir.

Tríd na Ceantair Chathrach agus Bhardasach, tá na Comhairleoirí anois in ann oibriú níos dírí ag leibhéal áitiúil ar mhaithe lenár bpobail i Luimneach.

Tá Rialtas Áitiúil anois níos cóngraí agus níos freagraí do riachtanais laethúla na saoránach agus níos ionadaíoch ar a dtosaíochtaí agus polasaithe á socrú agus cinntí á ndéanamh.

Is fearr an ról maoirseachta atá ag an gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh nua maidir le forbairt agus forfheidhmiú ar pholasaí, tacaíocht d'fhiontraíocht agus forbairt pobail.

Is tábhachtaí ná sin gur tugadh ról níos leithne agus níos soiléire do rialtas áitiúil i bhforbairt gheilleagrach agus sinn ag pleanáil maidir lenár spriocanna do Thionscadal Luimnigh a bhaint amach – ár bhfís do 2030 atá ag treorú athbheochana eacnamaíoch, sóisialta agus fisiciúil Luimnigh sna blianta atá romhainn.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, mar eagraíocht láidir éifeachtach amháin, ag cabhrú linn aghaidh a thabhairt ar na príomhcheisteanna a bhaineann le Luimneach.

Trí Luimneach a chur chun cinn mar rabhchán do shaothar croídhíchill sna healaíona le moladh náisiúnta agus idirnáisiúnta faighte aige i rith 2014, bhí ar chur ár n-ainmniúchán mar Chathair Náisiúnta an Chultúir ollmhór, ag teacht le gníomhaíochtaí agus céimeanna eile ag an gComhairle le méadú a dhéanamh ar ghníomhaíocht gheilleagrach.

In éineacht le laghdú stairiúil ar rátaí tráchtála, déanadh stádas Luimnigh mar láthair infheistíochta atá ag méadú a neartú le sraith d'fhógraí dearfacha fostaíochta agus le tionscnaimh na Comhairle le fiontraíocht a chur chun cinn. Ainmníodh Luimneach freisin mar cheann de cathracha is fearr san Eoraip le hinfheistíocht a dhéanamh inti sa séú Roghnú Láithreáin 'Tuarascáil Best to Invest'.

Sheol an Chomhairle an Scéim Tacaíochta FBM, an chéad cheann dá leithéid i gceantar Luimnigh, i rith na bliana agus soláthraíodh tacaíocht airgeadais d'áititheoirí fhoirgneamh tráchtála.

Thosaigh Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Luimnigh ag feidhmiú freisin i rith 2014 mar phríomhsholáthróir ar réimse leathan tacaíochtaí, eolais agus comhairle do mhicreaghnóthaí agus gnóthais bheaga Luimnigh.

Déanadh faomhadh ar Phlean Forfheidhmithe Chreat Athghiniúna Luimnigh (PFCAL) i mí Feabhra na bliana seo agus leagann sé amach comhfhís do na ceantair athghiniúna d'fhonn pobail sábháilte agus inbhuanaithe a chruthú le deiseanna do dhaoine de gach aois caighdeán maith maireachtála a bheith acu, le teach maith agus mórtas acu as an áit. Déanfar comhtháthú iomlán ar na comharsanachtaí seo le saol sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha Luimnigh.

Tacaíodh le 174 tionscadal i 2014 faoin gciste idirghabhála sóisialta le sruth nua cistiúcháin a

tugadh isteach le tionscnaimh gheilleagracha a fhorbairt le tacaíocht d'fhostaíocht, oiliúint/printíseachtaí agus cruthú jabanna á dtairiscint.

Soláthraíodh 98 teach nuathógtha in éineacht le clár athchóirithe ar chóiríocht gan áitiú agus déanadh go leor dul chun cinn i ngach ceann de na ceithre réimse athghiniúna i 2014 faoin gClár Uasghrádaithe Teirmeach.

Leanann ceannach láithreán straitéiseach a thagann leis na cuspóirí foriomlána athghiniúna le ról a bheith aige i dtionscadail chaipitil ar scála beag i 2014 d'fhonn feabhas a chur ar an timpeallacht, slándáil a fheabhsú agus nascacht a neartú.

I mbliana, mar mhórfhorbairt don earnáil chultúrtha san Iarthar Láir, d'fhógair an Chomhairle pleananna le hoibriú i gcomhpháirtíocht le Ardmore Studios le bunchloch a leagadh go soláthrófaí mol i Luimneach d'áiseanna léirithe mhórscannán.

Aithníodh go ndearna Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh seirbhís den scoth a sholáthar go leanúnach dá custaiméirí i rith 2014i mí na Samhna nuair a ainmníodh í mar Údarás Áitiúil na bliana ag Duaiseanna Feabhais i Rialtas Áitiúil Chomhlachas na hÉireann.

Ba thionscadail a bhain duaiseanna amach iad Taisteal Níos Cliste Luimnigh agus an Clár Cónascadh, a bhí mar fhianaise ar iarrachtaí fhoireann na Comhairle rath a bheith ar chumasc an dá údarás áitiúil le blianta beaga anuas.

Ar cheann de na nithe ba mhó a bhaineamar amach mar Údarás Áitiúil bhí freagra cuimsitheach i dtús na bliana ar roinnt drochtheagmhas aimsire gan fasach.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don fhoireann a bhí sármhaith ina bhfreagra ar réimse leathana fadhbanna ar fud Luimnigh le linn na tréimhse seo. Agus iad ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, d'oibrigh an fhoireann go dian le bóithre a choimeád oscailte, soláthar uisce a thabhairt ar ais, íoslaghdú a dhéanamh ar bhagairt tuillte ar bheatha agus ar réadmhaoin agus a chinntiú go mbeadh cúnamh ar fáil do dhuine ar bith a bheadh ina dhíth.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an bhfoireann ar fud na heagraíochta a rinne iarracht ollmhór na córais agus an teicneolaíocht sna céadta seirbhísí a thabhairt le chéile i gcaitheamh an phróisis chlaochlaithe.
Táimid ag féachaint i dtreo 2015 agus sinn ar an eolas maidir leis na dúshláin, agus aghaidh á thabhairt ar an todhchaí leis an dóchas a bhaineann le tús nua.

Conn Murray Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh

Réamhrá an Mhéara

Tá an-áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do 2014 a chur i láthair. Tá sonraí ar a bhfuil bainte amach i rith na bliana leagtha amach faoi gach tuarascáil Stiúrthóireachta ach ba mhaith liom an deis seo a thapú le béim a leagan ar roinnt den iliomad seirbhísí a sholáthair an Chomhairle, a Rannóga agus na Baill Tofa i rith na bliana.

Déanadh cónascadh foirmeálta ar Chomhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh i 2014, ar ionann é agus athrú stairiúil ar Rialtas Áitiúil i Luimneach.

Déanadh leagan amach an Údaráis Áitiúil nua a nochtadh sa Bhealtaine le 40 Comhairleoir tofa ar Údarás Áitiúil nua-chumasctha.

Bhí sé mar chúram ar na Baill Tofa, ag obair i gcomhar le Feidhmeannas agus foireann na Comhairle, a chinntiú go leanfadh Luimneach le bheith ina háit bheoga le cónaí agus le hoibriú inti, agus le cuairt a thabhairt uirthi, agus go leanfadh an rathúlacht i dtéarmaí forbartha geilleagrach, turasóireacht, rannpháirtíocht an phobail agus saoránacht ghníomhach.

Tá a ndearna siad agus spiorad an chomhoibrithe tar éis cabhrú leis an gComhairle a spriocanna agus a haidhmeanna a chur chun cinn le bliain anuas.

Féachfar i gcónaí ar 2014 mar am nuair a bhí sé d'onóir ag Luimneach a bheith mar Chathair Náisiúnta an Chultúir in Éirinn.

Léiríodh an rath a bhí ar an gclár imeachtaí cultúrtha a mhair ar feadh bliana le linn chuairte Ríoga na Caillí Ollmhór a thug na sluaite chuig sráideanna na cathrach ar bhealach nach bhfacthas leis na cianta.

Bhí mórtas ar leith ag baint freisin leis an am sin nuair a fuair an tUachtarán Michael D Higgins Saoirse a áite dúchais os comhair 1000 duine ag Margadh an Bhainne i Luimneach – an chéad duine a fuair an onóir seo ón Údarás Áitiúil nua-chumasctha.

Tharla an laghdú ba mhó i stair an Stáit ar rátaí Údaráis Áitiúil i 2014. Le comhartha soiléir á thabhairt go raibh gnó le déanamh i Luimneach, thug an laghdú 15.8% ar rátaí tráchtála na cathrach ráta luachála bliantúil amháin i gceist i Luimneach.

Sa réimse taistil agus iompair, lean Oifig Taistil Níos Cliste Luimnigh le dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le Luimneach a bheith mar shuíomhshamhail do thaisteal inbhuanaithe agus do na bailte agus na cathracha ar le macasamhlú a dhéanamh air.

Tharla seoladh i mí na Nollag ar Scéim Rothaíochta Coco Cola Zero dírithe ar bhealach iompair phoiblí atá sláintiúil agus neamhchostasach a chur chun cinn. Bhí ról na Comhairle riachtanach maidir leis an Scéim seo a sholáthar agus í mar chuid d'iarracht fhairsing a thabhairt ar dhaoine féachaint ar mhodhanna eile taistil a bheadh níos inbhuanaithe.

Idir an dá linn, in iarracht ar bhrú tráchta a laghdú i gcathair Luimnigh agus líon na gcoisithe a mhéadú ag déanamh ar aimsir na Nollag, thug an tÚdarás Áitiúil seirbhís Páirceáil & Taisteal Nollag in aisce isteach agus 3000 spás páirceála sráide curtha ar fáil in aisce. Tá turasóireacht mar phríomhthiománaí ar fhás

An Clr. Kevin Sheahan,
Méara ar Chathair agus ar Contae Luimnigh

An Clr. Kevin Sheahan, Méara ar Chathair agus ar Chontae Luimnigh ag bronnadh Saoirse Luimnigh ar an Uachtarán Michael D. Higgins i Margadh an Bhainne i Luimneach.

geilleagrach agus mar fhoinse riachtanach ioncaim do Luimneach. Mar thoradh ar sin, lean an Chomhairle le hinfheistíocht a dhéanamh agus le tacú le tionscnaimh éagsúla turasóireachta, le féilte agus le himeachtaí cultúrtha i rith na bliana ar a n-áirítear Craobhchomórtas Idirnáisiúnta na mBannaí Lá Fhéile Pádraig agus Riverfest.

Thug Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tacaíocht, trí Oifig Ealaíon Luimnigh, do roinnt forbairtí eile ealaíne agus cultúir i rith 2014 ar a n-áirítear ceapachán an chéad Ealaíontóir Cónaithe Rince ag Rince Luimnigh. Tacaíodh freisin le féilte eile bliantúla agus imeachtaí pobail mar 15ú Éigse Michael Hartnett sa Chaisleán Nua, Cuisle, Oíche Chultúrtha Luimnigh, Lá Oscailte Luimnigh agus Féile Liteartha Luimnigh.

Idir an dá linn, rinne an Chomhairle foirmliú ar a cairdeas 15 bliana le New Brunswick, New Jersey, SAM, le síniú na Cairte Eamhnaithe agus táthar ag súil leis go dtiocfaidh iliomad malartú cultúrtha agus pobail i gceist dá bharr ar an dá thaobh den Atlantach sna blianta atá romhainn.

Lean infheistíocht na Comhairle in áiseanna agus bonneagar pobail i 2014.
I réimse na tithíochta, d'éirigh leis an gComhairle scéim phíolótach a chríochnú mar ar déanadh aisfheistiú ar 49 teach ar fud gach ceantar Athghiniúna. Tharla clár suntasach aisfheistithe de bharr an tionscadail seo le hoibreacha uasghrádaithe fuinnimh beartaithe do na céadta teach. I rith 2014, rinne an Chomhairle níos mó ná 350 cigireacht ar chóiríocht phríobháideach ar cíos d'fhonn feabhas a chur ar chaighdeán na tithíochta do thionóntaí.

Le cur chuige comhpháirtíochta na Comhairle le cumainn tithíochta tharla soláthar ar aonaid nua tithíochta sóisialta ar a n-áirítear árasáin nua do sheandaoine ag Cúirt Colivet mar chuid den phróiseas Athghiniúna. Mar chéad phointe teagmhála do dhaoine a bhíonn gan dídean, sholáthair Meitheal Gníomhaíochta na Comhairle do Dhaoine gan Dídean cur chuige ildisciplíneach le réiteach a fháil ar easpa dídine agus soláthraíodh cóiríocht dóibh siúd a raibh gá acu leis i mbrúnna éigeandála, cóiríocht traidisiúnta agus i dtithíocht faoi thacaíocht fhadtéarmach ar fud Luimnigh i rith na bliana.

Choimeád an Chomhairle a príomhchuspóirí maidir le seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar do phobail áitiúla ar fud Luimnigh i rith 2014.

Fógraíodh pleananna i rith na bliana le páirc nua comharsanachta a thógáil i Mungairit agus lean Limerick Going For Gold ag dul ó neart go chéile. Sholáthair an Chomhairle, i gcomhar le Fondúireacht Charthanachta JP McManus, ciste suntasach duaise

Cuireann an tAire Tithíochta Jan O'Sullivan TD fáilte roimh chríochnú 35 árasán nua do sheandaoine mar chuid de Chlár Athghiniúna Luimnigh. Bhí an tAire in éineacht le baill den phobal áitiúil d'fhéachaint oscailte ar Chúirt Colivet i gCéide Colivet, An Cnoc Theas, ag foireann ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Cumann Tithíochta Chlúid.
D'fhéach an tAire O'Sullivan mórthimpeall na n-árasán.

do ghnólachtaí, grúpaí pobail agus daoine indibhidiúla le feabhas a chur ar a gceantar trí bheith rannpháirteach i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara agus le laghdú a dhéanamh ar thionchar bhruscair ar fud Luimnigh.

Thug an Chomhairle tacaíocht luachmhar freisin do phobail trí Luimneach faoi Bhláth, na Dámhachtainí Reilige agus Mórtas Áite.

Mar chuid de shainchúram na Comhairle maidir leis an timpeallacht áitiúil a chosaint agus feasacht timpeallachta a chur chun cinn, rinne an Rannóg Comhshaoil éascú ar roinnt tionscnamh i rith 2014. Rinne an Chomhairle óstáil ar cheardlann 'Bin It' do scoileanna Luimnigh le hoideachas a sholáthar agus feasacht a ardú maidir le bruscar a chaitheamh uait, agus rinne sí óstáil freisin ar Fheachtas an Tascfhórsa Guma-Bhruscair.

Seoladh Meitheal Glanta Luimnigh freisin, ar thionscnamh de chuid Ciste Carthanachta JP McManus i gcomhar le Rannóg Comhshaoil na Comhairle é.

Rinne an Chomhairle óstáil ar Chomhairle na nÓg rud a chuir ar chumas dhaoine óga ar fud Luimnigh a dtuairimí ar réimse leathan ceisteanna a bhain leo féin agus lena bpobal a chur chun cinn. Trí bhallraíocht ar Ghrúpa Oibre Comhtháthaithe Luimnigh, bhí ról lárnach ag an Údarás Áitiúil freisin i soláthar na gcuspóirí a bhfuil imlíne orthu i bPlean Comhtháthaithe Chathair agus Chontae Luimnigh 2013-2016. Críochnaíodh réimse leathan gníomhaíochtaí comhtháthaithe i réimse na n-ealaíona, spóirt, idirchreidimh agus cuimsithe shóisialta i rith 2014.

I 2014 fógraíodh go hoifigiúil go raibh Luimneach mar bhall-chathair de Thionscnamh Chathracha Idirchultúrtha na hEorpa, le deis á sholáthar dó malartú a dhéanamh agus foghlaim in éineacht le cathracha eile na hEorpa mar Barcelona, Copenhagen, Londain agus Montreal.

Ó thaobh spóirt agus áineasa de, tharla cumasc i 2014 ar Chomhpháirtíochtaí Spóirt na Cathrach agus an Chontae mar chuid d'iarrachtaí ar chur chuige chomhaontaithe a fhorbairt le rannpháirtíocht i spórt a mhéadú i ngach pobal ar fud Luimnigh. I measc na ngníomhaíochtaí a rinne Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh (CSL) i rith na bliana bhí riaradh scéim deontais €50,000 do chlubanna spóirt áitiúla agus do ghrúpaí pobail.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, in éineacht le tiomantas a foirne agus a Baill Tofa, ag tnúth le tógáil ar a bhfuil bainte amach sa bhliain atá caite agus le hoibriú le pobail áitiúla i gcaitheamh 2015.

An Clr. Kevin Sheahan,
Méara Cathrach agus Contae Luimnigh.

Cúirt Vize, Sráid Iósaif - 29 Aonad Críochnaithe i mí Iúil 2014

Clár Ábhair

Réamhfhocal an Phríomhfheidhmeannaigh	2
Réamhrá an Mhéara	4
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	11
Cruinnithe	15
Ionadaíocht ar Chomhlachtaí Eile	17
Coistí Polasaí Straitéiseach	20
Toghcheantair	21
Baill agus Cruinnithe Chomhairle Contae Luimnigh	22
Baill Chomhairle Cathrach Luimnigh	26
Imeachtaí & Buaicphointí 2014	28
Corparáideacha agus Ceannaire ar Athrú agus Acmhainní Daonna	45
Taisteal & Iompar	60
Comhshaol & Uisce	71
Forbairt Bhaile agus Shóisialta	87
Seirbhísí Pobail, Áineasa agus Éigeandála	95
Forbairt Gheilleagrach agus Pleanáil	133
Ceantair Bhardasach	141
Airgeadas & TFC	147
Aguisíní	157

Sa phictiúr ag an Carnival Gheimhridh sa Mhargadh Bainne, ó chlé go deas, Nathan Fitzpatrick, Aois 6, Mason Fitzpatrick, Aois 4, agus Kevin Fitzpatrick, Aois 6, ó Rossa Avenue, Cathair Luimnigh agus Phort Nua, Co. Thiobraid Árann.

Slabhra an Mhéara ar taispeáint in Iardhearcadh – Comhairle Cathrach Luimnigh 1197-2014 in Iarsmalann Luimnigh 2014.

Baill Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Baill Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

An Clr. Kevin Sheahan
Méara Cathrach agus Contae Luimnigh

An Clr. Joe Crowley
Leasmhéara Cathrach agus Contae Luimnigh

Baill Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Ar agus ó Mheitheamh, 2014

DÚICHE CHATHRACH LUIMNIGH (ar a bhfuil Toghcheantair Áitiúla Chathair Luimnigh Thoir, Chathair Luimnigh Thuaidh agus Cathair Luimnigh Thiar) - 21 BALL.

Baill Chathair Luimnigh Thoir | 8 Ball

An Clr. Shane Clifford, An Spá, Caisleán Uí Chonaill, Co. Luimnigh. (FF)

An Clr. Marian Hurley, Casa Loma, Áth an Choite, Co. Luimnigh. (FG)

An Clr. Paul Keller, 50A, Radharc Chaladh an Treoigh, Bóthar Childers, Luimneach (AAA)

An Clr. Séighin Ó Ceallaigh, 1 Sráid Uí Sheasnáin, Luimneach. (SF)

An Clr. Jerry O'Dea, "The Haggard", Baile Cloch, Ros Uí Bhriain, Luimneach. (FF)

An Clr. Kieran O'Hanlon, An Réabhóg, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Luimneach. (FF)

An Clr. Elena Secas, 131, Curragh Birin, Caladh an Treoigh, Luimneach. (LO)

An Clr. Michael Sheahan, 84 Coill Mhór, Seanbhóthar na Scoile, Móin an Lín, Luimneach. (FG)

Baill Chathair Luimnigh Thuaidh | 6 Ball

An Clr. Joe Crowley, 29, Páirc na nGort Thiar, An Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach. (FF)

An Clr. Frankie Daly, 64 Cill Chríodáin, Ascaill Réabóige, Irish Estates, An Corrbhaile, Luimneach. (LO)

An Clr. John Gilligan, 36, Eastát Uí Laoi, Bóthar an Oileáin, Luimneach. (GP)

An Clr. Michael Hourigan, Carraig Donn, Páirc Revington, An Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach. (FG)

An Clr. Cian Prendiville, 45, Gairdíní Brookville, Clareview, Luimneach. (AAA)

An Clr. Maurice Quinlivan, 7, Clós Stenson, Luimneach. (SF)

Baill Chathair Luimnigh Thiar | 7 Ball

An Clr. Daniel Butler, 106, An Ghráinseach, an Ráithín, Luimneach. (FG)

An Clr. Maria Byrne, Mannixville, Ascail Uí Chonaill, Luimneach. (FG)

An Clr. James Collins, Collins Bar, Tuar an Daill, Luimneach. (FF)

An Clr. Joe Leddin, Drom Achair Mór, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach. (LO)

An Clr. John Loftus, Árasán 2,3 Sr. Glentworth Íochtarach, Luimneach. (AAA)

An Clr. Seán Lynch, Baile Uí Chearnaigh, Clár Aidhne, Co. Luimnigh. (FF)

An Clr. Malachy McCreesh, 59,Eastát Ghabhal an Dá Bhóthar, Tuar an Daill, Luimneach. (SF)

Ceantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola | 6 Ball

An Clr. Stephen Keary, An Chloch, Cróch, Co. Luimnigh. (FG)

An Clr. Ciara McMahon, Doirín, Áth an tSléibhe, Co. Luimnigh. (SF)

An Clr. Tom Neville, Kiltannan, Cróch, Ráth Caola, Co. Luimnigh. (FG)

An Clr. Emmett O'Brien, Glenameade, Pailís Chaonraí, Co. Luimnigh. (GP)

An Clr. Richard O'Donoghue, Kilatal, Baile an Gharraí, Co. Luimnigh. (FF)

An Clr. Kevin Sheahan, Cluain Riasc, Eas Géitine, Co. Luimnigh. (FF)

Ceantar Bardasach An Cheapaigh Mhóir - Cill Mocheallóg | 7 Ball

An Clr. Michael Donegan, Ard an Mhuilinn, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh. (FF)

An Clr. Noel Gleeson, Cuileannach, An Cheapaigh Mhóir, Co. Luimnigh. (FF)

An Clr. Gerald Mitchell, Benrue House, An tOspidéal, Co. Luimnigh. (FG)

An Clr. William O'Donnell, An Cascáideach, An Brú, Co. Luimnigh. (FG)

An Clr. Eddie Ryan, An Caisleán Cria, Gallbhaile, Co. Luimnigh. (FF)

An Clr. Lisa Marie Sheehy, Baile an Tobair, Cill Fhíonáin, Co. Luimnigh. (SF)

An Clr. Brigid Teefy, Baile Uí Bhricín, An Ghráinseach, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh. (GP)

Ceantar Bardasach an Chaisleáin Nua | 6 Ball

An Clr. Séamus Browne, An Chlais, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh. (SF)

An Clr. Michael Collins, Baile an Bhealaigh, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh. (FF)

An Clr. Francis Foley, Bóthar Chill Airne, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh. (FF)

An Clr. Liam Galvin, An Bealach, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh. (FG)

An Clr. Jerome Scanlan, Baile Uí Dhónaill, An Fheothanach, Co. Luimnigh. (FG)

An Clr. John Sheahan, Ballyguiltenane, An Gleann, Co. Luimnigh. (FG)

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Baill na Comhairle agus Cruinnithe

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Baill na Comhairle agus Cruinnithe

Tá 40 Ball ar an gComhairle – 21 Ball i nDúiche Chathrach Luimnigh (ina bhfuil Toghcheantair Áitiúla Chathair Luimnigh Thoir, Chathair Luimnigh Thuaidh agus Chathair Luimnigh Thiar) 6 Ball i gCeantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola, 7 Ball i gCeantar Bardasach An Cheapaigh Mhóir - Cill Mocheallóg agus 6 Ball i gCeantar Bardasach An Chaisleáin Nua.

De ghnáth déantar cruinnithe na Comhairle a thionól ar an gceathrú Luan de gach dara mí, go Démhíosúil, i Seomra na Comhairle ag Tuar an Daill. Tháinig an Chomhairle iomlán le chéile ar 10 ócáid (gan Cruinnithe Coiste a chur san áireamh) i 2014.

Grúpa Polasaí Corparáideach

Is Coiste den Chomhairle é an Grúpa um Polasaí Corparáideach (GPC) comhdhéanta de Mhéara na Comhairle agus Cathaoirleach gach Coiste Polasaí Straitéiseach. Seo a leanas an bhallraíocht:-

- An Comhairleoir Kevin Sheahan, Méara.
- An Comhairleoir Michael Donegan, Cathaoirleach ar an SPC Forbartha Baile agus Sóisialta
- An Comhairleoir Maurice Quinlivan, Cathaoirleach ar an SPC Iompair agus Taistil
- An Comhairleoir Noel Gleeson, Cathaoirleach ar an SPC Forbartha Geilleagrach, Fiontraíochta agus Pleanála
- An Comhairleoir Francis Foley, Cathaoirleach ar an SPC Seirbhísí Pobail, Áineasa agus Éigeandála
- An Comhairleoir Michael Hourigan, Cathaoirleach ar an SPC Comhshaoil

Nascann an GPC obair na SPCanna éagsúla, ag feidhmiú mar chineál comhaireachta agus déanann soláthar ar fhóram inar féidir seasaimh pholasaí a chomhaontú chun iad a chur go dtí an Chomhairle iomlán a choimeádfaidh an t-údarás um chinneadh a dhéanamh. Déanann an GPC monatóireacht chomh maith ar fheidhmíocht an údaráis áitiúil agus tá ról tábhachtach aige maidir le réiteach an bhuiséid. Tháinig an GPC le chéile ar 6 ócáid i 2014.

Coistí na Comhairle

Teideal	Líon na mBall	Líon na gCruinnithe
Dúiche Chathrach Luimnigh	21	8
Ceantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola	6	7
Ceantar Bardasach An Cheapaigh Mhóir -Cill Mocheallóg	7	7
Ceantar Bardasach an Chaisleáin Nua	6	7

Coistí na Comhairle

Teideal	Líon na mBall	Líon na gCruinnithe
Coiste Comhairleoireachta um Chóiríocht do Thaistealaithe	12	1
An Coiste Uisce Tuaithe	11	1
Coiste Iniúchóireachta	7	1

Dúiche Chathrach
Feidhmeanna Forchoimeádta 2014

Togh an Mhéara agus an Leasmhéara.

Forfheidhmiú na mBuan-Orduithe do Dhúiche Chathrach Luimnigh

Ceart slí phoiblí a chur ar ceal ag Ascaill Chnoc an Lisín.

Faomhadh ar Thogra Fhorbairt Cónaithe Sráid Áth Longfoirt/Sráid na gCaorach/Lána Mhargadh na Feola, Oileán an Rí, Luimneach.

Faomhadh ar Pháirc Comharsanachta atá Beartaithe ar Thailte Choláiste Mhungairit, Luimneach.

Glacadh le Plean Buiséadach don Dúiche Cathrach Bardasach don bhliain airgeadais dar críoch 31ú Nollaig, 2015 leis an suim iomlán de €640,000.

Faomhadh ar Ghlasbhealach Comharsanachta Beartaithe don Réabóg.

Faomhadh ar Feabhsúcháin Bhonneagair Bhealach Beartaithe 4 Béal Átha Síomoin , Caladh an Treoigh agus an Baile Nua.

Feidhmeanna Forchoimeádta Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola 2014

Togh Chathaoirleach agus Leaschathaoirleach an Cheantair Bhardasach.

Glacadh le Buan-Orduithe do Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola.

Glacadh le Plean Buiséadach do Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola don bhliain airgeadais dar críoch 31ú Nollaig, 2015 leis an suim iomlán de €275,000.

Fógraí Iarchurtha d'fhonn Plean Ceantair Áitiúil nua a dhéanamh do Chromadh agus Cur leis an bPlean atá Ann.

Cinneadh le leasuithe ábhartha a dhéanamh ar Phlean Ceantair Áitiúil Beartaithe Áth Dara 2015-2021.

Cinneadh le hathruithe ábhartha a dhéanamh ar Phlean Ceantair Áitiúil Eas Géitine 2015-2021 atá Beartaithe de réir mholtaí an Phríomhfheidhmeannaigh dar dáta 25ú Samhain, 2014.

Ceantar Bardasach An Cheapaigh Mhóir - Cill Mocheallóg
Feidhmeanna Forchoimeádta 2014

Togh Chathaoirleach agus Leaschathaoirleach an Cheantair Bhardasach.

Glacadh le Buan-Orduithe.

Faomhadh ar Mhéadú ar an Reilig atá ag Baile an Ghadaí Thuaidh, Baile an Ghadaí, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh.

Glacadh le Plean Buiséadach do Cheantar An Cheapaigh Mhóir-Cill Mocheallóg don bhliain airgeadais dar críoch 31ú Nollaig, 2015 leis an suim iomlán de €310,000.

Feidhmeanna Forchoimeádta Cheantar Bardasach An Caisleán Nua 2014

Togh Chathaoirleach agus Leaschathaoirleach an Cheantair Bhardasach.

Glacadh le Buan-Orduithe.

Faomhadh ar Fheabhsú Chosáin N21 An Caisleán Nua Thiar atá Beartaithe agus ar Scéim Choisithe 2014.

Glacadh le Plean Buiséadach do Cheantar Bardasach An Chaisleáin Nua don bhliain airgeadais dar críoch 31ú Nollaig, 2015 leis an suim iomlán de €275,000.

Ionadaíocht ar Chomhlachtaí Eile

Coiste Comhairleach Cóiríochta Lucht Siúil Áitiúil

An Clr. Seán Lynch.
An Clr. Michael Sheahan.
An Clr. Marian Hurley.
An Clr. Ciara McMahon.

Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann (CRÁÉ)

An Clr. Michael Hourigan.
An Clr. Joe Crowley.
An Clr. Richard O'Donoghue.
An Clr. John Gilligan.

- **Polasaí Seasta Chomhairle an Chomhlachais (PSCC))**

An Clr. Michael Hourigan.
An Clr. Joe Crowley.
An Clr. Richard O'Donoghue.

Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir

An Clr. Joe Leddin.
An Clr. Noel Gleeson.
An Clr. John Sheahan.

Iontaobhaithe Mhargadh Luimnigh

An Clr. Kevin Sheahan (Méara Cathrach agus Contae Luimnigh).
An Clr. Michael Sheahan (Méara na Dúiche Chathrach).
An Clr. Joe Leddin.
An Clr. Malachy McCreesh.
An Clr. Séamus Browne.
An Clr. John Loftus.
An Clr. Joe Crowley.
An Clr. Seán Lynch.
An Clr. James Collins.
An Clr. Jerry O'Dea.
An Clr. Kieran O'Hanlon.
An Clr. Shane Clifford.
An Clr. Maria Byrne.
An Clr. William O'Donnell.
An Clr. Gerald Mitchell.
An Clr. Michael Hourigan.
An Clr. Marian Hurley.
An Clr. John Sheahan

Cumann Leabharlainne na hÉireann

An Clr. Kevin Sheahan.

Cuideachta Chomhar-Árachais Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann

An Clr. William O'Donnell.

Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil

An Clr. John Sheahan.

Údarás Rialaithe Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Corcaigh

An Clr. Eddie Ryan.

Údarás Rialaithe Ollscoil Luimnigh

An Clr. Jerry O'Dea.
An Clr. Michael Sheahan (Méara na Dúiche Chathrach).

Iontaobhas Oidhreachta Áth Dara Teoranta

An Clr. Kevin Sheahan (Méara Cathrach agus Contae Luimnigh).

Acmhainní Iarthair Luimnigh Teoranta

An Clr. Michael Collins.
An Clr. Francis Foley.
An Clr. Jerome Scanlan.
An Clr. John Sheahan.

Forbairt Bhealach Abhra Teoranta

An Clr. William O'Donnell
An Clr. Michael Donegan

Comhpháirtíocht PAUL

An Clr. Seán Lynch.
An Clr. Frankie Daly.
An Clr. Daniel Butler.

GPCT (Gréasán Pobalchúraim Tuaithe)

An Clr. Jerome Scanlan.
An Clr. Francis Foley.

Iontaobhas Mhúsaem Hunt

An Clr. Joe Crowley.
An Clr. William O'Donnell.

Cuideachta Mhúsaem Hunt

An Clr. Jerry O'Dea.

Fóram Sláinte Réigiúnach an Iarthair

An Clr. Brigid Teefy.
An Clr. Malachy McCreesh.
An Clr. Michael Hourigan.
An Clr. Jerome Scanlan.
An Clr. Maria Byrne (a tháinig i gcomharbacht ar an Clr. Gerald Mitchell ag Cruinniú na Samhna den Chomhairle ar 24/11/14)
An Clr. Francis Foley.
An Clr. Michael Collins.

Foireann Forfheidhmithe Gníomhaíochta RAPID do Ráth Caola

An Clr. Stephen Keary.

An Comhchoiste Póilíneachta

An Clr. Paul Keller.
An Clr. Joe Leddin.
An Clr. Séighin Ó Ceallaigh.
An Clr. Ciara McMahon
An Clr. Michael Hourigan.
An Clr. Stephen Keary.
An Clr. Liam Galvin.
An Clr. Gerald Mitchell.
An Clr. John Sheahan.
An Clr. Seán Lynch.
An Clr. Kevin Sheahan.
An Clr. Jerry O'Dea.
An Clr. Richard O'Donoghue.
An Clr. Eddie Ryan.
An Clr. Emmett O'Brien.

Bord Gobharnóirí Ospidéal Naomh Eoin

An Clr. Michael Sheahan (Méara Dhúiche Chathrach Luimnigh)
An Clr. Cian Prendiville.
An Clr. Maria Byrne.
An Clr. Gerald Mitchell.
An Clr. Jerry O'Dea.

Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh

An Clr. Seán Lynch.

Iontaobhas Cathartha Luimnigh

An Clr. Marian Hurley.

Bord Stiúrtha Ionad Fiontar Pobail Mhaigh Rois

An Clr. Frankie Daly. (a tháinig i gcomharbacht ar An Clr. Michael Hourigan ag Cruinniú na Comhairle den 22/9/14)

Bord Bainistíochta Chuideachta Forbartha Pobail Mhainchín Teoranta

An Clr. Joe Crowley.

Bord de Luimneach, Cathair an Chultúir 2014

An Clr. Kevin Sheahan, (Méara Cathrach agus Contae Luimnigh).
An Clr. Michael Collins.
An Clr. Michael Sheahan.
An Clr. Marian Hurley.

Bord Mhargaíocht Luimnigh

An Clr. Joe Crowley.
An Clr. Michael Hourigan.
An Clr. Michael Sheahan.
An Clr. Joe Leddin.

Bord Nuáil Luimnigh

An Clr. Shane Clifford.
An Clr. James Collins.
An Clr. Maria Byrne.
An Clr. Séamus Browne.

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

An Clr. Maria Byrne.
An Clr. Elena Secas.
An Clr. Lisa Marie Sheehy.
An Clr. Liam Galvin.
An Clr. Michael Donegan.
An Clr. Richard O'Donoghue,
An Clr. Kieran O'Hanlon.

Coiste Iniúchóireachta

An Clr. James Collins.
An Clr. Shane Clifford.
An Clr. Jerome Scanlan.

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ)

An Clr. Seamus Browne.
An Clr. Eddie Ryan.
An Clr. Jerome Scanlan.
An Clr. Daniel Butler.

Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe

An Clr. Eddie Ryan.
An Clr. Jerome Scanlan.
An Clr. Lisa Marie Sheehy.

Coistí Polasaí Straitéiseach

Coiste Polasaí Straitéiseach Forbartha Baile agus Sóisialta

An Clr. Michael Donegan (Cathaoirleach)
An Clr. William O'Donnell.
An Clr. Liam Galvin.
An Clr. Jerome Scanlan.
An Clr. Stephen Keary.
An Clr. Tom Neville.
An Clr. Maurice Quinlivan.
An Clr. Cian Prendiville.
An Clr. Paul Keller.
An Clr. Joe Leddin.
An Clr. Shane Clifford.
An Clr. Francis Foley.
An Clr. Jerry O'Dea.
An Clr. Richard O'Donoghue.
An Clr. John Gilligan.
An Clr. Lisa Marie Sheehy.

Coiste Polasaí Straitéiseach Taistil agus Iompair

An Clr. Maurice Quinlivan (Cathaoirleach)
An Clr. Frankie Daly.
An Clr. Elena Secas.
An Clr. Maria Byrne.
An Clr. Michael Sheahan.
An Clr. Gerald Mitchell.
An Clr. Tom Neville.
An Clr. Daniel Butler.
An Clr. Séamus Browne.
An Clr. John Loftus.
An Clr. Shane Clifford.
An Clr. Michael Donegan.
An Clr. Seán Lynch.
An Clr. Richard O'Donoghue.
An Clr. Kieran O'Hanlon.
An Clr. Emmett O'Brien.

An Coiste Forbartha Eacnamaíoch, Fiontair & Pleanála Polasaí Straitéiseach

An Clr. Noel Gleeson (Cathaoirleach)
An Clr. Daniel Butler.
An Clr. Maria Byrne.
An Clr. John Sheahan.
An Clr. Liam Galvin.
An Clr. Stephen Keary.
An Clr. Séamus Browne.
Cmhlr. Séighin Ó Ceallaigh.
An Clr. Cian Prendiville.
An Clr. Joe Leddin.
An Clr. James Collins.
An Clr. Jerry O'Dea.
An Clr. Eddie Ryan.
An Clr. Kevin Sheahan.
An Clr. Emmett O'Brien.
An Clr. Michael Collins.

Coiste Polasaí Straitéiseach do Sheirbhísí Pobail, Áineasa agus Éigeandála

An Clr. Francis Foley (Cathaoirleach)
An Clr. Michael Hourigan.
An Clr. Michael Sheahan.
An Clr. Marian Hurley.
An Clr. William O'Donnell.
An Clr. Gerald Mitchell.
An Clr. Lisa Marie Sheehy.
An Clr. Ciara McMahon.
Cmhlr. Séighin Ó Ceallaigh.
An Clr. Malachy McCreesh.
An Clr. John Loftus.
An Clr. Michael Collins.
An Clr. Joe Crowley.
An Clr. Seán Lynch.
An Clr. Kevin Sheahan.
An Clr. Brigid Teefy.

Coiste um Polasaí Straitéiseach don Chomhshaol

An Clr. Michael Hourigan (Cathaoirleach)
An Clr. Frankie Daly.
An Clr. Elena Secas.
An Clr. Jerome Scanlan.
An Clr. Marian Hurley.
An Clr. Malachy McCreesh.
An Clr. Paul Keller.
An Clr. James Collins.
An Clr. Joe Crowley.
An Clr. Noel Gleeson.
An Clr. Kieran O'Hanlon.
An Clr. Eddie Ryan.
An Clr. John Gilligan.
An Clr. Ciara McMahon.
An Clr. John Sheahan.
An Clr. Brigid Teefy.

Toghcheantair



Baill Chomhairle Contae Luimnigh

Ó EANÁIR GO BEALTAINE 2014.

Toghcheantar Átha Dara

An Clr. Rose Brennan, 14, Ascaill na Páirce, Áth Dara, Co. Luimnigh. (FG)
An Clr. Daniel Butler, 106, An Ghráinseach, an Ráithín, Luimneach. (FG) (comhthofa ar an gComhairle le líonadh a dhéanamh ar an bhfolúntas a d'fhág bás a athar An Clr. Richard Butler, RIP)
An Clr. James Collins, Collins Bar, Tuar an Daill, Co. Luimnigh. (FF)
An Clr. Leonard Enright, Baile Uí Anracháin, Tobar Phádraig, Co. Luimnigh. (FF)
An Clr. Patrick C. Fitzgerald, Aithnid, Cromadh, Co. Luimnigh. (GP)
An Clr. Tomás Hannon, 4, Ardán an Droma Mhóir, an Ráithín, Co. Luimnigh. (LO)
An Clr. Leo Walsh, an Ráithín Íochtarach, Baile an Fhaoitigh, Co. Luimnigh. (FG)

Toghcheantar Chaisleán Uí Chonaill

An Clr. John Egan, Abington, Maigh Rua, Co. Luimnigh (FG)
An Clr. Noel Gleeson, Cuileannach, An Cheapaigh Mhóir, Co. Luimnigh (FF)
An Clr. Mary Harty, Corrlis Thiar, an tSeanphailís, Co. Luimnigh (FG)
An Clr. Michael Sheahan, 84 Coill Mhór, Seanbhóthar na Scoile, Móin an Lín, Luimneach. (FG)
An Clr. Mary Jackman, 5 An Baile Nua, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh. (FG)
An Clr. Brigid Teefy, Baile Uí Bhricín, An Ghráinseach, Co. Luimnigh. (GP)
An Clr. Eddie Wade, Cahernorry, Drom Bainne, Co. Luimnigh. (FF)

Toghcheantar Chill Mocheallóg

An Clr. Michael Donegan, 21, Ard an Mhuilinn, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh. (FF)
An Clr. Mike Houlihan, Bresheen, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh. (FG)
An Clr. David Moloney, Sráid an Chaisleáin, Cill Fhíonáin. Co. Luimnigh. (LO)
An Clr. William O'Donnell, An Cascáideach, An Brú, Co. Luimnigh. (FG)
An Clr. Eddie Ryan, An Caisleán Cria, Gallbhaile, Co. Luimnigh. (FF)

Toghcheantar An Chaisleáin Nua

An Clr. Michael Collins, Baile an Bhealaigh, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh. (FF)
An Clr. Francis Foley, Bóthar Chill Airne, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh. (FF)
An Clr. Liam Galvin, An Bealach, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh. (FG)
An Clr. Damien Riedy, An Crián, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh. (FG)
An Clr. Jerome Scanlan, Baile Uí Dhónaill, An Fheothanach, Co. Luimnigh. (FG)

Toghcheantar Ráth Caola

An Clr. Stephen Keary, An Chloch, Cróch, Co. Luimnigh. (FG)
An Clr. David Naughton, Baile Stiabhna, Eas Géitine, Co. Luimnigh. (FG)
An Clr. John Sheahan, Ballyguiltenane, An Gleann, Co. Luimnigh. (FG)
An Clr. Kevin Sheahan, Cluain Riasc, Eas Géitine, Co. Luimnigh. (FF)

Baill na Comhairle agus Cruinnithe

Bhí 28 ball ar an gComhairle – 7 ball i dToghcheantar Áth Dara, 7 ball i dToghcheantar Chaisleán Uí Chonaill, 5 ball i dToghcheantar Chill Mocheallóg, 5 ball i dToghcheantar an Chaisleáin Nua agus 4 ball i dToghcheantar Ráth Caola.

De ghnáth tionóladh Cruinnithe na Comhairle ar an gceathrú Luan de gach mí (ach amháin i mí Lúnasa nuair nach mbíodh chruinniú ann) i Seomra na Comhairle i dTuar an Daill. Tháinig an Chomhairle iomlán le chéile 8 babhta (gan Cruinnithe Coiste a chur san áireamh).

Grúpa Polasaí Corparáideach

Is Coiste den Chomhairle é an Grúpa um Polasaí Corparáideach (GPC) comhdhéanta de Chathaoirleach na Comhairle agus Cathaoirligh gach ceann de na Coistí Straitéiseacha Polasaí. Ba iad seo a leanas an bhallraíocht:-

- An Clr. John Sheahan, Cathaoirleach
- An Comhairleoir Stephen Keary, Cathaoirleach an SPC Pleanála & Forbartha
- An Comhairleoir Leo Walsh, Cathaoirleach an SPC Comhshaoil
- An Comhairleoir Tomás Hannon, Cathaoirleach an SPC Tithíochta
- An Comhairleoir Francis Foley, Cathaoirleach an SPC Forbartha Sóisialta, Cultúrtha agus Pobail
- An Comhairleoir Rose Brennan, Cathaoirleach an SPC Iompair agus Bonneagair.

Nascann an GPC obair na SPCanna éagsúla, ag feidhmiú mar chineál comhaireachta agus déanann soláthar ar fhóram inar féidir seasaimh pholasaí a chomhaontú chun iad a chur go dtí an Chomhairle iomlán a choimeádfaidh an t-údarás um chinneadh a dhéanamh. Déanann an GPC monatóireacht chomh maith ar fheidhmíocht an údaráis áitiúil agus tá ról tábhachtach aige maidir le réiteach an bhuiséid.

Baill Chomhairle Contae Luimnigh

Coiste um Polasaí Straitéiseach

Teideal	Líon na mBall	Líon na gCruinnithe
Tithíocht	18	2
Iompar agus Infreastruchtúr	18	1
Pleanáil agus Forbairt	18	2
Forbairt Shóisialta, Chultúrtha agus Phobail	15	2
Comhshaol	15	3

Coistí na dToghcheantar

Teideal	Líon na mBall	Líon na gCruinnithe
Ceantar Áth Dara	7	4
Ceantar Chaisleán Uí Chonaill	7	4
Ceantar Chill Moicheallóg	5	4
Ceantar An Chaisleáin Nua	5	5
Ceantar Ráth Caola	4	5

Coistí Eile

Teideal	Líon na mBall	Líon na gCruinnithe
An Coiste Uisce Tuaithe	11	1
Coiste Iniúchóireachta	5	2

Mar cheann dá dualgais deireanacha mar Mhéara Luimnigh, bhronn an Clr. Kathleen Leddin a Róba an Mhéara ar Mhúsaem agus Cartlanna Luimnigh in iar-Eaglais na bProinsiasach – mar a mbeidh an Músaem nua.

Tá an Clr. sa phictiúr ag bronnadh Róba an Mhéara ar Choimeádaí Mhúsaem Luimnigh Brian Hodkinson ag Eaglais na bProinsiasach, an láthair nua atá beartaithe do mhúsaem na cathrach.
Déanfaidh Músaem agus Cartlanna Luimnigh Róba an Mhéara a choimeád agus a chur ar taispeáin i measc na nithe is neamhchoitianta a bhaineann le stair na cathrach ar a n-áirítear éide Mhásaire agus Claíomh Cathartha – a cheaptar a bheith ar an gceann is ársa sa tír tar éis don Bhanríon Eilís I é a bhronnadh ar Luimneach.

Toghcheantar Chathair Luimnigh Thuaidh

An Clr. Michael Hourigan,'Carraig Donn', Páirc Revington, An Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach. (FG)
An Clr. Cormac Hurley, 94, Bóthar Sheelin, Páirc Chathair Dháibhín, Luimneach. (FG)
An Clr. Tom Shortt, Walnut House, Cé an Bhrúnaigh, Sparr Thuamhan, Luimneach. (LO)
An Clr. Kevin Kiely, 27 Gairdíní Belfield, Fearann Seoin, Luimneach. (FG)
An Clr. Maurice Quinlivan, 7, Clós Stenson, Luimneach. (SF)
An Clr. Catherine Leddin, 8 Ardán Éidín, An Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach (GP)

Toghcheantar Chathair Luimnigh Thoir

An Clr. John Gilligan, 36, Eastát Uí Laoi, Bóthar an Oileáin, Luimneach. (GP)
An Clr. Kieran O'Hanlon, An Réabhóg, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Luimneach. (FF)
An Clr. Gerry McLoughlin, 5 Ascaill an tSáirséalaigh, Garraí Eoin, Luimneach. (GP)
An Clr. Denis McCarthy, 4, Siúl na hAbhann, An Corrbhaile, Luimneach. (FG)

Toghcheantar Chathair Luimnigh Theas

An Clr. Joe Leddin, 'Hillcrest', Ascaill Summerville, an Cuarbhóthar Theas, Luimneach. (LO)
An Clr. Maria Byrne, Mannixville, Ascaill Uí Chonaill, Luimneach. (FG)
An Clr. Ger Fahy, 19, Asciall Mhic Dhiarmada, Baile Shinéad, Luimneach. (FG)
An Clr. Pat Kennedy, 'Fortview', An Pháirc Ghlas, An Cuarbhórthar Theas, Luimneach. (GP)
An Clr. Orla McLoughlin-McCarthy, 10, Carn na Rí, Bóthar Mhuileann na Fola, Luimneach. (LO)
An Clr. Diarmuid Scully, 19, Páirc Lynwood, Luimneach. FG
An Clr. Jim Long, 43, Gairdíní Bhéal Átha na Cora, Luimneach. FG

Comhairle Cathrach Luimnigh

Ó EANÁIR GO BEALTAINE 2014.

Baill na Comhairle agus Cruinnithe

Bhí 17 Ball ar an gComhairle – 6 ball i dToghcheantar Chathair Luimnigh Thuaidh, 4 Ball i dToghcheantar Chathair Luimnigh Thoir, agus 7 Ball i dToghcheantar Chathair Luimnigh Theas.

De ghnáth reáchtáladh Cruinnithe na Comhairle ar an gceathrú Luan de gach mí (ach amháin i mí Iúil agus Lúnasa nach mbíodh aon chruinniú ann) i Seomra na Comhairle ag Cé na gCeannaithe. Tháinig an Chomhairle iomlán le chéile ar 9 ócáid (gan Cruinnithe Coiste a chur san áireamh) i 2014.

Grúpa Polasaí Corparáideach

Is Coiste den Chomhairle é an Grúpa um Polasaí Corparáideach (GPC) comhdhéanta den Mhéara agus cúigear Chathaoirleach na gCoistí Polasaí Straitéiseach. Ba iad seo a leanas an bhallraíocht:-

- An Clr. Kathleen Leddin, Méara;
- An Clr. Ger Fahy, Cathaoirleach, an Coiste Polasaí Straitéiseach Iompair agus Infreastruchtúir;
- An Clr. Diarmuid Scully, Cathaoirleach, an Coiste Forbartha Beartais Eacnamaíoch agus Pleanála don Todhchaí;
- An Clr. Michael Hourigan, Cathaoirleach, an Coiste Polasaí Straitéiseach um Chultúr agus Spórt;
- An Clr. Tom Shortt, Cathaoirleach, an Coiste Polasaí Straitéiseach um Polasaí Sóisialta agus Tithíocht;
- An Clr. John Gilligan, Cathaoirleach, an Coiste Polasaí Straitéiseach Comhshaoil;

Nascann an GPC obair na gCPS éagsúla, ag feidhmiú mar chineál comhaireachta agus déanann soláthar ar fhóram inar féidir seasaimh pholasaí a chomhaontú chun iad a chur go dtí an Chomhairle iomlán a choimeádfaidh an t-údarás um chinneadh a dhéanamh. Déanann an GPC monatóireacht chomh maith ar fheidhmíocht an údaráis áitiúil agus tá ról tábhachtach aige maidir le réiteach an bhuiséid. Tháinig an GPC le chéile ar 4 ócáid i 2014.

Líon na gcruinnithe a tionóladh

Cruinnithe Míosúla/Bliantúla den Chomhairle	5
Cruinnithe Speisialta	2
Cruinnithe Phrótacail	2
Cruinnithe CSP Iompair & Infreastruchtúir	1
Cruinnithe CSP Polasaí Sóisialta & Tithíochta	2
Cruinnithe CSP Cultúir & Spóirt	3
Cruinnithe na Rannóige um Polasaí Eacnamaíoch & Pleanáil don Todhchaí	0
Cruinnithe CSP Comhshaoil	2
Cruinnithe Ceantair	2

Imeachtaí & Buaicphointí 2014

An tUachtarán Michael D. Higgins
Saoirse na Cathrach

An tUachtarán Michael D. Higgins ag fáil Saoirse Luimnigh ag Margadh an Bhainne ón gClr. Kevin Sheahan Méara Chathair agus Chontae Luimnigh in éineacht le Mrs Higgins.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag ceiliúradh bhua na Comhairle mar Údarás Áitiúil na bliana

1

2

1 Ian Talbot, Príomhfheidhmeannach, Comhlachas Tráchtála na hÉireann, Conn Murray, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, Elaine Brick, AECOM, Alan Kelly, T.D., an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

2 Conn Murray, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leis an Méara, Cllr Kevin Sheahan agus foireann ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag ceiliúradh bhua na Comhairle mar Údarás Áitiúil na bliana ag Dámhachtainí Feabhais Chomhlachas Tráchtála na hÉireann.

Paráid Bhanna Luimnigh
Lá Fhéile Pádraig

Paráid Bhanna Luimnigh; Lá Fhéile Pádraig

Ag Ceiliúradh na hAfraice

1 Siompóisiam ar Chomhpháirtithe maidir le Fás idir Éire agus an Afraic i Músaem Hunt

2 & 3 Fuaimeanna na hAfraice; Ceolchoirm in Ardeaglais Mhuire

Cuairteoirí chuig Halla na Cathrach

1 Cuireann Méara Cathrach agus Contae Luimnigh An Clr. Kevin Sheahan fáilte roimh an iar-spásaire Alfred 'Al' Worden

2 An Clr. John Sheahan, Cathaoirleach ar Chomhairle Contae Luimnigh agus an Méara Kathleen Leddin le Paul McEachern, Céad-Rúnaí agus Ceannasaí Misin, Ambasáid na hAstráile in Éirinn, Halla, Cathrach Luimnigh

3 Bhronn an Méara Kathleen Lása Luimnigh ar Bill Linehan, Uachtarán Chomhairle Cathrach Boston. Conn Murray, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le Bill Higgins, Ciste Leanaí an Chnoic Theas

4 Méara Kansas ag Halla Cathrach Luimnigh

5 Déanann Luimneach Comhaontú Cúplála le New Brunswick, New Jersey, SAM

Fáiltithe Cathartha

Tugadh Fáiltiú Cathrach dóibh seo a leanas:

1 Thomas Goulding, NCW
2 Ian O'Sullivan, Ráth Caola
3 Adrian Kearns
4 Eoghan Clifford
5 Foireann agus Bainistíocht Iomána Mionúr Luimnigh

1 Foireann Camógaíochta Mionúr Luimnigh tar éis dóibh an bua a fháil i gCraobhchomórtas Mionúr na hÉireann sa Chamógaíocht 2014.

2 Foireann Peile na mBan F14 LGFA Chontae Luimnigh tar éis dóibh an bua a fháil i gCraobhchomórtas na Mumahn i bPeil na mBan F14, Craobh na hÉireann i bPeil na mBan.

3. Foireann Camógaíochta Idirmheánach Luimnigh tar éis dóibh an bua a fháil i gCraobhchomórtas Idirmheánach na hÉireann sa Chamógaíocht 2014.

4. Foireann Camógaíochta Sóisir Luimnigh tar éis dóibh an bua a fháil i gCraobhchomórtas Sóisir na hÉireann sa Chamógaíocht 2014.

Martin O'Neill ag Seomra na Comhairle, Tuar an Daill

Martin O'Neill ag Seomra na Comhairle, Tuar an Daill

Léirítear thuas Bainisteoir Fhoireann Sacair na hÉireann, Martin O'Neill ag labhairt ag preasagallamh i Seomra na Comhairle, Tuar an Daill mar ar fhógair sé a chéad fhoireann d'imreoirí na hÉireann Sa phictiúr freisin tá ó chlé: an Méara Kathleen Leddin, An Clr John Sheahan, Cathaoirleach ar Chomhairle Contae Luimnigh, Peter Sherard, Stiúrthóir Cumarsáide FAI, agus Conn Murray, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

1 D'fhill an curadh domhanda dornálaíochta meánmheáchain Andy Lee ar fháilte laochúil ag Cé na gCeannaithe, mar ar chuir an Méara An Clr. Kevin Sheahan Fáiltiú Cathartha ar siúl in onóir an dornálaí.

2 An tEalaíontóir Clare Hartigan ag bronnadh phictiúir ar an Méara An Clr. Kevin Sheahan.

Cruinniú Tionscnaimh Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh

1-6 Cruinniú Tionscnaimh Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh in Ollscoil Luimnigh.

Cruinniú Deireanach Chomhairle Cathrach Luimnigh

1-2 An Cruinniú deireanach ag Comhairle Cathrach Luimnigh i ndiaidh 817 bliain.

Cruinniú Deireanach Chomhairle Contae Luimnigh

1-2 An Cruinniú deireanach ag Comhairle Contae Luimnigh i ndiaidh 115 bliain.

Bál an Mhéara

1 Mike Fitzpatrick, Stiúrthóir ar Bhord Luimneach, Cathair an Chultúir, Méara Luimnigh, An Clr. Kathleen Leddin agus Sheila Deegan, Luimneach, Cathair an Chultúir agus Oifigeach Ealaíona Chathair Luimnigh ag Bál an Mhéara sa Strand Hotel.

2-3 Aíonna ag Bál an Mhéara sa Strand Hotel

4 Aoi onóra George Hook, 817 aagus an Méara deireanach ar Luimneach, An Clr. Kathleen Leddin agus an Príomhfheidhmeannach Conn Murray ag Bál an Mhéara sa Strand Hotel, Luimneach.

Seoladh Oifige Fiontair Áitiúil

1 Ag seoladh uirlise Cuardaigh ar Líne FBM d'os cionn 80 tacaíocht Rialtais do FBM ar luach os cionn €2bn ag Cé na gCeannaithe tá Seán Kelly MEP, Michael Noonan T.D. An tAire Airgeadais, Peter Doyle MD ar Key Ingredients & Pamela Malone ón Roinn Airgeadais. Tá an uirlis cuardaigh ar líne ar fáil ag www.localenterprise.ie/smeonlinetool/businessdetails.aspx

2 D'fhógair an tAire Airgeadais, Michael Noonan TD, réimse nua seirbhísí do ghnóthais bheaga agus do ghnólachtaí nuathionscanta inniu, agus rinne sé iad a sheoladh go hoifigiúil ag Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Luimnigh i Halla na Cathrach, agus é sa phictiúr anseo le Conn Murray, Príomhfheidhmeannach ar Chomhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh, an Clr. Joe Leddin, Leasmhéara, Cathaoirleach Chontae Luimnigh, an Clr. John Sheahan agus Eamonn Ryan, i gCeannas ar Fhiontraíocht Áitiúil.

Luimneach faoi Bhláth

Don dara bliain as a chéile, ainmníodh an sráidbhaile in Iarthar Luimnigh, Áth an tSléibhe, mar bhuaiteoir foriomlán ar an gcomórtas Luimneach faoi Bhláth. Tugadh onóir do 44 grúpa eile ar fud Chontae Luimnigh as ucht a rannpháirtíochta sa chomórtas bliantúil, ar í seo an seachtú bliain déag aige, ag searmanas bronnta a tionóladh sa Woodlands House Hotel in Áth Dara, Co. Luimnigh.

1 Ionadaithe Ard Pádraig, ó chlé go deas, Pat Casey, Dave Meskill, Ann McGrath agus Peggy Lee, leis an 1ú áit á bhronnadh orthu sa chatagóir daonra 0-300 ag Méara Chathair & Chontae Luimnigh, an Clr. Kevin Sheahan, agus Gerry Boland ó Fhondúireacht Charthanachta JP McManus.

2 Ó chlé go deas, Tim Ryan, Gallbhaile, Pat Casey, Ard Pádraig, Maire McCarthy, Fíonach, Mary Lee Geary, Béal an Átha, Dolly O'Neill, Áth Dara, agus PJ Russell, Cill Mocheallóg, in éineacht le Méara Chathair agus Chontae Luimnigh An Clr. Kevin Sheahan, ar clé, agus Gerry Boland ó Fhondúireacht Charthanachta JP McManus.

3 Ó chlé go deas, tá bainisteoir iomána Luimnigh TJ Ryan, Méara Chathair & Chontae Luimnigh, An Clr. Kevin Sheahan, Gerry Boland ó Fhondúireacht Charthanachta JP McManus, Noel Earlie Chiste Carthanachta JP McManus, agus Christy O'Connor, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

4 Sa phictiúr tá Christy O'Connor, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Pearsa na Bliana Luimnigh

1 Rinne Anna Potter an lasair a iompar do Chluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann

2 Glacann na lúthchleasaithe sos atá tuillte go maith acu ag Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann a tionóladh i Luimneach 12-14 Meitheamh 2014

3 Cuid de na lúthchleasaithe cumasacha ag iomaíocht ag Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann i Luimneach 12-15 Meitheamh 2014.

Pat Dowling

Stiúrthóir Seirbhísí,
Seirbhísí Corparáideacha,
Bainistíocht Athruithe
agus Acmhainní Daonna

Seirbhísí Corparáideacha Bainistíocht Athruithe agus Acmhainní Daonna

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA AGUS BAINISTÍOCHT ATHRUITHE

Bainistíocht Athruithe	46
Seirbhísí do Chustaiméirí	49
Saoráil Faisnéise	50
Oifig an Ombudsman	50
Clár na dToghthóirí	50
Deontais Ardoideachais	52
Sláinte agus Sábháilteacht	52
Socruithe Nasctha	52
Oifig Soláthair	54
Foireann Cumarsáide Corparáideach	54
Anailís ar Fhuinneamh - 2014	55
Searmanas Cuimhneacháin Náisiúnta	56

ACMHAINNÍ DAONNA

Plean don Fhórsa Oibre	58
Bainistíocht Athruithe	58
Earcaíocht agus Líon na Foirne	58
Gníomhachtú Fostaíochta	58
Párolla	58
Bainistíocht Feidhmíochta	58
Oiliúint agus Forbairt Foirne	58
Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna (CORE)	59
Pinsin	59
Céimeanna maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil	59
Táscairí Seirbhíse	59

Seirbhísí Corparáideacha agus Bainistíocht Athruithe

Clúdaíonn an Roinn um Sheirbhísí Corparáideacha agus Bainistíochta Athruithe réimse leathan de sheirbhísí chomh maith le Seirbhísí Tacaíochta Bainistíochta a sholáthar. Déileálann an Roinn le réimsí mar Bhainistíocht Saoráide, Deontais Ardoideachais, Clár na dToghthóirí, Saoráil Faisnéise, Seirbhísí do Chustaiméirí, Ceannach, Sláinte agus Sábháilteacht agus raon fairsing de sheirbhísí teagmhasacha a bhaineann le gnó na Comhairle. Déileálann an Roinn freisin le ceisteanna a bhaineann leis an Údarás Singil nua.

Bainistíocht Athruithe

Údarás Áitiúil Nua a Chruthú

Bunaíodh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go foirmeálta ar an 1ú Meitheamh, 2014 faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Roimh an gcumasc oifigiúil, tugadh foireann, próisis agus teicneolaíocht thar na 500 seirbhís a sholáthraíonn an tÚdarás Áitiúil le chéile.

Thug Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí ag an Rialtas imlíne ar na príomh-thiomantais agus gníomhaíochtaí maidir le hathrú sa ar fud na seirbhíse poiblí faoi chúig théama lárnach:

- An custaiméir bheith lárnach do gach ní a dhéanaimid;
- Uasmhéadú a dhéanamh ar chainéil soláthair seirbhíse nua agus nuálach;
- Laghdú suntasach a dhéanamh ar ár gcostais le luach níos fearr ar airgead a fháil;
- Ceannaireacht a thabhairt, eagrú agus oibriú ar bhealaí nua;
- Fócas láidir ar fhorfheidhmiú agus ar sholáthar.

Bhí an Fhoireann Bainistíochta Athruithe ag obair leis an bhFoireann Bainistíochta, leis an bhFoireann agus na Comhairleoirí le samhail nua oibriúcháin a chruthú don Chomhairle nua.

Déanfaidh ár struchtúr:

- A chur ar chumas ár bhfoireann cinntí a bhíonn éifeachtach agus comhionann a dhéanamh agus iad ar an eolas
- Iarracht a dhéanamh ar phróisis agus nósanna imeachta a shimpliú i dteo is gur féidir linn feidhmiú ar bhonn go bhfreagraíonn glaoch amháin ar chách agus gur féidir leo siúd a bhaineann leas as ár seirbhísí déileáil le ball amháin den fhoireann. Mar sin féin, éilíonn seirbhísí áirithe il-rannpháirtíocht agus níos mó ama le réiteach a fháil

- A bheith rannpháirteach lenár gcomhpháirtithe forbartha áitiúil agus sóisialta le bheith rannpháirteach go gníomhach tríd ár Líonra Rannpháirtíochta Pobail, ár gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil agus ár gCoistí um Beartais Straitéiseacha

Ciallaíonn sin:

- Faoi cheannaireacht ár mBall Tofa déanfaimid athrú ar ár n-eagraíocht le freastal ar riachtanais Luimnigh sna blianta atá le teacht.
- Beidh ár bhfoireann lárnach maidir le freastal a dhéanamh ar ár dtiomantais sa phlean seo agus déanfaimid an fhorbairt ghairmiúil riachtanach a sholáthar dóibh.
- Beidh ár seirbhísí ailínithe le dúshláin gheilleagracha, sóisialta agus fisiciúla Luimnigh agus an Iarthair Láir.
- Tá sé mar aidhm againn roimh dheireadh 2016 athcheapadh a dhéanamh ar ár seirbhísí custaiméara, ár n-oibríochtaí seirbhíse, ár n-aonad airgeadais agus teicneolaíochta agus ár seirbhís corparáideach agus ár n-aonad acmhainní daonna a bheith i riocht le seirbhísí intomhaiste, am-bhunaithe a sholáthar a léiríonn luach ar airgead agus ardcháilíocht.
- Táimid tiomanta tuairisciú ar agus soláthar a dhéanamh ar réimse leathan seirbhísí faoi threoir ár gComhairleoirí Cathrach agus Uirbeach.

Is comhairle nua í Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, ag cur seirbhísí custaiméara i gcroílár gach a mbíonn ar siúl againn. Tá uasmhéadú á dhéanamh againn ar bhealaí soláthair seirbhíse d'fhonn seirbhísí ábhartha a sholáthar do mhuintir Luimnigh ar an mbealach is fearr, le luach níos fearr á fháil ar airgead. Is í an tástáil deiridh ar éifeachtúlacht na comhairle nua ná caighdeán na dtorthaí a bhaintear amach, maidir leis an saoránach agus seirbhís, go díreach nó go hindíreach. Agus luach ar airgead á lorg ag an gcomhairle cuirfidh sí spriocanna sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil san áireamh.

Seirbhísí Corparáideacha agus Bainistíocht Athruithe

Déanfaidh an Chomhairle nua:

1. A bheith mar eagraíocht lúfar le torthaí á tiomáint trí pholasaithe, próisis agus córais.

2. A bheith nuálach agus glacadh le bealaí nua oibre ar a n-áirítear méadú ar Sheirbhísí Custaiméara le rochtain ar sheirbhísí na Comhairle a bheith níos éasca agus níos éifeachtaí ó thaobh costais agus seirbhís agus taithí ar ardcháilíocht á sholáthar don chustaiméir.

3. Trí eolas a sholáthraíonn Córas Bainistíochta don Chaidreamh le Custaiméirí nua, is féidir sonraí agus aiseolas ó úsáideoirí a úsáid le polasaí agus dearadh seirbhíse a mhúnlú.

4. Comhdhlúthú a dhéanamh ar ár nOibríochtaí Seirbhíse le díriú ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr le béim ar leith ar ár seirbhísí cothabhála ar a n-áirítear tithíocht agus bóithre.

5. Méadú a dhéanamh ar úsáid na teicneolaíochta le seirbhísí na Comhairle a sholáthar agus comhordú níos fearr a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse digiteach le comhpháirtithe le cur ar chumas agus spreagadh a thabhairt do níos mó teaghlaigh dul ar líne.

6. Cur i bhfeidhm agus foilsiú a dhéanamh ar thomhas oiriúnach feidhmíochta le spriocanna a bhíonn ábhartha don phobal.

7. Forfheidhmiú a dhéanamh ar chlár comhtháite forbartha bunaithe ar ghairmréim d'ár bhfoireann lena chinntiú go mbíonn na scileanna iomchuí agus acmhainn acu le freastal ar na dúshláin a éireoidh le linn saolré an Phlean seo.

Is clár gníomhaíochta é 'Putting People First' do rialtas áitiúil éifeachtach 2012 ina dtugtar imlíne ar pholasaí an rialtais maidir le hathchóiriú agus forbairt ar fud an chórais rialtais áitiúil. Cuireann an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 taca leis an gclár gníomhaíochta seo. Sa chlár seo 'feictear rialtas áitiúil ag tabhairt ceannaireachta d'fhorbairt gheilleagrach, sóisialta agus pobail, chomh maith le seirbhísí a sholáthar go héifeachtach a bhfuil luach maith orthu'. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh nua tar éis 'Putting People First' a chur i gcroílár dheartha na Comhairle nua a leagann síos riachtanas soiléir maidir le:

- Treoir a thabhairt d'fhorbairt gheilleagrach, sóisialta agus pobail
- Seirbhísí éifeachtacha agus ar dhea-luach a sholáthar, agus
- Ionadaíocht a thabhairt do shaoránaigh agus do phobail áitiúla go héifeachtach agus go freagrach.

Seirbhísí Corparáideacha agus Bainistíocht Athruithe

Dámhachtainí

Bhain Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an duais fhoriomlán amach mar 'Údarás Áitiúil na bliana' ag Dámhachtainí um Fheabhas i Rialtas Áitiúil Chomhlachas Tráchtála na hÉireann i mí na Samhna. Ina theannta sin, fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Duais Nuálaíochta maidir le 'múnla nua rialachais phoiblí lúfar a chruthú trí chumasc Chomhairle Cathrach Luimnigh le Comhairle Contae Luimnigh'. Fuair Taisteal Níos Cliste Luimnigh an bua sa chatagóir Taistil Níos Cliste as ucht a gcuid oibre maidir le modhanna taistil inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun cinn dóigh siúd atá ag cónaí, ag obair agus ag staidéar i gceithre mhol Chathair Luimnigh agus a bruachbhailte. Bhí Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar ghearrliosta freisin do dhá dhuais eile: Scéim Athchóirithe Chéanna na Cathrach agus Scéim Dreasachta Gnó agus Miondíola Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Mar eagraíocht ar ann di níos lú ná 6 mhí ag an staid sin, ba mhór an éacht é sin agus é mar fhianaise ar thiomantas na foirne glacadh leis an athrú. Tugann Comhlachas Tráchtála na hÉireann ionadaíocht don phobal gnó agus tionóltar Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil Chomhlachas Tráchtála na hÉireann go bliantúil i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Miriam O'Donoghue agus Pat O'Neill, Taisteal Níos Cliste Luimnigh, Conn Murray, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, an Cllr Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh agus Carmel Kirby, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag ceiliúradh bhua na Comhairle mar Údarás Áitiúil na Bliana ag Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil Chomhlachas Tráchtála na hÉireann.

Seirbhísí Corparáideacha agus Bainistíocht Athruithe

Seirbhísí do Chustaiméirí

Bunaíodh ár Rannóg Seirbhísí do Chustaiméirí ar dtús le tacú leis an aistriú ar Stiúrthóireachtaí idir láithreacha le leanúnachas seirbhíse dár gcustaiméirí agus dár n-ionadaithe tofa á chinntiú dá réir.

Tá Seirbhísí do Chustaiméirí ag teacht chun anois agus i nDeireadh Fómhair 2014, chuaigh gach seirbhís duine le duine Comhshaoil beo i Seirbhísí do Chustaiméirí. Ciallaíonn sin go ndéantar déileáil le gach iarratas maidir le seirbhís Chomhshaoil a fhaightear ag an gcuntar, trí r-phost, fón nó twitter i dTuar an Daill, Cé na gCeannaithe, Cill Mocheallóg, An Caisleán Nua agus Ráth Caola ag teacht le 'réiteach an chéad phointe teagmhála' nuair is féidir é. Déanfaidh Seirbhísí do Chustaiméirí iarracht ar fhiosrúcháin a fhreagairt agus gan an custaiméir a aistriú chuig áit eile go ndéanfar déileáil leis/léi. Tá Seirbhísí do Chustaiméirí agus Comhshaoil tar éis comhaontú leibhéil oibríochtúil a shíniú a thugann imlíne ar fhreagrachtaí gach réimse a bhaineann le soláthar na Seirbhíse. Tá córas cuimsitheach TF ag tacú le Sierbhísí do Chustaiméirí ar a dtugtar Sugar CRM (Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí) agus cuirfear an córas seo i bhfeidhm ar fud na heagraíochta i 2015.

Is í aidhm fhoriomlán Sheirbhísí do Chustaiméirí feabhas agus simpliú a dhéanamh ar rochtain an phobail ar sheirbhísí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh thar iliomad láithreacha. Dá bhrí sin, déanfar tuilleadh comhtháthú ar gach seirbhís duine le duine na Comhairle i Seirbhísí do Chustaiméirí d'fhonn taithí níos éifeachtaí agus níos fearr a sholáthar do chustaiméirí.

Foireann Sheirbhísí do Chustaiméirí i dTuar an Daill ag glacadh leis an gcéad Glaoch Teileafóin Comhshaoil i Samhain 2014.

Síniú Chomhaontú Leibhéil Oibríochtúil idir Comhshaol agus Seirbhísí do Chustaiméirí.

Sraith tosaigh C-D:
Christy O'Connor, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Comhshaoil, Triona Daly, Comhordaitheoir ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.

Sraith chúil C-D:
Linda Reidy agus Antoinette Holland, Seirbhísí do Chustaiméirí.

Seirbhísí Corparáideacha agus Bainistíocht Athruithe

Saoráil Faisnéise

I 2014 déanadh 81 iarratas faoi na hAchtanna um Saoráil Faisnéise 1997/2003/2014 chuig Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh.

Torthaí ar Iarratais

Tugtha	20
Páirt–thugtha	41
Diúltaithe	7
Aistharraingthe	3
Cásanna Beo ar an 31ú Nollaig 2014	10

An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014
Déanadh an tAcht um Shaoráil Faisnéise a shíniú sa dlí ar an 14ú Deireadh Fómhair 2014. Ba í aidhm na reachtaíochta nua ná comhdhlúthú agus nuashonrú a dhéanamh ar an reachtaíocht SF agus athsholáthar a dhéanamh ar na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997-2003. Is é polasaí Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh rochtain a thabhairt don phobal ar fhaisnéis atá á choimeád ag an Údarás de réir fhorálacha an Achta. Tá a thuilleadh faisnéise agus foirmeacha iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag www.limerick.ie

Oifig an Ombudsman
Bunaíodh an oifig seo faoi Acht an Ombudsman, 1980. Is é an ról atá aige ná fiosrú a dhéanamh ar ghearáin maidir le gníomhaíochtaí riaracháin, moill nó easpa gníomhaíochta a mbeadh drochthionchar aige ar dhaoine nó ar chomhlachtaí agus iad ag déileáil le comhlachtaí stáit ar a n-áirítear Údaráis Áitiúla. I 2014, rinne Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh déileáil le 29 gearán a déanadh leis an Ombudsman maidir le cinntí/gníomhaíochtaí na Comhairle

Clár na dToghthóirí

Nuashonraítear agus táirgítear Clár na dToghthóirí in aghaidh na bliana agus bíonn sé comhdhéanta de liosta de na daoine ar fad os cionn 18 mbliana d'aois atá ina gcónaí sa Chathair agus sa Chontae atá i dteideal vótála i dToghcháin don Dáil, don Chomhthionól Eorpach, don Uachtaránacht, i dToghcháin Áitiúla agus i Reifrinn. Is é an 1ú Feabhra dáta foilsithe Chlár na dToghthóirí agus bíonn feidhm leis an gClár ón 15ú Feabhra gach bliain.

Tá 3 Dáilcheantar i Luimneach. Is iad seo a leanas na dáilcheantair agus líon na Suíochán Dála iontu ar leith:-

Cathair Luimnigh	4 Shuíochán
Luimneach	3 Shuíochán
Ciarraí Thuaidh/Luimneach Thiar	3 Shuíochán

Bhí 133,476 Toghthóir Uachtaránachta agus138,702 Toghthóir Rialtais Áitiúil ar Bheochlár 2014/2015 a foilsíodh ar an 1ú Feabhra 2014 agus tá miondealú mar seo a leanas ar na Toghthóirí Rialtais Áitiúil idir na 6 Toghcheantar Áitiúil:-

Áth Dara-Ráth Caola	22,572
An Cheapaigh Mhóir - Cill Mocheallóg	27,096
Cathair Luimnigh Thoir	27,345
Cathair Luimnigh Thuaidh	20,662
Cathair Luimnigh Thiar	19,739
An Caisleán Nua	21,288

Foilsíodh Forlíonadh ar Chlár na dToghthóirí 2014/2015 do na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha, a tionóladh ar an Aoine 23ú Bealtaine 2014 le 2,595 Toghthóir ar fad.

Tig le baill den phobal seiceáil féachaint an bhfuil siad cláraithe i gceart ar Chlár na dToghthóirí ar www.limerick.ie. Má bhíonn na sonraí mícheart nó mura mbíonn tú cláraithe, is féidir le baill den phobal foirm iarratais a lorg ar corporate@limerick.ie

Seirbhísí Corparáideacha agus Bainistíocht Athruithe

1 Ionad Comhairimh Luimnigh ag Ollscoil Luimnigh.

2 Chris O'Brien agus Peter Fiztgerald, sa phictiúr ag Ionad Comhairimh Luimnigh ag Ollscoil Luimnigh.

3 Anne Linnane agus Maurice Fitzgerald, sa phictiúr ag Ionad Comhairimh Luimnigh ag Ollscoil Luimnigh.

Seirbhísí Corparáideacha agus Bainistíocht Athruithe

Deontais Ardoideachais

Rinne Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh riaradh ar an Scéim Deontais um Ardoideachas d'Athnuachan don bhliain acadúil i 2013/2014 amháin. Déanadh gach iarratas nua ar Dheontas Ardoideachais agus iarratais do mhic léinn a d'athraigh a gcúrsa a phróiseáil trí údarás amháin ddámhachtana a cheapadh is é sin Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI).

Rinne Comhairle Cathrach Luimnigh próiseáil ar os coinn 353 iarratas. Tháing an caiteachas iomlán go dtí breis is €3.2m m agus cuimsíonn seo €294,904 a íocadh mar Dheontas ar Ráta Speisialta Cothabhála. Dáileadh Deontais Ráta Speisialta Cothabhála ar 120 mac léinn in 2013/2014.

Sláinte agus Sábháilteacht

Áirítear ar na Príomhghníomhaíochtaí i 2014:

- Caighdeánú ar chórais bhainistíochta sábháilteachta ar fud Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le dea-rialachas a léiriú maidir le sábháilteacht agus sláinte.
- Forfheidhmiú ar chigireacht chláraithe sábháilteachta.
- Bainistíocht ar thuairisciú agus fiosrú timpiste.
- Athbhreithniú bliantúil ar mheasúnú riosca, buan-nósann oibre agus ráitis sábháilteachta.
- Athbhreithniú agus comhtháthú ar Pholasaithe Náisiúnta Sláinte agus Sábháilteachta.
- Aithint agus críochnú oiliúna sláinte agus sábháilteachta.
- Rannpháirtíocht ag fóraim réigiúnacha agus náisiúnta lena chinntiú go gcuirtear leasa Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun cinn.

Socruithe Nasctha

Caidreamh Cathrach le Spokane i Stát Washington
Tosaíodh ar an gCaidreamh Cathrach idir Luimneach agus Spokane go hoifigiúil ar an 4ú Márta, 1990 nuair a shínigh Méara Spokane agus Méara Luimnigh comhaontú ag nascadh an dá chathair. Ar chuspóirí an Chomhchaidrimh Cathrach seo tá cairdeas agus comhthuiscint a chothú agus a spreagadh idir an dá chathair agus imeachtaí a bhaineann le Cultúr na hÉireann a thabhairt go Spokane. Thug an Clr. Kathleen Leddin agus Oifigeach ón gComhairle cuairt ar Spokane i mBealtaine 2014. Cé go raibh roinnt cruinnithe le Baill Bhord Spokane Luimnigh agus go ndearna Méara Spokane óstáil ar Fháiltiú in onóir chuairte an Méara Leddin. Thug an Méara Leddin cuairt freisin ar an gCathair Ghaolmhar Gairdín 'Connections' agus thug aitheasc ag cruinniú de Chomhairle Cathrach Spokane.

Meabhrán Tuisceana le Santa Clara, California
Shínigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Meabhrán Tuisceana le Santa Clara, California le Comhchaidreamh Chathair Ghaolmhar a chruthú le hiarracht ar naisc eacnamaíochta agus sibhialta a neartú idir an dá chathair. An Méara, an Clr. Kevin Sheahan ag Comhdháil Idirnáisiúnta na gCathracha Gaolmhara i San Jose, California in éineacht le Méara Santa Clara, Jamie Matthews, le Comhaontú a shíniú dírithe ar mhéadú a dhéanamh ar fhorbairt gheilleagrach, malartú cultúrtha, deiseanna oideachais agus malartú teicniúil idir an dá chathair. Méadóidh gaolmhaireacht bhuan a bhunú feasacht ar Luimneach agus Santa Clara araon mar ionaid oideachais, nuálachta agus forbartha gnó. Is í cathair Luimnigh an chéad Chathair Ghaolmhar do Santa Clara le breis agus 30 bliain. Bhain scoileanna as Santa Clara taitneamh as malartú le Scoil an tSlánaitheora agus Scoil na Sailéiseach i Luimneach agus ghlac bannaí ón gcathair i gCalifornia páirt i gComórtas Idirnáisiúnta na mBannaí i Luimneach. Tharla malartú freisin idir Rotary Clubs Éireannacha agus SAM bunaithe sna dúichí sin. Tá Luimneach tar éis nascadh anois le Coimbra, sa Phortaingéil agus le Izumo, sa tSeapáin mar cheann de Chathracha Gaolmhara Santa Clara.

Seirbhísí Corparáideacha agus Bainistíocht Athruithe

Déanann an Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh Comhaontú Cúplála le New Brunswick, New Jersey, SAM a shíniú.

Seirbhísí Corparáideacha – Nascadh 2014

Thug toscaireacht ó Hohenlohekreis cuairt ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go luath in Aibreán 2014. Le linn a gcuairte thug siad turas ar Áth Dara ar a n-áirítear an tIonad Oidhreachta, Adare Manor agus Mainistir na dTríonóideach. Thug siad cuairt freisin ar Mhúsaem na mBád Aeir i bhFaing. Thug an toscaireacht turas ar Chaisleán Rí John agus tugadh turas faoi threoir dóibh ar Ollscoil Luimnigh mar a raibh lón acu i dTeach Plassey.

Thug toscaireacht ó New Brunswick, New Jersey cuairt ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i mí na Samhna 2014. Shínigh Méara New Brunswick agus Méara Chathair agus Chontae Luimnigh fógra nasctha nó “cathracha gaolmhara". Le linn a gcuairte, thug an toscaireacht turas ar Loch Goir, Áth Dara, agus Caisleán Rí John. Bhuail baill áirithe den toscaireacht leis an gComhlachas Tráchtála. Thug siad cuairt freisin ar Vistakon a bhfuil a cheanncheathrú suite i New Brunswick, New Jersey.

Thug toscaireacht ar a raibh an Méara Mark Holland ó Kansas City, Wyandotte County cuairt ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i mBealtaine 2014. Le linn a gcuairte bhuail an toscaireacht leis an Mol Nuálaíochta agus le Margaíocht Luimnigh. Thug an toscaireacht turas ar Chaisleán Rí John. Thug siad cuairt ar Ardeaglais Mhuire agus ar Mhúsaem Hunt.

Seirbhísí Corparáideacha agus Bainistíocht Athruithe

Oifig Soláthair

Ar ról an Oifigigh Soláthair tá soláthar Chorparáideach a dhéanamh, treoir agus tacaíocht a thabhairt maidir le soláthar, cabhrú le doiciméid thairisceana a úllmhú agus forbairt a dhéanamh ar dhoiciméadacht agus teimpleáid chaighdeánacha le húsáid sa phróiseas soláthair.

I rith 2014 baineadh an méid seo a leanas amach:

- Tugadh doiciméad Gnáthaimh agus Tairsigh Soláthair isteach agus tacaíocht aige ó réimse leathan teimpléad agus faisnéise.
- Fuair 20 ball foirne oiliúint inmheánach ar Rialacha Soláthair Phoiblí Náisiúnta agus Eorpacha.
- Tosaíodh ar fhrámaíochtaí náisiúnta mar Bhreosla i dToirt, Gás agus PPE a úsáid.
- Cuireadh tairiscint ar Sheirbhísí Dlí ar siúl agus mar thoradh ar sin cuireadh cuibhearnas le chéile le seirbhísí dlí a sholáthar

Foireann Cumarsáide Corparáideach

- Bunaíodh an Fhoireann Cumarsáide Corparáideach i 2014 agus tá sé bunaithe i gCé na gCeannaithe.
- Ar na freagrachtaí atá uirthi áirítear déileáil le ceisteanna laethúla ó na meáin áitiúla agus náisiúnta, an irisleabhar foirne 'Council Connect' a fhoilsiú, maoirseacht a dhéanamh ar Limerick.ie, treoir oifigiúil do shuíomh gréasáil Luimnigh agus na Comhairle, na meáin shóisialta agus gach cumarsáid corparáideach thar ceann an Údaráis Áitiúil.
- I 2014 d'eisigh an Fhoireann Cumarsáide Corparáideach preaseisiúintí, foláirimh nuachta, d'fhreagair siad ceisteanna ó na meáin áitiúla agus náisiúnta agus rinne siad déileáil le ceisteanna a cuireadh ar chuntas oifigiúil twitter na Comhairle. Cuireadh trí irisleabhar foirne ar fáil agus déanadh iad a leithdháileadh ar fhoireann uile na Comhairle.
- Tá forbairt déanta ar chuntais na meán sóisialta corparáideach le feabhas a chur ar chumarsáid na Comhairle, go háirithe le linn droch-chur isteach ar sheirbhís nó le linn an-drochaimsire .i. cur isteach ar an soláthar uisce nó tuillte.
- Bhí beagnach leath mhilliún cuairteoir ar Limerick.ie i 2014, méadú 40% ar líon na gcuairteoirí ón mbliain roimhe sin. Tháinig buaic ar líon na gcuairteoirí d'Fhéile Pádraig, Riverfest agus cuairt an 'Giant Granny'. Tá athfhorbairt fhairsing le déanamh ar Limerick.ie i 2015.

Líníocht, Sráid Parnell

Seirbhísí Corparáideacha agus Bainistíocht Athruithe

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh - Anailís ar Fhuinneamh - 2014

Leagann na táblaí seo a leanas amach costas & úsáid fuinnimh do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i 2014.

		€uro
2014	Caiteachas Iomlán ar Fhuinneamh	€4,404,098
2014	Leictreachas - Caiteachas Iomlán Bliantúil	€3,063,850
2014	Leictreachas - Caiteachas Bliantúil ar Sheirbhísí Uisce	€171,409
2014	Leictreachas - Caiteachas Bliantúil ar Shoilsiú Poiblí	€143,499
2014	Leictreachas - Seachas uisce & PL	€2,748,941
2014	Breosla Bóthair (díosal / peitreal / bithbhreosla) - Caiteachas Iomlán Bliantúil	€1,110,719
2014	Breosla Téachain (gás/ola/bithmhais etc) - Caiteachas Iomlán Bliantúil	€229,529
2014	Breosla iontaise ilghnéitheach eile (sml lpg etc) - Caiteachas Iomlán Bliantúil	€-

Gníomhartha a Rinneadh in 2014

In 2014 chuaigh (Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh) i mbun raon de thionscnaimh le feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh, ar a n-áirítear:

1	Uasghrádú ar Sheirbhísí Uisce Ábhar & Seirbhísí Tógála	353 MWh de shábháil
2	Uasghrádú	330 MWh de shábháil
	Iomlán 2014	683 MWh de shábháil

In 2014 chuaigh (Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh) i mbun raon de thionscnaimh le feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh, ar a n-áirítear:

1	Ábhar & Seirbhísí Tógála Fuinnimh Iompair	268 MWh de shábháil
2	Uasghrádú	105 MWh de shábháil
	Iomlán 2014	373 MWh de shábháil

Seirbhísí Corparáideacha agus Bainistíocht Athruithe

Searmanas Cuimhneacháin Náisiúnta

Rinne Luimneach óstáil ar Shearmanas Cuimhneacháin i mí Iúil 2014 in onóir na nÉireannach sin, idir fhir agus mhná, a fuair bás i gcogaí san am atá caite nó agus iad ag freastal leis na Náisiúin Aontaithe. Ba í seo an ceathrú bliain a tionóladh an Searmanas seo i Luimneach. Chuir ionadaithe ón Eaglais Chaitliceach, Eaglais na hÉireann, an Eaglais Phreispitéireach agus an Eaglais Mheitidisteach, ón bPobal Giúdach agus ón bpobal Ioslámach cuimhneach ilchreidimh ar siúl ar fhreastal Méara Chathair agus Chontae Luimnigh air.

Lá Cuimhneacháin Náisiúnta

Leag Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, An Clr. Kevin Sheahan, fleasc in onóir na nÉireannach a fuair bás i gcogaí san ama atá caite nó agus iad ag freastal leis na Náisiúin Aontaithe.

Tugann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh onóir do na hÉireannaigh sin a fuair bás i gcogaí san am atá caite nó agus iad ag freastal leis na Náisiúin Aontaithe. Pat Dowling, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, leis na hionadaithe feidhmithe ó na Traidisiúin Chreidimh ag tús an tSearmanais.

Radharc oíche ar Ché Sheoirse, Luimneach.

Acmhainní Daonna

Is é ról rannóg na nAcmhainní Daonna a chinntiú go mbíonn foireann imleor a bhíonn cáilithe go cuí ar fáil don Chomhairle sna láithreacha cearta le cuspóirí na heagraíochta a sholáthar.

Plean don Fhórsa Oibre

I rith 2014 ghlac an Chomhairle le Plean don Fhórsa Oibre don tréimhse 2014-2016. Leag sé amach an riocht reatha maidir le hacmhainní foirne, agus na n-athruithe a bhfuiltear ag súil leo thar thréimhse ábhartha an phlean agus moltaí na Comhairle maidir le déileáil leis na hathruithe sin ó thaobh earcaíochta/athshannadh de.

Bainistíocht Athruithe

Bhí cur chuige na Roinne maidir le bunú rathúil na Comhairle nua iltaobhach. Bhí idirbheartaíocht dhíreach i gceist leis na ceardchumainn, plé fairsing le baill indibhidiúla den fhoireann agus mionphleanáil agus forfheidhmiú le Bainistíocht Athruithe/Rannóga Eile.

Earcaíocht agus Líon na Foirne

Ba é líon foirne na Comhairle, ag áireamh na bhfostaithe páirtaimseartha, ná 1180 ar an 31ú Nollaig 2014.

Cuireadh comórtais ar siúl le poist riachtanacha a ceadaíodh a líonadh agus fostaíodh 46 duine nua sa Chomhairle i 2014.

Leanadh le tacaíocht a thabhairt freisin do scéimeanna socrúcháin do scoileanna/coláistí dara agus tríú leibhéal agus eagraíochtaí eile. Éascaíodh 64 socrúchán ar fad i rith 2014.

Miondealú ar phoist do 2014 le haghaidh agallaimh ar bhonn fireann/baineann:

	Male	Female
No. of Candidates	704	167
No. of Candidates called for interview	220	79
No. Placed on Panel	282	41
No. Employed	38	11

Gníomhachtú Fostaíochta

Rinne an Chomhairle éascú ar rannpháirtíocht i scéimeanna náisiúnta fostaíochta, mar Job-Bridge, Gateway etc. Tugadh an tionscnamh Gaetway isteach i rith 2013 le deiseanna oibre gearrthéarma a sholáthar do dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach. Thug an Chomhairle fostaíocht do 118 duine faoin scéim seo i rith 2014, le conarthaí de 22 mí ar fhad. Fuair rannpháirtithe €20 in aghaidh na seachtaine sa bhreis ar a n-íocaíocht leasa shóisialaigh.

Párolla

I 2014 bunaíodh córas párolla amháin don Chomhairle nua tar éis dul i gcomhairle agus plé a dhéanamh leis an bhfoireann agus leis na ceardchumainn. Tá an Chomhairle ag pleanáil anois don aistriú chuig seirbhísí comhroinnte náisiúnta rialtais áitiúil do párolla i samhradh 2015.

Bainistíocht Feidhmíochta

Feidhmíonn an Chomhairle córas foirmeálta breithmheasa bainistíochta feidhmíochta. Aontaíonn foirne ar a gcuspóirí don bhliain agus déantar athbhreithniú foirmeálta orthu seo a pointí éagsúla i rith na bliana agus déantar measúnú orthu ag deireadh na bliana. Aontaítear freisin ar chuspóirí d'fhostaithe indibhidiúla lena mbainisteoir líne ar leith faoin scéim seo. Déantar athbhreithniú orthu seo freisin i rith na bliana agus déanann an bainisteoir líne measúnú foirmeálta orthu ag deireadh na bliana.

Oiliúint agus Forbairt Foirne

I rith 2014 chuir an Chomhairle oiliúint chuimsitheach ar siúl don fhoireann, ag díriú go háirithe ar thionscnaimh reachtúla agus Sláinte agus Sábháilteachta. Chabhraigh na deontais oiliúna Náisiúnta sna réimsí a bhaineann le Bóithre nach Bóithre Náisiúnta, Seirbhísí Uisce agus an Comhshaol, go suntasach maidir lena soláthar. Tá an córas bainistíochta feidhmíochta thuasluaite mar bhonn le soláthar eile oiliúna riachtanach. In ainneoin níos lú acmhainní airgeadais a bheith ar fáil, lean tiomantas na Comhairle maidir le tacú le breisoideachas agus cláir IPA Rialtais Áitiúil.

Acmhainní Daonna

Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna (CORE)

Déanfar uasghrádú ar Chóras CORE chuig Leagan nua den Bhogearra i 2015 (Leagan 19). Tosaíodh freisin ar réamhobair don uasghrádú seo le dáta le Dul Beo socraithe do Bhealtaine 2015. Sa leagan nua de CORE beidh méadú ar fheidhmiúlacht Féinseirbhíse agus uasghrádú ginearálta le héascú a dhéanamh ar úsáid.

Pinsin

Íocadh 28 aisce cnapshuime i rith 2014 de réir scéime pinsin na Cathrach. Is é seo a leanas luach iomlán na n-íocaíochtaí seo:

Cnapshuimeanna Comhlána a íocadh	€1,355,345.22
Aisbhaintí a déanadh	€78,822.15
Glan-Chnapshuimeanna a íocadh	€1,276,523.07

D'éirigh 14 fostaí as faoin Scéim Iomarcaíochta Deonaí agus ba é luach na gcnapshuimeanna a íocadh ná €811,334.48.

Céimeanna maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil

Feidhmíonn an Chomhairle scéimeanna, chomh fada agus is féidir é, le freastal ar an bhfoireann a fhanann sa bhfórsa oibre ach a dhéanann freagrachtaí teaghlaigh a chomhlíonadh nó a théann sa tóir ar dheiseanna eile. Is iad na huimhreacha atá i gceist ná:

Seachtain oibre páirtaimseartha (comhroinnt oibre/saoire thuismitheoireachta)	155
Sos Gairme/Ar Iasacht Sheachtrach	35
Saoire Gan Phá i rith na bliana	25

Táscairí Seirbhíse

% de laethanta oibre caillte le heasnamh breoiteachta gan teastas dochtúra = 0.35%.
% de laethanta oibre caillte le heasnamh breoiteachta le teastas dochtúra = 3.74%.
Líon na rannpháirtithe Gateway a thosaigh ar shocrúchán oibre i rith 2014 léirithe mar % de na socrúcháin a leithdháileadh don Údarás Áitiúil = 107.27%

Paul Crowe

Stiúrthóir Seirbhísí,
Taisteal & Iompar

Stádas Luimnigh mar Chathair Cois Abhann á dheimhniú inniu le hoscailt oifigiúil ar athchóiriú €5 milliún ar a céanna stairiúla.

Taisteal & Iompar

Clár Oibreacha Bóthair 2014	62
Taisteal níos Cliste/Inbhuanaithe	65
Sábháilteacht ar Bhóithre	67
CPS Iompair & Infreastruchtúir	68
Táscairí Seirbhíse 2014	68
Scéim Fhainge go Luimneach	69
Polla Chill Airne go dtí an Bhearna – Céim 2	69
Scéimeanna maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre	69
Creidiúnú Seachtrach	69

Clár Oibreacha Bóthair 2014.

Feabhsú Chosán & Choisithe N21 An Caisleán Nua.

Sholáthair an scéim seo athsholáthar ar na cosáin agus na colbhaí ar chuid den N21 ar thaobh Luimnigh de bhaile an Chaisleáin Nua chomh maith le hathlíniú ar an acomhal leis an R520 agus droichead a thógáil do choisithe le tuilleadh sábháilteachta a sholáthar do choisithe ar an gcuid seo den bhóthar. Tosaíodh ar an obair i nDeireadh Fómhair, 2014 agus beidh sé críochnaithe go luath i 2015.

N21 An Caisleán Nua

N21 Maolú Tráchta i dTeampall an Ghleanntáin

Críochnaíodh oibreacha ar scéim maolaithe Tráchta a sholáthar ar an N21 i dTeampall an Ghleanntáin. Tá Óstán, Séipéal, Bunscoil agus Halla Pobail sa chuid seo den N21 rud a chruthaíonn ardráta gluaiseachta tráchta agus coisithe. Áiríodh sna hoibreacha sintí starracha, oileáin tráchta, shoilsiú nua poiblí agus feabhas ar chomharthaíocht.

N21 Teampall an Ghleanntáin

Bealach Glas an Deiscirt.

Bhain Céim 1 de Bhealach Glas an Deiscirt Luimnigh ó Ghóilín Bhaile an Churraigh go Crois an Phúinsigh beagnach críoch amach i rith 2014. Tosaíodh ar an scéim in Aibreán 2013 agus é cistithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair mar chuid de phlean náisiúnta le feabhas a chur ar iontaofacht na seirbhísí iompair phoiblí agus athrú ar mhodh iompair a spreagadh. Is é a bhí i gceist sna hoibreacha ar an scéim i 2014 ná suiteáil ar dhromchla nua bóthair, líne-mharcáil, comharthaíocht, socraíochtaí teorann, geataíocht Eastáit Baggot agus oibreacha éagsúla cóiríochta agus sonraí ceangail.

(Grianghraf – Bealach Glas an Deiscirt (Bóthar Bhaile an Churraigh))

Bealach Glas an Deiscirt (Bóthar Bhaile an Churraigh)

Taisteal & Iompar

Feabhsúcháin Sábháilteachta Ísealchostas

Soláthraíodh Feabhsúcháin Sábháilteachta Ísealchostais ag na láithreacha seo a leanas:

Bóthar Mhuileann na Fola,
Droichead Thumhan/Trá Mhic Fhlanncha
N21 Wards Cross, Mainistir na Féile

Cóiriú & Athdhéanamh Dromchla

Sholáthair an Chomhairle Cóiriú Dromchla ar 7 km de Bhóithre Réigiúnacha agus 63 km de Bhóithre Áitiúla i 2014. Ina theannta sin déanadh oibreacha atógála ar 13 km de Bhóithre Réigiúnacha agus 67 km de Bhóithre Áitiúla i gcaitheamh na tréimhse céanna.

Struchtúir/Oibreacha Dhroichid 2014

Déanadh oibreacha le roinnt droichead a dheisiú nó a athsholáthar i 2014.

Droichead Glaise, an Dún, Athsholáthar Deice

Déanadh athsholáthar ar an deic leice coincréite a bhí ann le bíomaí coincréite nua réamhstrusta agus deic choincréite threisithe ar chostas €140,000.

Síneadh ar Dhroichead an Chuain

Tá Droichead an Chuain suite ar Bhóthar Áitiúil L13083, ar an teorainn contae idir Luimneach agus Corcaigh. Áiríodh ar na hoibreacha deisiúcháin cuid den bhalla saoirseachta coinneála a leagadh; athphointeáil agus taca a chur faoi theanntaí; brú-leachtmhoirtéalú áirse-bhairille; leathnú an tóchair atá ann le bosca-thóchair réamhtheilgthe; ballaí srianta abhann de choincréit treisithe a thógáil agus athdhromchlú bóthair. Ba é costas na hoibre seo ná €100,000.

Fuair an Chomhairle Deontas Feabhsúcháin ar leith de €200,000 i dtreo uasghrádú a dhéanamh ar Dhroichead Ghlaise agus ar Dhroichead an Chuain. Chuir Comhairle Contae Chorcaí €40,000 i dtreo chostas na n-oibreacha ag Droichead an Chuain toisc go bhfuil an droichead ar theorann Luimnigh/Chorcaí.

Droichead Ghlaise – tá an seandeic bainte as a chéile agus bainte as.

Droichead an Chuain – Tá ullmhú déanta ar an mbonn le cur leis an droichead.

Athsholáthar ar dhroichead ag Pailís Ghréine

Tógadh droichead nua thar an Mhaoilchearn ag Pailís Ghréine ar an mBóthar Áitiúil L1135 i rith 2014 ar chostas €720,000. Tógadh an droichead seo in ionad seandroichead a bhí lochtach. Le linn na hoibre tógála, soláthraíodh droichead sealadach toisc nach raibh aon rogha eile rochtana do chuid de na húinéirí talún.

Droichead Phailís Ghréine

Deisiúcháin éigeandála

Déanadh oibreacha deisiúcháin éigeandála ar roinnt droichead i 2014, ar a n-áirítear.
Droichead an Chaisleáin Chria, Gallbhaile, Droichead Chill Aidhleach, Béal an Átha agus Droichead na Trá, Móin na Gaoithe.
Ina theannta sin rinne maidhm thuile i sráidbhaile an Dúin agus a phurláin ar oíche an 24ú Iúil 2014 damáiste suntasach do sé dhroichead Údaráis Áitiúil agus do chlaífoirt na mbóithre sa cheantar. Rinne an Chomhairle socrú tapaidh go socrófaí na struchtúir seo.

Droichead na Trá – taca a chur faoi/urlár á dhoirteadh

Taisteal níos Cliste/Inbhuanaithe

Leanadh le hoibreacha faoin Tionscnamh Taistil Níos Cliste, d'fhonn iompar dhaoine maidir le taisteal a athrú i dtreo mhodh taistil níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe. Soláthraíodh nasc rothaíochta idir Cathair Luimnigh agus Ollscoil Luimnigh ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath R445. Tá obair fheabhsúcháin ar siúl ar chosán rothaíochta/siúlóide comhroinnte (Bealach 2 céim 1) ó Shráid Leila ar bhruach na canálach go Droichead Guinness agus áirítear san obair seo suiteáil ar áiteanna le sos a ghlacadh, seastáin rothar agus trealamh gleacaíochta, soilsiú agus CCTV. Táthar ag feitheamh ar chinneadh ón mBord Pleanála maidir leis an gcuid eile den obair fheabhsúcháin, ó Dhroichead Guinness go hOllscoil Luimnigh.

Soláthraíodh páirceáil bhreise sábháilte rothar i Lár na Cathrach i gCarrchlós Ché Uí Uallaigh in éineacht leis an gceann atá ann i gCarrchlós Shráid Anna. Tá tógáil ar siúl ar an tríú áit i gCarrchlós Shráid na Danmhairge a osclóidh i 2015. Soláthraíodh loca rothar amháin i lár na cathrach agus tá dhá cheann eile beartaithe.

Tá Tionscadal Scoile Taistil níos Cliste Luimnigh á sholáthar i gcomhpháirtíocht le clár Scoileanna Glasa An Taisce (GST). Tá cistiú á dhéanamh ag LST ar luas a chur faoi mhodúil Taistil na Scoileanna Glasa a sholáthar laistigh den achar léirithe, agus d'oibrigh 24 scoil le LST ó tosaíodh ar an gclár agus táthar ag súil leis go mbeidh 9 scoil eile rannpháirteach ann i 2015/16. Cuireadh Tionscadal Scoile Taistil níos Cliste Luimnigh ar ghearrliosta agus fuair sé ardmholadh ag Dámhachtainí Institiúid Pleanála na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra 2014.

Tá ocht gcinn de na hionaid oibre is mó i Luimneach agus trí champas le os cionn 9000 fostaí agus 23,000 mac léinn rannpháirteach i gClár Ionaid Oibre agus Campais LST le forbairt a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta Taistil, agus soláthraíodh pleananna taistil críochnaithe chuig gach eagraíocht i 2014.

Ó tosaíodh ar an tionscadal bhí comhairliúchán leanúnach ann leis an bpobal. Seoladh plean An Dúshlán Gníomhaíochta Mór Taistil i bhfómhar 2014 agus cuirfear i bhfeidhm i 10 bpobal é laistigh den gceantar léirithe mar a rachfar i gcomhairle leis na pobail maidir le pleanáil taistil dá gceantar áitiúil as a ndéanfar tionscnamh nua a fhorbairt.

Rinne Taisteal Níos Cliste Luimnigh pleanáil agus eagrú ar Fhéile Rothaíochta BeSPOKE le linn na Seachtaine Rothaíochta i 2014 ar a raibh EXPO, a raibh an-tóir air, i Rae Bedford, mar ar sheol an tAire Alan Kelly TD Seachtain Náisiúnta na Rothar 2014. Chuir LST sraith d'imeachtaí seachtaine ar siúl ar fud na cathrach le buaic á bhaint amach sa Riverside Family a bhí ar siúl ar an Domhnach 22ú Meitheamh le 1200 rothaí ag freastal air. Lean an bealach rothaíochta lúb 8km, ag críochnú ag an gclárchosán nua ag Cé na Cathrach. Lean siamsaíocht agus sólaistí an paráid rothaíochta ar Ché Uí Uallaigh agus Cé na Cathrach agus ba mhór an imeacht do theaghlaigh é.

Tá suíomh gréasáin nua tógtha agus is féidir féachaint air ag https://smartertravel.limerick.ie/LST agus tá sé ar fáil ar Facebook freisin ag www.facebook.facebook.com/LimerickSmarter le réimse charnach de 714,306 i 2014 agus ar Twitter ag http://www.twitter.com/lksmartertravelv www.Twitter.com/lksmartertravel le 4575 imprisean Twitter.

Taisteal & Iompar

Paráid Rothar Luimnigh

Scéim Rothar

I scéim roinnte rothar poiblí atá i Scéim Rothar Coke Zero atá cistithe ag an NTA do Chorcaigh, Gaillimh agus Luimneach. Tosaíodh ar scéim Luimnigh a shuiteáil i mí Lúnasa 2014 le réamhoibreacha cumasúcháin ar conradh ag Maramba Road Services Limited, ag soláthar cumhachta d'fhormhór na láithreán. Bronnadh an príomhchonradh suiteála ar Sierra Construction. Tosaíodh ar sheastáin rothar a shuiteáil ar an láthair i Meán Fómhair 2014. Is é a bheidh sa scéim i ndeireadh thiar ná 23 stáisiún rothar suite ag pointí straitéiseacha ar fud lár na cathrach. Faoi láthair tá sé láthair déag ag feidhmiú timpeall Lár Chathair Luimnigh le sé cinn eile le críochnú gan mhoill. Beidh an suíomh deireanach suite laistigh d'achar an tionscadail nua athfhorbartha atá beartaithe ar Stáisiún Colbert. Is é an plean fadtéarmach don scéim ná soláthar a dhéanamh go ndéanfaí an scéim a shíneadh chuig campas Ollscoil Luimnigh agus bruachbhailte éagsúla na cathrach.

Suíocháin & Páirceáil Rothar

Tagann Rothair Coca-Cola Zero chuig Luimneach:
An tAire Oideachais agus ScileannaJan O'Sullivan TD in éineacht le Hugh Creegan, Leas POF an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Clr Maria Byrne, Leasmhéara Luimnigh, Frank O'Donnell, Bainisteoir Ginearálta Coca-Cola HBC Éireann agus Thuaisceart Éireann, agus David Wallace iar-imreoir rugbaí na hÉireann agus na Mumhan le seoladh oifigiúil a dhéanamh ar Coca-Cola Zero Bikes i Luimneach.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Tionscadal Tarrthálaí
I rith 2014 leanadh leis an tionscnamh rathúil an Tionscadail Tarrthálaí, atá faoi stiúir An Garda Síochána agus tacaíocht aige ó Sheirbhís Otharcharranna Luimnigh, an FSS, Seirbhís Dóiteáin Chathair agus Chontae Luimnigh agus Rannóga Sábháilteachta ar na Bóithre Chomhairlí Contae & Cathrach Luimnigh agus cuireadh dhá thaispeántas ar siúl sa Southcourt Hotel an Ráithín i rith mí Dheireadh Fómhair.

Leanann an clár seo le bheith mar chuid d'fhéilire imeachtaí institiúidí dara & tríú leibhéal sa Chathair agus sa Chontae araon. D'fhreastal os cionn 1600 mac léinn dara leibhéal & Ógtheagmhála ar an imeacht i rith 2014. Fuair na mic léinn a bhí rannpháirteach sa Tionscadal Tarrthálaí eolas láidir, le fócas agus comhairle maidir le contúirtí agus torthaí imbhuailtí tráchta ar bhóithre.

Scéim na Maor Scoile Sóisearach

Lean Maoir Scoile Sóisearacha bhunscoileanna Ráth Caola & Baile an Londraigh le áiseanna sábháilte trasnaithe a sholáthar dá gcomhdhaltaí i rith 2014. Baineann rath na scéime, atá ag feidhmiú sa Chontae ó 1975, le tiomantas ollmhór na ndaltaí, na dtuismitheoirí, na múinteoirí agus na nGardaí.

Traenáil Sábháilteachta Rothaíochta

Bliain rathúil arís ab ea 2014 don chlár ar Scileanna agus Sábháilteachta Rothaíochta agus bhí 630 dalta ó naoi mbunscoil déag sa Chathair agus sa Chontae rannpháirteach ann i rith 2014. Soláthraíonn an clár seo tuiscint do leanaí ar theoraic sábháilteachta rothaíochta, cúram rothair agus sábháilteacht phraiticiúil rothaíochta agus é pleanáilte le hoibriú le clárama na scoile.

Fuair an clár seo fóirdheontas ó Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh agus fuair sé tacaíocht airgeadais chomh maith ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Tionscadail Tarrthálaí Imeacht Sábháilteachta ar Bhóithre, South Court Hotel An Ráithín

Maoir Scoile Sóisearach Ráth Caola

CPS Iompair & Infreastruchtúir

Toisc gur tharla na Toghcháin Rialtais Áitiúil i 2014, bhí a chruinniú deireanach ag Coiste Iompair & agus Infreastruchtúir na Comhairle i Márta, 2014.

Ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú bhí nuashonrú ar chruinniú idir na baill Tofa agus Oifigigh na Comhairle leis an NRA le plé a dhéanamh ar mholtaí le feabhas a chur ar chóras Bhóithre Náisiúnta an Chontae agus mionsonraí maidir le seirbhísí a aistriú ón gComhairle go hUisce hÉireann.

Táscairí Seirbhíse Rialtais Áitiúil 2014 - Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh

Suirbhéireacht:

Déanadh suirbhéireacht ar 79.6% den ghréasán iomlán Bóithre Réigiúnach & Áitiúil (ar a n-áirítear an chathair) i 2014

35% de Bhóithre Réigiúnacha
94% de Phríomhbhóithre Áitiúla
94% de Bhóithre Áitiúla den Dara Grád
60% de Bhóithre Treasacha Áitiúla

MIONSONRAÍ AR SHUIRBHÉIREACHT RDS

Rating	PSCI 1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	Grádú Mór
LP	0.00%	0.06%	0.18%	3.03%	6.26%	17.22%	40.70%	23.36%	7.68%	1.49%	100.00%
LS	0.19%	0.14%	0.66%	4.64%	11.21%	23.25%	39.49%	15.45%	4.13%	0.85%	100.00%
LT	4.42%	2.94%	4.02%	16.05%	18.24%	25.25%	21.41%	6.05%	1.63%	0.00%	100.00%
R	0.00%	0.00%	0.00%	0.35%	4.16%	13.68%	21.29%	44.73%	14.99%	0.79%	100.00%
	4.61%	3.14%	4.86%	24.07%	39.87%	79.40%	122.89%	89.60%	28.44%	3.13%	

Nótaí ar Tháscairí

LP = Príomhbhóthar Áitiúil LS = Bóthar Áitiúil den Dara Grád LT = Bóthar Áitiúil den Tríú Grád R = Bóthar Réigiúnach

Rátáil 1 = Ar Fheabhas – Gan aon ghá le Cothabháil
Rátáil 10 = Teip – Athchóiriú ag Teastáil

Taisteal & Iompar

Scéim Fhainge go Luimneach

D'iarr an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta ar Oifig an Iarthair Láir um Dhearadh Bóithre Náisiúnta bóthar nua a dhearadh idir Faing agus Luimneach a bheadh timpeall 35km ar fhad ar chaighdeán dhébhealaigh. Ceapadh Comhairleoirí Innealtóireachta do thionscadal Luimnigh go Faing agus tá oibreacha ag dul ar aghaidh ar an staid srianta / bealach a roghnú.

Polla Chill Airne go dtí an Bhearna - Céim 2

Tá cistiú curtha ar fáil le Céim 2 den Scéim Sábháilteachta ar Bhóithre an N21 Polla Chill Airne go Bearna a thógáil. Tá modhanna scartha soláthair críochnaithe maidir le Príomhchonraitheoir Oibreacha a cheapadh agus do Chomhairleoirí Innealtóireachta a cheapadh.

Scéimeanna maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre

Iarradh ar an oifig cabhrú le bainistíocht tionscadail roinnt Forbairtí Chuid 8 do Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Comhairle Contae an Chláir.

Ar shamplaí de thionscadail dá leithéid áirítear:

- Scéim Maolaithe Tráchta an N21 Teampall an Ghleanntáin atá tógtha.
- N20 Crois Uí Ruairc. Leagadh an cúram ar Oifig an Iarthair Láir um Dhearadh Bóithre Náisiúnta dul ar aghaidh le réamhdhearadh ar acomhal timpealláin ag an láthair seo.
- Tá cistiú curtha ar fáil d'fhonn scéim Maolaithe Tráchta an N24 Drom Caoin a thógáil. Tá próiseas soláthair críochnaithe agus tá conraitheoir ceaptha.
- Tá cistiú curtha ar fáil do Scéimeanna Forleagtha Cosáin ó Phort Omna go dtí An Leithinse i gContae Thiobraid Árann - Céimeanna 1 & 2. Tá an próiseas soláthair do Chéim 1 críochnaithe. Tá formhór mór de dhearadh Chéim 2 críochnaithe.
- Tá cistiú curtha ar fáil le dul chun cinn a dhéanamh ar an N67/N85 Coirnéal an Bhlácaigh in Inis Díomáin, Co. an Chláir. Ceapadh Comhairleoirí Innealtóireachta ó chreat an NRA agus tá obair déanta maidir leis an rogha is fearr a dhéanamh.

Creidiúnú Seachtrach

Leanann Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta an Iarthair Láir le caighdeáin an ISO 9001:2008 a choimeád in éineacht le creidiúnú NSAI agus CPD le hInnealtóirí na hÉireann.

Oifig Dearadh Bóthar Náisiúnta an Mheáin Iarthair

Calafort na Fainge

Scéim do Mhaolú Tráchta i dTeampall an Ghleanntáin

Kieran Lehane

Stiúrthóir ar Chomhshaol & Uisce

Creidiúint maidir le Grianghraf Mary McCarthy An Gort Thiar

Comhshaol & Uisce

COMHSHAOL

An Roinn Comhshaoil 72
Bonneagar Dramhaíola 73
Bainistíocht Bruscair 74
Glanadh Sráide/Páirceanna & Gairneoireacht 75
Oifig Réigiúnach an Deiscirt um Bainistíocht Dramhaíola 76
Oideachas agus Feasacht 76
Seirbhísí Tréidliachta 79
Rialú ar Thruailliú Cigireacht Umar Seipteach 79
Bainistíocht ar Chaighdeán Uisce 81
Úirleachais / Reiligí 2014 82
Táscairí Seirbhíse 84

SEIRBHÍSÍ UISCE

85
Táscairí Seirbhíse 85

Comhshaol & Uisce

An Roinn Comhshaoil

Clúdaíonn an Roinn Comhshaoil réimse leathan gníomhaíochta ar a n-áirítear dramhaíl, bruscar, truailliú, seribhísí tréidliachta, páirceanna, áiteanna súgartha agus reiligí.

Coiste Polasaí Straitéiseach Comhshaoil – Comhairle Contae Luimnigh
Tháinig Coiste Polasaí Straitéiseach Comhshaoil Chomhairl Cathrach & Contae Luimnigh faoi mar a bhí le chéile ar thrí ócáid i rith 2014, le ceisteanna polasaí a phlé a raibh tábhacht straitéiseach ag baint leo don Chomhairle.

Tionóladh cruinniú de SPC Comhshaoil na Comhairle Contae ar an 19ú Márta, 2014.

A meeting of the County Council's Environmental SPC was held on 19th March, 2014.

Déanadh na nithe seo a leanas a phlé:
- Scéim Chúnaimh do spásanna oscailte a chothabháil.
- Póstaeir do thoghchán/cruinniú poiblí.
- Salú ag madraí i reiligí.
- Rinne Jack O'Connor, BHSL, Láithreoireacht maidir le "fotháirgí ainmhithe mar bhreosla".

Coiste Polasaí Straitéiseach Comhshaoil – Comhairle Cathrach Luimnigh
Tháinig Coiste Polasaí Straitéiseach Comhshaoil Chomhairle Cathrach Luimnigh le chéile ar dhá ócáid i 2014. Tháinig an SPC Comhshaoil le chéile ar an 24ú Feabhra, 2014 mar ar déanadh plé ar cheapadh beartais, tuarascálacha agus straitéisí maidir leis na ceisteanna seo a leanas
- Bainistíocht Bruscair
- Dréachtpholasaí maidir le Crainn
- Rialú Capall
- Pleanáil Réigiúnach um Bainistíocht Dramhaíola
- Comharthaíocht Shealadach.

Bhí Cruinniú Speisialta ag an SPC Comhshaoil freisin ar an 7ú Aibreán, 2014 mar ar déanadh plé ar rialú capall.

Paul O'Grady ag Tógáil Sampla Uisce ón Mháigh, Brú Rí

Reilig Chnocán San Labhrás sa Gheimhreadh

JP McManus agus Richard Lynch ag Craobh Going for Gold

Bonneagar Dramhaíola

Feidhmíonn an aonad bonneagair réimse iomlán saoráidí poiblí agus inmheánach. Ar chuid de na seirbhísí sa cheantar seo áirítear:

1 2 Líonadh Talún ceadúnaithe sa chéim iarchúraim ag An Cosán Fada agus Gort an Droma 26 Líonadh Talún Stairiúil (iar-láithreáin a d'oibrigh an Chomhairle)
2 Déanann 5 Ionad Conláiste Cathartha ag Líonadh Talún i Mungairit, Cill Mocheallóg, An Caisleán Nua, Íosta Bhóthar na Páirce agus Gort an Droma freastal ar athchúrsáil réimse cuimsitheach ábhar ar a n-áirítear dramhaíl ghlas, adhmad agus nithe níos mó mar earraí bána agus troscán.
3 Tá 64 Banc 'Fág Anseo' suite i lonnaíochtaí ar fud na Cathrach agus an Chontae do Ghloine agus Cannaí.
4 Tá monarcha fuinnimh amháin ag Gort an Droma a chuireann 1 MW leictreachais ar fáil ó ghás líonadh talún agus stáisiún aistrithe dramhaíola.

Rialacháin Dramhaíola – Údarú ar a n-áirítear Deonú agus Iniúchóireacht

Tá líon mór láithreacha dramhaíola údaraithe i Luimneach atá faoi rialúcháin éagsúla faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola ar a n-áirítear

- 50 Ceadúnas/Clárú Saoráide Dramhaíola gníomhach, ar láithreacha iad do phróiseáil nó d'aistriú Ithreacha agus Clocha, Páipéar, Múirín, Feithiclí a bhFuil a Ré Caite (fuíoll) agus fuíollábhar dá leithéid.
- 16 (13 Contae agus 3 Cathrach) Ceadúnas/Clárú Saoráid Dramhaíola nua/faoi athbhreithniú i 2013.
- 200 bailitheoir dramhaíola
- Deánadh 10 Féin-Tiomsaitheoir Pacáistithe a eisiúint agus a iniúchadh
- Déanadh cigireacht ar 40 áitreabh dramhbhia
- 95 Cead Dramhaíl Ghlas Talmhaíochta a dhó
- 5 láthair sealadach bailithe miotail chonamair nuair is údaraithe
- Tugadh údarás do 6 láthair bailithe Plaisteach Feirme
- Cláraíodh 21 táirgeoir charranna faoi na Rialacháin um Ré Caite

Forfheidhmiúchán Dramhaíola

Fuarthas 754 gearán a bhain le dramhaíl i rith 2014. Eisíodh 76 litir fholáirimh, eisíodh 77 fógra reachtúil agus tugadh faoi 13 ionchúiseamh a bhain le dramhaíl.

Ábhar suntais ba ea cás Ardchúirte a glacadh in aghaidh oibreoir dramhaíola tí le hábhar a raibh boladh uaidh a bhaint as láthair in eastát tionsclaíochta An Ghallmhóin. D'éirigh leis an gComhairle freisin oibreoir scipe mídhleathach a bhaint as agus gaibhniú a dhéanamh ar 4 fheithicil bhailithe dramhaíola a úsáideadh do ghníomhaíochtaí neamhúdaraithe.

Scagadh Dramhaíola

Cuireann an Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola i gComhairle Contae Uíbh Fháilí staitisticí ar fáil maidir le scagadh dramhaíola. Níl tuairisceáin 2014 ar fáil fós. Baineann na figiúirí a thugtar anseo a leanas le leibhéil ghníomhaíochta i 2013.

Soláthraítear bailiúchán do nithe scagtha athchúrsála do 99% de na teaghlaigh a úsáideann seirbhís bailithe dramhaíola.

Soláthraítear bailiúchán nithe orgánacha scagtha do 75% de na teaghlaigh a úsáideann seirbhís bailithe dramhaíola.

Dramhaíl Tí a chuirtear Chun Athchúrsála
Cuirtear 45% den dramhaíl tí a bhailítear ar cholbha an chosáin chun athchúrsála.

Is é an tonnáiste iomlán dramhaíola tí a bhailítear ón gciumhais agus a chuirtear chun athchúrsála ná 18, 423 tonna.

Dramhaíl Tí curtha go Líonadh Talún
Is é an céatadán iomlán den dramhaíl tí a chuirtear chuig líonadh talún ná 46% agus is ionann é agus tonáiste de 18824 tonna.

Bainistíocht Bruscair

I rith 2014, bhí foireann Bainistíochta Bruscair Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh gníomhach i bhforfheidhmiú fhorálacha na nAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar in éineacht le Fodhlíthe Chomhairle Contae Luimnigh le fodhlíthe maidir le "Bailiú Dramhaíola Tí agus Tráchtála" agus Fodhlíthe Chomhairle Cathrach Luimnigh maidir le "Láithriú agus Bailiú Dramhaíola Tí agus Tráchtála". Aithnítear go bhfuil polasaí éifeachtach forfheidhmithe in éineacht le spriocfheachtais fheasachta riachtanach le dul chun cinn a dhéanamh leis an méid bruscair a chruthaítear i Luimneach a laghdú.

- Déanadh 2,829 gearán a bhain le bruscar agus dramhaíl a thaifead ar bhunachar sonraí na Rannóige Comhshaoil i rith 2014.
- Eisíodh os cionn 794 fíneáil ar an láthair do dhaoine a bhí ciontach i gcionta a bhain le bruscar.
  - Bhí an ioncam ar fad as fíneálacha ar an láthair sa bhreis ar €36,000.
- Tionscnaíodh imeachtaí dlí i 48 cás faoi na hAchtanna Truaillithe Bruscair, ar tharla ciontú i gcás 30 ceann acu.
- Eisíodh fíneálacha freisin faoi na fodhlíthe um dhramhaíl a chur i láthair.
- Rinneadh oibreacha glanta ag siocracha móra bruscair agus cuireadh suas comharthaí "Spotaí Dubha" agus "Cosc ar Dhumpáil" ar láithreáin agus ar bhealaí ina dtarlaíonn dumpáil neamhdhleathach. Ina theannta sin, cuireadh aonaid CCTV ag suíomhanna roghnaithe, nuair a bhíonn sin indéanta.

Áiríodh ar an bhFoireann Bruscair dhá Oifigeach Rialaithe Comhshaoil, dhá Chigire Comhshaoil agus Maor Bruscair amháin ag patrólú na Cathrach agus an Chontae.

Feachtas Feasachta i leith Salú ag Madraí

- Chuaigh an Rannóg Comhshaoil i gcomhar leis An Garda Síochána i mbun comhfheachtais dírithe ar spreagadh a thabhairt d'úinéirí madraí glanadh ina ndiaidh in áiteanna poiblí.
- Tosaíodh ar an bhfeachtas i lár na cathrach agus i lár Dheireadh Fómhair agus é dírithe ar lár na cathrach agus purláin na cathrach.

Michael Walsh, Cigire Comhshaoil, An Garda David O'Connell, Mairead O'Donovan agus Michaela Deegan lena madra 'My Canine Companion', 'Meggie'

An Garda David O'Connell agus 'Meggie' ó 'My Canine Companion'

Glanadh Sráide/Páirceanna & Gairneoireacht

Ba bhliain an-ghnóthach í 2014 d'fhoirne na bPáirceanna agus Tírdhreachaithe agus Glanta a raibh an-dúshlán i gceist ina tús le tuile i mí Eanáir 2014 agus Stoirm Darwin i mí Feabhra 2014.

Glanadh Sráide

- Leanadh le seirbhís laethúil scuabtha sráide agus bailithe dramhaíola le ráta feabhsaithe IBAL a bhaineann le noirm ghlan na hEorpa mar thoradh air.
- Thug criúnna Glanta Sráide cúnamh fairsing don ghlanadh i ndiaidh thuile Eanáir 2014.
- Soláthraíodh tacaíocht freisin do líon mór imeachtaí a bhain le Cathair an Chultúir. Ach go háirithe, choimeád cuairt an Granny Ollmhór ár bhfoirne an-ghnóthach don chéad sheachtain de Mheán Fómhair.
- Bhí gá le breis glanadh sráide le cabhrú le Rith Mór Luimnigh, Riverfest, Domhnach an Chomórtha, cluichí rugbaí i bPáirc Thuamhan agus cluichí CLG.
- Thug Glanadh Sráide tacaíocht an-ghníomhach d'imeachtaí na mBailte Slachtmhara, Going for Gold agus Glantacháin Earraigh i gcaitheamh na bliana.

Páirceanna agus Tírdhreachú:

- Stoirm Darwin - d'oibrigh criúnna Páirceanna agus Tírdhreachaithe i gcaitheamh na hoíche ar an 12ú Feabhra le crainn a leagadh a bhaint as agus bóithre a oscailt chomh tapaidh agus ab fhéidir é. Leanadh le hoibreacha i gcaitheamh na bliana ag déileáil le torthaí na stoirme.
- Déanadh athchóiriú ar Sheastán na mBannaí i bPáirc an Phobail ag soláthar phointe álainn fócais sa pháirc ar féidir é a úsáid do léirithe.
- Bhí ról tábhachtach ag na Páirceanna i roinnt imeachtaí a bhain le Cathair an Chultúir ag óstáil Searmanais Oscailte na gCluichí Oilimpeacha Speisialta, Proms in the Park, Culture and Chips, agus pictiúrlann amuigh faoin aer.
- Chaith an Granny Ollmhór oíche iontach ciúin i bPáirc Shíol Bhroin agus ghlac sí sos tráthnóna in Eastát Uí Laoi le linn di cuairt a thabhairt ar Luimneach agus thug foireann na Páirce aire mhaith di.
- Ar na himeachtaí eile a óstáladh bhí – ceiliúradh 4ú Iúil, Spooktacular Oíche Shamhna.
- Cuireadh clár fairsing maidir le gearradh féir, prúnáil chrann agus cothabháil eastát ar siúl.

Bin it your way – a iarraidh ar dhaoine an rud ceart a dhéanamh ar a mbruscar a chur sa bhosca An Clr. Joe Crowley, Leasmhéara Chathair agus Chontae Luimnigh & Helen O'Donnell, Grúpa Bhailte Slachtmhara Lár Chathair Luimnigh.

Donal O'Grady. Captaen ar an bhfoireann Iomána Sinsearach ag ardú an Bhrait Ghlais ag bunscoil Fhíonach

Duaiseanna an Scoileanna Glasa ó ar fud na Cathrach agus an Chontae.

Oifig Réigiúnach an Deiscirt um Bainistíocht Dramhaíola

Is í Comhairle Cathrach agus Contae Luimneach an comhúdarás atá chun tosaigh le húdaráis Áitiúla Thiobraid Árann do Réigiún Nua Dramhaíola an Deiscirt. Foilsíodh dréacht-Phlean Bainistithe Dramhaíola Réigiúnach an Deiscirt 2015-2021 agus fógraíodh ar an 18ú Samhain 2014 é agus lean tréimhse comhairliúcháin poiblí 2 mhí ina dhiaidh sin. Fuarthas 95 aighneacht agus féachadh orthu agus déanadh leasuithe a ionchorprú sa phlean nua agus táthar ag súil leis go mbeidh sé foilsithe sa 2ú Ráithe de 2015.

Is é atá mar fhís straitéiseach don phlean nua seo athmhachnamh a dhéanamh ar ár gcur chuige maidir le bainistíocht dramhaíola, trí fhéachaint ar dhramhaíl mar acmhainn ábhartha as a dtiocfadh comhshaol níos sláintiúla agus deiseanna tráchtála inbhuanaithe dár ngeilleagar.

Leanfaidh cláir maidir le cosc, athúsáid, deisiú agus athchúrsáil le bheith mar ghníomhaíochtaí polasaí ag dul ar aghaidh. Léiríonn an Plean go bhfuil laghdú ag teacht ar an dramhaíl a ghintear in aghaidh an líon tí agus go bhfuil ardú ar rátaí athchúrsála/athshlánaithe. Leanfaidh Oifig Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach an Deiscirt le bheith rannpháirteach le páirtithe leasmhara le cláir uaillmhianacha a chur ar siúl ag dul chun tosaigh le os cionn 50 gníomh polasaí foilsithe. Tá an Réigiún tar éis 28 ráiteas maidir le polasaí a fhoilsiú freisin ag tabhairt na gcritéir le tacaíocht a thabhairt d'infreastruchtúr dramhaíola inbhuanaithe.

Oideachas agus Feasacht

Ba bhliain ghnóthach í 2014 maidir le Feasacht Timpeallachta i Luimneach

- Tá 176 scoil cláraithe le clár na Scoileanna Glasa ag An Taisce. Tá Bratach Ghlas ag 122 scoil.
- Bhí os cionn 70 múinteoir rannpháirteach i Seimineár Bliantúil na Scoileanna Glasa i mí Dheireadh Fómhair.

- Éascaíodh 16 ceardlann comhshaoil do scoileanna.
- Coimeádann an Rannóg Comhshaoil cuntais Facebook agus Twitter.
- Déanadh óstáil ar cheardlanna rathúla Tógála Acmhainne Eco Unesco le hIonad Seirbhísí Ógra Luimnigh.
- Cuireadh fógra Nollag ar fáil le Nollaig Ghlas a chur chun cinn.
- Déanadh éascú ar dhá Cheardlann Nollag Uaschúrsála Geansaí i Lár na Cathrach agus sa Chaisleán Nua le Grúpaí áitiúla na mBailte Slachtmhara.
- Rannpháirtíocht i líonra an LAPN leis an 'Gréasán le Cosc a Chur ar Chur Amú Bia' bunaithe i bPobal Mhaigh Rois.
- Cuireadh 2 Cheardlann ar Chosc Dramhaíola sa Phobal agus Éifeachtúlacht Acmhainne ar siúl sa phobal.
- Ceardlann seachtaine Foghlama ar Feadh an tSaoil ar mhúiríniú agus ar chosc a chur ar dhramhaíl sa bhaile.
- Bhí taispeántas ag an Rannóg Comhshaoil ag CGB ICMS sa Sothcourt Hotel.
- Déanadh óstáil ar dhá Sheimineár ar Bhailte Slachtmhara i mí Feabhra le cabhrú le grúpaí na mBailte Slachtmhara ar fud na Cathrach agus an Chontae.
- Ba é Baile Slachtmhar Áth an tSléibhe a bhí mar bhuaiteoir foriomlán ar Luimneach faoi Bhláth.
- Cuireadh feachtas Going for Gold Luimnigh ar siúl i gcomhar le hIontaobhas Carthanachta JP McManus. Tá an feachtas dírithe ar Luimneach a bheith níos gile, níos fearr agus níos glaine. Ba é buaiteoir foriomlán Chatagóir na mBailte Slachtmhara Going for Gold ná Cathair Dháibhín agus d'éirigh le Kilteragh sa Chatagóir Dúshláin Phobail.
- Bhí os coin 2000 oibrí deonach rannpháirteach i 150 imeachtaí glanta le linn an Ghlantacháin Náisiúnta Earraigh. Tugadh málaí, lámhainní, piocairí bhruscair do scoileanna, cumainn áititheoirí, grúpaí pobail, etc. Leanann an Roinn Comhshaoil le tacú le grúpaí maidir le glanadh i gcaitheamh na bliana.
- Seoladh Foireann Ghlanta Luimnigh.

JP McManus agus Tony McCoy le hionadaithe ó Bhaile Slachtmhar Chathair Dháibhín ag Going for Gold Luimnigh 2014

Ionadaithe ó Fhoireann Iomána Luimnigh ag Going for Gold 2014



Gairdín Bithéagsúlachta Sráid Thomáis

Veronica Santorum, Frederic Vyghen agus Mary Conroy, www.limericksbuzzing.ie

Oibreacha Lána Oifig an Phoist déanta ag Seirbhísí Óige Luimnigh do Thionscadal Bhaile Slachtmhar Lár na Cathrach.

Seirbhísí Tréidliachta

Sholáthair an Rannóg Tréidliachta rialuithe oifigiúla tréidliachta i 22 ionad faofa próiseála feola i rith na bliana. Déantar an tseirbhís seo a sholáthar trí chonradh le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Ar na háitribh maoirsithe áirítear seamlais, áitribh ghearrtha feola úr agus ionaid táirgí feola suite i gCathair agus i gContae Luimnigh.

Rinne cigire tréidliachta scrúdú ar gach ainmhí sna seamlais, a raibh sé i gceist iad a mharú mar bhia do dhaoine, sular maraíodh iad agus ina dhiaidh sin, faoi mar a éilíonn an dlí sábháilteachta bia. Ba iad seo a leanas an líon iomlán ar déanadh cigireacht orthu i 2014: Eallach 2234, Caora 7551, Muca 206, Gabhair 28.

Clúdaíonn ár Seirbhís um Rialú Madraí Cathair agus Contae Luimnigh araon. Rinne ár maoir mhadraí déileáil le 705 madra ar strae nó gan a bheith ag teastáil i rith na bliana. Díobh seo, tógadh ar ais 25 acu agus fuarthas baile nua do 349. Ar an drochuair, ba ghá 329 madra a chur chun báis.

Gabhadh agus cuireadh i bpóna 413 capall ar strae i 2014 a bhfuair a n-úinéirí 21 acu ar ais.

Rialúchán Truaillithe agus Bainistíocht Chaighdeáin Uisce

Foireann um Rialú ar Thruailliú: Ceadúnú Díluchtaithe.

Faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977-2007, tá gá ag áitribh a scaoileann eisilteach trádála chuig séarach poiblí, nó uiscí dromchla nó screamhuiscí, le ceadúnas díluchtaithe.

Déanann an Fhoireann um Rialú ar Thruailliú bainistiú ar cheadúnais a eisiúint le scaoileadh chuig uiscí agus don fhorfheidhmiú ina dhiaidh sin. Déanann baill den fhoireann teicniúil cigireachtaí iniúchóireachta ar áitribh ar bhonn leanúnach. Ba é líon iomlán na gcigireachtaí ar cheadúnais uisce do 2014 ná 125, a áiríonn cigireachtaí deisce riaracháin agus 20 cuairt ar láthair. Is féidir miondealú a dhéanamh ar an gceann deireanach de réir na gceantar bardasach mar seo a leanas:

• Áth Dara-Ráth Caola:	15
• An Cheapaigh Mhóir - Cill Mocheallóg:	3
• An Caisleán Nua:	2
Iomlán:	20

Ón 1ú Eanáir 2014, ba chomhlacht reachtúil é Uisce Éireann maidir le ceadúnais a riaradh le scaoileadh chuig séaraigh phoiblí. Oibríonn an Fhoireann um Rialú ar Thruailliú i gcomhpháirtíocht le hUisce Éireann ina thaobh seo agus tá comhaontú seirbhíse ann. Déanann baill den fhoireann teicniúil cigireachtaí ar an láthair ar áitribh agus tugann comhairle d'Uisce Éireann ar iarratais ar cheadúnais agus ceisteanna forfheidhmithe. Déanadh 205 cigireacht ar iarratais maidir le scaoileadh chuig séaraigh i 2014. Ba chigireachtaí deisce riaracháin iad 94 de na cigireachtaí seo agus ba chigireachtaí ar an láthair iad 111 acu, Is féidir miondealú a dhéanamh ar an gceann deireanach mar seo a leanas:

• Dúiche Chathrach:	94
• An Cheapaigh Mhóir - Cill Mocheallóg	5
• Áth Dara-Ráth Caola:	5
• An Caisleán Nua:	7
Iomlán:	111

I 2015 tá clár den chineál chéanna de chigireachtaí iniúchóireachta ann. Tá sé beartaithe go ndéanfar cigireacht ar 25 ceadúnas scaoilte chuig uisce i rith 2015. Tugtar tosaíocht do cheadúnais le scaoileadh chuig uisce toisc go bhfuil riosca níos airde ag baint leis an scaoileadh seo do shruthchúrsaí nó do screamhuisce.

Tá ar gach sealbhóir ceadúnais scaoilte tuarascálacha rialta monatóireachta a chur isteach le sampláil dá scaoileadh ag saotharlann neamhspleách. Má léiríonn athbhreithniú ar na sonraí monatóireachta seo go bhfuil fadhbanna leis an scaoileadh, tugtar tosaíocht don chás seo. Tugtar tosaíocht freisin do láithreacha mar ar tharla truailliú le déanaí.
Déantar cigireacht ar cheadúnais le scaoileadh chuig séaraigh de réir sealaíochta, le béim á chur ar cheadúnais a tugadh le déanaí d'fhonn a chinntiú go nglactar le dea-chleachtas.

Helen O'Donnell, Grúpa Bhailte Slachtmhara Lár Chathair Luimnigh, le daltaí ó Bhunscoil Mhuire ag Seoladh Chomórtas Gearrscéil Going for Gold.

Gerry Boland ó Fhondúireacht Charthanachta JP McManus, An Dr. James Ring, an Méara Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh agus David Deighan - Ag Fáil Dámhachtaine Speisialta Going for Gold.

Lucht faighte Duaise Indibhidiúil Going for Gold Luimnigh 2014 le Gerry Boland ó Fhondúireacht Charthanachta JP McManus agus an Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh.

Bhain Cathair Dháibhín an bua amach i gCatagóir na mBailte Slachtmahra de Going for Gold 2014.

Tugtar an chéad duais do Claire Waters, Sráid Barrington i gCatagóir an Chomórtais Gairdíní ag an gClr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh agus Roger Beck, bainisteoir Ionad Siopadóireachta Bhealach na Páirce. Creidiúint don phictiúr: Diarmuid Greene/Fusionshooters Diarmuid.

Baill Sheirbhís don Ógra Luimnigh le duais dianiarrachta á bhronnadh orthu ag Gerry Boland ó Fhondúireacht Charthanachta JP McManus, in éineacht leis an gClr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh.

Déantar cigireachtaí ar cheadúnú scaoilte ar fud an chontae ar fad. Is ar sealbhóir an cheadúnais a bhíonn costas na cigireachta, agus aon sampla a thógann an Chomhairle mar chuid den chigireacht sin. Eisítear sonrasc ar an táille seo sa bhliain i ndiaidh bliain na hiniúchóireachta. Socraítear táillí mar choinníoll le gach ceadúnas indibhidiúil.

Foireann um Rialú ar Thruailliú: Truailliú an Aeir

Tá freagracht ar an bhFoireann um Rialú ar Thruailliú as forfheidhmiú a dhéanamh ar riachtanais An tAcht um Thruailliú Aeir 1987 agus na Rialacháin a bhaineann leis. Áirítear anseo:

- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Suiteáil agus Gníomhaíochtaí ag úsáid Túslagóirí Orgánacha) 2012 agus 2014. Déanann na Rialacháin seo rialú ar úsáid túslagóirí i dtirimghlanadh. Tá sé beartaithe go ndéanfar 12 cigireacht i 2015.
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Péinteanna, Vearnaisí, Táirgí agus Gníomhaíochtaí Athchríochnaithe Feithicle) 2012 agus 2014. Déanann na rialacháin seo rialú ar shubstaintí áirithe le bonn tuaslagóra i suiteáil deisiú charranna, i measc ghníomhaíochtaí eile. Tá 40 cigireacht beartaithe do 2015.
- Rialacháin an Achta um Truailliú Aeir (Margaíocht, Díolachán, Leithdháileadh agus Dó Bhreosla Sonraithe). 2012. Cuireann na Rialacháin seo cosc ar mhargaíocht, díolachán, leithdháileadh agus dó bhreosla biotúmanach (nó deataithe) laistigh den Achar Sonraithe i Luimneach.
- An tAcht um Thruailliú Aeir 1987 (Rialacháin maidir le hAstaíochtaí Gaile Peitril) 1997. Déanann na rialacháin seo rialú ar astaíochtaí gaile peitril ag garáistí agus áiteanna dá leithéid. Tá sé beartaithe go ndéanfar 90 cigireacht i 2015.
- Iniúchadh ar ghearáin maidir le truailliú aeir ón bpobal de réir mar a tharlaíonn siad.

Rialúchán Truaillithe agus Bainistíocht Chaighdeáin Uisce

Tá an Rannóg Rialúcháin Truaillithe freagrach as cur i bhfeidhm Reachtaíochta Comhshaoil Rialtais Áitiúil sna réimsí seo a leanas: aer, uisce, torann agus núis.

Cigireacht Umar Seipteach

D'éiligh an tAcht um Seirbhísí Uisce (Leasú), 2012 clárú agus cigireacht umar seipteach agus córais eile chóireála ar an láthair. D'fhoilsigh an EPA an Plean Cigireachta Náisiúnta agus bunaithe ar thosaíochtaí náisiúnta Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh airnéisí a aithint le cigireacht a dhéanamh orthu laistigh de gach catagóir riosca.

Bhí ar Luimneach ar a laghad 50 cigireacht a dhéanamh ar chórais idir Iúil 2013 agus Iúil 2014. Tosaíodh ar chigireachtaí i mí Lúnasa 2013 agus bhí 53 cigireacht críochnaithe laistigh den tráthchlár. Leanadh le cigireachtaí sa dara cuid de 2014. Bhí ar Luimneach ar a laghad 23 cigireacht a dhéanamh ar chórais idir Iúil 2014 agus Nollaig 2014. Críochnaíodh 25 cigireacht laistigh den tráthchlár.

Leantar le hobair sa réimse seo do 2015. Tá ar Luimneach ar a laghad 42 cigireacht a chríochnú faoin 31ú Nollaig 2015. Táthar le tosú ar chigireachtaí i Márta 2015. Tá cúigear ball d'fhoireann na Rannóige um Rialú ar Thruailliú oilte agus cláraithe leis an EPA.

Bainistíocht ar Chaighdeán Uisce

Bunaíodh foireann bainistíochta cáilíochta uisce i 2002. Tugann an fhoireann faoi chlár cuimsitheach cigireachta feirme agus iniúchtaí ginearálta ar thruailliú d'fhonn feabhas suntasach a bhaint amach ar cháilíocht uisce abhann. Tá sé beartaithe timpeall 500 suirbhéireacht feirme a dhéanamh i 2015.

Úirleachais / Reiligí 2014

Tá timpeall 250 reilig i gCathair agus i gContae Luimnigh. Mar sin féin, tá líon mór de na reiligí seo lán agus tá uaigheanna ar fáil le díol i dtimpeall 15 reilig. Tharla na forbairtí seo a leanas i reiligí i 2015:

Méadú ar Reilig Bhaile an Ghadaí
Cheannaigh an Chomhairle .5ha le cur le Reilig Bhaile an Ghadaí. Faomhadh Pleanáil Cuid V111 don fhorbairt seo.

Méadú ar Reilig Chathair Chinn Lis
Cheannaigh an Chomhairle .2ha le cur le Reilig Chathair Chinn Lis.

Forbairt ar an Dara Céim de Reilig Chaisleán Mhungairit
Déanadh an dara céim de Reilig Chaisleán Mhungairit a fhorbairt i rith 2014 le timpeall 1,900 spas reilige breise a sholáthar i gCaisleán Mhungairit.

Méadú ar Chnocán San Labhrás
Thug an Chomhairle cuireadh to thairiscintí le forbairt a dhéanamh ar láthair 1 acra mar mhéadú ar Reilig Chnocán San Labhrás.

Séipéal na Marbh Chnocán San Labhrás

I rith 2014, rinne an Chomhairle comhaontú le Iontaobhas Cathartha Luimnigh le hoibreacha coamhnaithe a dhéanamh ar Shéipéal na Marbh ag Cnocán San Labhrás agus le deisiú a dhéanamh freisin ar sheanchlocha cinn sa reilig. Tá na hoibreacha, faoi mhaoirseacht Iontaobhas Cathartha Luimnigh, á ndéanamh faoi Scéim Fostaíochta Pobail.

Is é atá i gceist leis na hoibreacha caomhnaithe ar Shéipéal na Marbh ná an fásra a bhaint as, deisiú a dhéanamh ar dhíon na cúlbhá, sclátaí a chur ar dhíon na cúlbhá, oibreacha saoirseachta agus pointeála, glanadh silteán agus draenacha. Ar na hoibreacha laistigh áirítear deisiúcháin ar na ráillí altóra, péinteáil. Ina theannta sin, fuair an Chomhairle faomhadh ar dheontas beag d'oibreacha ar leith ar an séipéal faoin Scéim Tacaíochta Post san Oidhreacht Thógtha a bhí cistithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Faoin gcomhaontú le hIontaobhas Cathartha Luimnigh deisíodh timpeall 50 cloch chinn i 2014.

Reiligí Ársa

Déanadh na hoibreacha caomhnaithe seo a leanas ar reiligí ársa:
Smachtú ar fhásra sa Bhaile Nua, Brú Rí agus i Tower House sa reilig seo
Oibreacha feabhsúcháin Neantanán ar dhíon ar déanadh damáiste dó le linn Stoirme Darwin
Tógáil anuas Bhoghta Chill Chaoide agus stóráil ar dhíon dainséarach agus cumhdach dín a chur ina ionad.

Rinne oifigí ceantair na Comhairle a lán oibreacha deisiúcháin/feabhsúcháin i reiligí ársa.

Bhí tacaíocht ag an gComhairle frisin ó FÁS, Forbairt Bhaile Abhra, Acmhainní Luimnigh Thiar maidir le cothabháil reiligí – idir ársa agus nua – ar fud chontae Luimnigh. Déantar na hoibreacha seo faoi Scéimeanna CE, Scéimeanna TUS agus Scéimeanna RSS.

Searmanas Bronnta Reiligí

Tionóladh Searmanas Bronnta Reiligí ag an Woodlands House Hotel, Áth Dara, Contae Luimnigh ar an Déardaoin, 11 Nollaig 2014. Ba í seo an 7ú bliain den searmanas bronnta a d'aithin obair dhian agus tiomantas na gcoistí reilige, na ngrúpaí pobail agus na ndaoine indibhidiúla maidir le cothabháil reiligí an chontae. Faoi mar a bhí sna blianta roimhe seo bhí duaiseanna sa dá chatagóir – Nua-aimseartha agus Ársa D'fhreastal timpeall 180 duine ar an searmanas bronnta agus rinne an Méara, An Clr. Kevin Sheahan, na duaiseanna a bhronnadh.

Ba iad Castlejane agus Cnoc Loinge na buaiteoirí foriomlána sa rannóg Ársa agus ainmníodh Cill Cholmáin, Ráth Caola mar bhuaiteoir foriomlán ar an rannóg Nua-aimseartha.

Jacqui Hayes agus an Dr. Matt Potter, Reilig Chnocán San Labhrás.

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE – COMHSHAOL

E 1. Líon na Saoráidí Dramhaíola údaraithe ag an Údarás Áitiúil.
Líon na gceadúnas agus na dteastas cláraithe a thug an Údarás Áitiúil nach raibh as feidhm fós ar an 31/12/2014.
Trácht: Á sholáthar ag an Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola.

E 2. Uimh. / % Teaghlach le rochtain ar sheirbhís bhruscair 3.
Líon na dteaghlach, bunaithe ar Dhaonáireamh 2011, a fhaigheann seirbhís bhruscair 3 ar an 31/12/2014.
Trácht: Á sholáthar ag an Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola.

E 3 Líon na nGearán Dramhaíola a déanadh le hOifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil an EPA.
Líon na ngearán ar leith a bhaineann le dramhaíl laistigh de cheantar an LA ar déanadh iad a thagairt do 1. OEE sa tréimhse 01/01/2014 go dtí 31/12/2014 toisc gur lean an fhadhb i ndiaidh don LA iniúchadh a dhéanamh ar an ngearán.

E 4. Céatadán na ngearán eile maidir le truailliú comhshaoil a dúnadh.

Céatadán na gcásanna maidir le Truailliú ó Bhruscar a dúnadh faoi 31/12/2014	92.01%.
Céatadán na gcásanna maidir le Truailliú an Aeir a dúnadh faoi 31/12/2014	97.50%.
Céatadán na gcásanna maidir le Truailliú ó Thorann a dúnadh faoi 31/12/2014	89.11%.
Céatadán na gcásanna maidir le Truailliú Uisce a dúnadh faoi 31/12/2014	100%.

E 5. Céatadán de cheantar an LA laistigh de na 5 leibhéal de thruailliú ó bhruscar.
Céatadán an cheantair laistigh den LA a bhí neamhthruaillithe nó saor ó bhruscar nuair a déanadh suirbhéireacht.
Céatadán an cheantair laistigh den LA a bhí beagán truaillithe nuair a déanadh suirbhéireacht.
Céatadán an cheantair laistigh den LA a bhí cuíosach truaillithe nuair a déanadh suirbhéireacht.
Céatadán an cheantair laistigh den LA a bhí an-truaillithe nuair a déanadh suirbhéireacht.
Céatadán an cheantair laistigh den LA a bhí thar a bheith truaillithe nuair a déanadh suirbhéireacht.
Trácht: Á sholáthar ag Innealtóirí Comhairleacha Tobin.

Seirbhísí Uisce

Bunaíodh Uisce Éireann (U.É) i 2013 mar fhóntas náisiúnta uisce nua na hÉireann agus freagracht air as seirbhísí uisce a sholáthar agus a fhorbairt ar fud na hÉireann. Aistríodh freagracht reachtúil maidir le feidhmiú infrastruchtúir uisce agus fuíolluisce agus seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar chuig UÉ ar achtú an tAcht um Seirbhísí Uisce 2013. Chríochnaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Comhaontuithe Seirbhíse (CS) le hUisce Éireann. Déanann an CS sainmhíniú ar an ngaol idir an Chomhairle agus Uisce Éireann agus é i bhfeidhm ó Eanáir 2014. Tá feidhm leis do thréimhse 12 bliain agus é faoi réir athbhreithnithe i mbliain 2 agus bliain 7. Tá Uisce Éireann freagrach do dhá chomhlacht reachtúil – an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF) ar rialtóir airgeadais é don tionscal uisce, agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) atá mar rialtóir comhshaoil. Tá freagracht fós ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh as an gclár uisce tuaithe maidir leis an ngníomhaíocht sa réimse seo a dtugtar imlíne thíos air.

Clár Uisce Tuaithe 2014

Fuair Comhairle Contae Luimnigh leithdháileadh deontais Chlár Uisce Tuaithe de €985,900 i 2014 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus cheadaigh an leithdháileadh infheistíocht i réimsí mar:

- Deontais le hUasghrádú a dhéanamh ar Ghrúpscéimeanna Uisce atá ann
- Tráthcheangal ar Ghrúpscéimeanna Soláthar Uisce
- Feabhsúchán ar Sceímeanna Beaga Uisce Poiblí agus Séarachais

Fóirdheontas i leith chostais oibríochta Ghrúpscéimeanna Uisce

Soláthraíonn an fóirdheontas oibríochta cúnamh do ghrúpscéimeanna uisce a sholáthraíonn uisce chun úsáide tí. Tá grúpscéimeanna uisce i dteideal fóirdheontais agus réamhíocaíocht fhóirdheontais gach bliain. Fuair 43 Grúpscéim Uisce fóirdheontas i leith a gcostais oibríochtúla i 2014 le 936,455 á íoc ar fad.

Deontais um Thoibreacha Príobháideacha

Íocadh deontais de €116,650 ar fad le 65 duine indibhidiúil faoin gceannteideal seo i 2014. Is í aidhm an deontais cabhrú le daoine príobháideacha uisce óil ar dhea-chaighdeán a sholáthar dá dteach. Is féidir deontas d'uasmhéid €2,031 nó 75% de chostas na n-oibreacha, pé acu is lú, a bhronnadh. Tá foirm iarratais agus sonraí ar fáil ó rannóg na Seirbhísí Uisce ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

W: Uisce	Iomlán
W1: Uisce gan tásc mar chéatadán den toirt iomlán uisce a soláthraíodh faoi Scéimeanna LA	
Uisce gan tásc (UGT) mar chéatadán den toirt iomlán uisce a soláthraíodh i 2014 faoi na scéimeanna soláthair uisce as a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach faoin gComhaontú Sierbhíse	37.21%
D'fhonn na t-eolas seo a chur le chéile, ba chóir d'údaráis na sonraí seo a leanas a chur isteach: An toirt iomlán uisce (m3) a soláthraíodh ó 01/01/2014 go dtí 31/12/2014 faoin na scéimeanna soláthair uisce a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach as faoin CS, roinnte ar 365 lá	94017
An toirt iomlán uisce gan tásc (m3) a cailleadh ó 01/01/2014 go dtí 31/12/2014 faoin na scéimeanna soláthair uisce a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach as faoin CS, roinnte ar 365 lá	34986
W2: Céatadán den uisce óil ag comhlíonadh riachtanas reachtúla Gheobhfar na sonraí seo díreach ó Scéimeanna Poiblí an SCC.	

Caroline Curley

Stiúrthóir Seirbhísí,
Forbairt Bhaile agus Shóisialta

Cúirt Colivet, Páirc Carew, An Cnoc Theas – Críochnaíodh 35 Aonad i Meitheamh 2014
Buaiteoir Institiúide Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) don Tithíocht is Fearr 2014

Forbairt Bhaile agus Shóisialta

Infheistíocht Chaipitiúil	88
Tithíocht Dheonach	88
Clár Feabhsaithe Baile	88
Cothabháil Tithíochta	88
Cláir Éifeachtúlachta Fuinnimh	88
Leithdháileadh	88
Cigireacht	88
Scéim um Chóiríocht ar Cíos	88
Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean	88
Cóiríocht do Thaistealaithe	88
Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta	89
HAP Luimnigh	89
Lárionad Seirbhísí Trasghníomhaíochta Comhroinnte HAP	89
Clár Athghiniúna	89
Forbairt Bhaile agus Shóisialta SPC	90
Táscairí Feidhmíochta	92

Forbairt Bhaile agus Shóisialta

Is féidir achoimre a thabhairt ar na príomhnithe a baineadh amach faoi na ceannteidil seo a leanas:

Infheistíocht Chaipitiúil
Dul chun cinn leanúnach bainte amach ar infheistíocht chaipitiúil i dtógáil, sealbhú, Cúnamh Tithíochta Deonaí, DPGs Údaráis Áitiúil agus i gClár Éifeachtúlachta Fuinnimh le caiteachas caipitiúil iomlán de €29.47m.

Tosaíodh ar na scéimeanna tithíochta nua seo a leanas:

Garraí Eoin	6 aonad
Sparr Thuamhan	3 aonad
Sráid an Chláir	6 aonad
Cathair Chinn Lis	10 aonad
An Ráth Bhán	7 aonad

Tithíocht Dheonach
Tá os cionn 40 Cumann Tithíochta Deonach ag feidhmiú i gCathair agus i gContae Luimnigh. Soláthraíodh 37 aonad cóiríochta faoin Scéim Cúnaimh Caipitil trí Chomhlachtaí Faofa Tithíochta. Soláthraíodh 11 aonad cóiríochta faoin Scéim Éascaíochta Léasachta Réamhíocaíochta Caipitil agus 64 aonad faoi chomhshocruithe léasachta.

Clár Feabhsaithe Baile
Fuair 525 teaghlach Deontas Athchóirithe Tí, Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta agus Cúnamh Tithíochta do Sheandaoine ar ionann é agus €2.9 milliún le tacú le cónaí neamhspleách sheandaoine agus daoine atá faoi mhíchumas.

Cothabháil Tithíochta
Caitheadh €4m ar chothabháil agus feabhsú leanúnach ar stoc tithíochta na Comhairle d'fhonn cóiríocht ar ardchaighdeán agus dea-choimeádta a bhaint amach, a shásaíonn na caighdeáin is airde agus a bhíonn éifeachtach ó thaobh costais.

- Tá caiteachas €597,000 beartaithe do chothabháil
- 61 deontas Údaráis Áitiúil a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas de €455,000
- Athchóiriú ar 94 aonad folamh fadtéarmach trí chistiú speisialta na roinne don stoc atá folamh go fadtéarmach

Cláir Éifeachtúlachta Fuinnimh
Caitheadh €1.4m le huasghrádú a dhéanamh ar 1,449 aonad tithíochta faoin gclár rollach bliantúil le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh stoc tithíochta na Comhairle agus Tionscadail Bunaithe sa Cheantar SEAI.

Leithdháileadh
Fuair 347 teaghlach ar an liosta feithimh cóiríocht nua trí Chomhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh i 2014. Bhí cineálacha éagsúla cóiríochta i gceist ó chineál beag singil go cineál cóiríochta do theaghlach.

Cigireacht
Déanadh 1,130 cigireacht réadmhaoine ar a stoc tithíochta na Comhairle.

Scéim um Chóiríocht ar Cíos
Ar an 31ú Nollaig 2014 bhí 1,169 tionóntacht SCC ann ar a n-áirítear 59 aistriú ó chliaint liúntais cíosa go dtí SCC.

Tharla 402 cigireacht réadmhaoine maidir le caighdeáin cóiríocht phríobháideach ar cíos.

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean
Rinne Foireann Ghníomhaíochta na nDaoine gan Dídean próiseáil ar os cionn 1,800 teagmháil chustaiméara maidir le daoine gan dídean an bhliain seo caite. Freastalaíodh ar 738 cliaint i gCóiríocht Éigeandála agus soláthraíodh cineál éigin tacaíochta tithíochta do 170 eile trí thithíocht sa Mhargadh Príobháideach nó Tithíocht Dheonach. Soláthraíonn an Fhoireann agus Focus Ireland Marthanacht Tionónachta thar ceann an Údaráis Áitiúil agus na dTionóntaí i gcóiríocht Údaráis Áitiúil agus i gcóiríocht phríobháideach ar cíos araon. Ó 2015 tá cistiú lárnach á dhéanamh ag an nGníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlaigh TUSLA ar na Seirbhísí um Fhoréigean Baile, a bhí cistithe roimhe sin ag an Údarás Áitiúil agus an FSS, in iarracht ar chomhordú níos fearr ar sheirbhísí a bhaint amach.

Cóiríocht do Thaistealaithe
Coimeádann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 11 Láithreán Stad sa chathair agus sa chontae agus caitheadh €467,000 i 2014 ar chothabháil leanúnach agus ar athchóiriú.

Forbairt Bhaile agus Shóisialta

Feidhmíonn Seirbhís Leasa Tithíochta ar fud gach láithreán agus soláthraíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cúnamh do bhaill den Phobal Taistil maidir lena riachtanais chóiríochta. I 2014, soláthraíodh Tithíocht Údaráis Áitiúil do sheacht dteaghlach Taistealaithe agus tosaíodh ar oibreacha feabhsúcháin ar dhá Láithreán Stad. Soláthraíodh cóiríocht tí shoghluaiste do sheacht teaghlach freisin. Déantar Obair Shóisialta agus tacaíochtaí tithíochta a bhaineann leis do bhaill den phobal Taistealaithe.

Ghlac an Chomhairle le Clár Cóiríochta do Thaistealaithe agus bunaíodh Coiste Comhairleach Cóiríochta Áitiúil do Thaistealaithe i Meán Fómhair 2014. Tionóladh an cruinniú tionscnaimh i mí na Nollag. Leagann an clár ar glacadh leis amach moltaí maidir le cóiríocht don tréimhse 2014-2018 agus cuirfear chun cinn iad i gcomhairle leis an gcoiste.

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
Is tacaíocht do thithíocht shóisialta atá san Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a thug na húdaráis áitiúla isteach. Beidh ÍCT in ionad liúntas cíosa dóibh siúd le riachtanas tithíochta fadtéarmach atá incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta. Ciallaíonn an ÍCT a thabhairt isteach gur féidir leis na húdaráis áitiúla cúnamh tithíochta a sholáthar anois do theaghlaigh le riachtanas tithíochta fadtéarmach ar a n-áirítear a lán daoine a fhaigheann Liúntas Cíosa fadtéarmach.

ÍCT Luimnigh
Thosaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar phíolóta riaracháin do ÍCT in Aibreán 2014. Le linn an ama seo d'aistrigh an Chomhairle 120 faighteoir liúntais chíosa chuig ÍCT. Ar an 15ú Meán Fómhair, le cois rialacháin ailt 50, thosaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar ÍCT ar bhonn reachtúil agus cuireadh 90 tionóntacht eile ar bun le ÍCT ar a raibh faighteoirí liúntais chíosa agus iarratasóirí nua.

Lárionad Seirbhísí Trasghníomhaíochta Comhroinnte ÍCT
Is í Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ainmní Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae mar údarás tosaigh maidir leis an tionscadal ÍCT agus sa chomhthéacs sin tá mol seirbhíse trasghníomhaíochta comhroinnte á sholáthar do gach údarás áitiúil a bhfuil ÍCT á fheidhmiú acu le linn a staide píolótach.

Áiríodh iad seo a leanas sna próisis trasghníomhaíochta a soláthraíodh:
- bunú agus tosú ar chustaiméir / soláthróir ÍCT
- íocaíocht chíosa míosúil le tiarnaí talún ÍCT
- dochar ranníocaíochta cíosa seachtainiúil
- bailiú ranníocaíochta cíosa seachtainiúil ó theaghlaigh a fhaigheann ÍCT
- monatóireacht, athbhreithniú agus cothabháil chustaiméirí ÍCT
- éileamh ar fhorchúiteamh a dhéanamh chuig an DECLG.

Chuir an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte 485 tionóntacht ÍCT ar bun ar an 31ú Nollaig 2014.

Príomh-gharspriocanna an Chláir Athghiniúna agus ar baineadh amach i 2014

Déanadh faomhadh ar Phlean Forfheidhmithe Chreat Athghiniúna Luimnigh i mí Feabhra 2014. Leagann an Plean amach fís chomhroinnte d'aghiniúint na gceantar agus le pobail sábháilte agus inbhuanaithe a chruthú le deiseanna do dhaoine de gach aois caighdeán maith maireachtála a bheith acu, le teach maith agus mórtas acu as an áit. Déanfar comhtháthú iomlán ar na comharsanachtaí seo le saol sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha Luimnigh.

Sóisialta:
Mar chuid den chur chuige "rialtais uile" tá sé mar aidhm ar an gClár Idirghabhála Sóisialta tionchar a bheith aige ar conas a chuirtear cistí príomhshrutha i bhfeidhm ar idirghabhálacha polasaí sóisialta le haghaidh a thabhairt eisiamh sóisialta sa chathair, le fócas ar leith ar cheantair athghiniúna agus ar chomhordú feabhsaithe ar an bpacáiste foriomlán cistiúcháin Stáit. Tacaíodh le 174 tionscadal i 2014 faoin gciste idirghabhála sóisialta.

Cuirfidh an Chomhairle creat measúnaithe i bhfeidhm a bheidh mar uirlis chuimsitheach do mhonatóireacht na ndeontas uile i 2015. Ba chóir go bhfeidhmeodh seo idirghabhálacha sa todhchaí a mhúnlú agus feabhas a chur ar sheirbhísí do na Pobail.

Eacnamaíoch:
Tá sruth nua cistiúcháin tugtha isteach le forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh gheilleagracha ag tairiscint tacaíochta, oiliúna/printíseachtaí agus jabanna a chruthú. Tacaíodh le 17 tionscadal i 2014.

Tháinig "Clár Oiliúna Fáilteachais & Scileanna" nua i bhfeidhm i Meán Fómhair ag an LEDP leis an gcéad iontógáil de 25 mac léinn le ráta forchéimithe 90% chuig fostaíocht.

Fisiciúil:
Comharsanachtaí inbhuanaithe a sholáthar don lucht cónaithe reatha agus sa todhchaí sna ceantair athghiniúna.

Tithe nua a fhorbairt:
Soláthraíodh 98 teach nuathógtha go dtí seo in éineacht leis an gclár athchóirithe ar réadmhaoin folamh.

Tá os cionn 60% den chlár Athghiniúna nuathógála tar éis faomhadh a fháil ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus tá dul chun cinn maith déanta ar thograí do na tithe atá fágtha. Fuarthas cead pleanála do scéimeanna ag Sráid an Tiarna Éadbhard (83 teach) agus Sráid na gCaorach (10 teach). Cuireadh iarratas ar chead pleanála do 80 teach sa Chnoc Theas isteach i mí na Nollag 2014.

Athchóiriú ar thithe atá ann faoin gClár Uasghrádaithe Teirmeach.
Déanadh dul chun cinn suntasach i ngach ceann de na ceithre cheantar athghiniúna i 2014. Tá an Clár Uasghrádaithe Teirmeach, a sholáthraíonn Rátáil Fuinnimh Foirgnimh C chuig na tithe go léir atá ann, tar éis dul chun cinn le seacht gconradh tógála críochnaithe agus cúig cinn eile ar an mbealach. Beidh gach obair ar an 1,504 teach atá i gceist críochnaithe faoi 2018. Leanann ceannach straitéiseach láithreán, atá ag teacht leis na cuspóirí foriomlána athghiniúna, le ról a bheith aige.

Tiomsú ar láithreán le héascú a dhéanamh ar athghiniúint fhisiciúil, shóisialta agus eacnamaíochta.
Tá obair ar siúl ar fhorbairt tithíochta neamhchríochnaithe atá suite go feiceálach ag Waller's Well a chríochnú (10 teach) agus beidh sin críochnaithe in Aibreán 2015.

Beidh tionchar dearfach ag soláthar na scéime seo ag leibhéal na cathrach ar fad in éineacht le tithe nua a sholáthar.

Forbairt Saoráidí Pobail/Tionscadail Infreastruchtúir
Leanadh le tionscadail chaipitil ar scála beag i 2014 d'fhonn feabhas a chur ar an timpeallacht, slándáil a fheabhsú agus nascacht a neartú. Tionscadail mar bhealach nua isteach a thógáil chuig Coláiste Pobail Neasáin, Maigh Rois agus fáiltíodh roimh oibreacha feabhsúcháin ar shaoráidí imeartha Moyross United i 2014.

Scartáil straitéiseach
Leanadh le scartáil straitéiseach i 2014 le 78 teach á scartáil. Bhí an scartáil seo ag teacht leis na cuspóirí straitéiseacha foriomlána. Déanfar coinneáil agus athchóiriú nuair is féidir é.

Coiste um Polasaí Straitéiseach Forbartha Baile agus Sóisialta

Tionóladh dhá chruinniú de Chomhchoiste um Polasaí Straitéiseach maidir le Forbairt Baile agus Sóisialta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i 2014.

Rinne na baill plé orthu seo a leanas:
- Láithreoireacht ó na Samaritans
- Nuashonrú ar an gClár Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta
- Láithreoireacht agus nuashonrú ar an gComhstraitéis um Iompraíocht Fhrithshóisialta
- Nuashonrú ar Chreatphlean Forfheidhmithe na hOifige Athghiniúna
- Faisnéisiú ar an Dréachtchlár Cóiríochta do Thaistealaithe 2014-2018
- Fógra maidir leis an Scéim um Fheabhsúcháin Tí.

Forbairt Bhaile agus Shóisialta

Cúirt Vize, Sráid Iósaif – 29 Aonad Críochnaithe i mí Iúil 2014.

Táscairí Feidhmíochta

H1: Stoc Tithíochta Sóisialta

Líon foriomlán na n-áras cónaithe a sholáthair an LA (tógtha nó ceannaithe) i 2014	377
Líon iomlán na dtithe cónaithe sóisialta sa LA ar an 31/12/2014	6,635

Nóta: *Rinne an LA 5,211 áras cónaithe a sholáthar go díreach; 1,169 aonad RAS; 210 aonad HAP: 45 Tionscnamh Léasachta Tithíochta Sóisialta*

H2: Folúntais Tithíochta

Céatadán na n-áras cónaithe go léir a bhí folamh ar an 31/12/2014 5.25%	5.25%

Nóta: *Áirítear aonaid a bhí folamh don chlár scartála*

H3: Meán am agus meán-chostas athligin

a.	An t-am a thóg sé ón dáta ar a raibh an t-áras cónaithe folamh go dtí an dáta i seachtainí 2014 nuair a tosaíodh ar thionóntacht nua san áras, mar mheán thar gach aonad athligthe i 2014.	67.5

Nóta: *Tugadh faoi chlár le folúntais fhadtéarmacha a athlíonadh i 2014 ar a raibh 97 aonad a bhí folamh níos faide ná 52 seachtain.*

b.	Ba é an meánchostas a bhain haonaid a ullmhú le tionóntaí a thabhairt ar ais chucu i 2014.	€6,654

H4: Costas Cothabhála Tithíochta

Caiteachas i rith 2014 ar dheisiú agus ar chothabháil tithíochta a cheannaigh nó a thóg an LA críochnaithe ar bhonn leanúnach ón 01/01/2014 go dtí 31/12/2014 roinnt ar líon na n-aonad a soláthraíodh go díreach i stoc an LA ag 31/12/2014	€841.28

H5: Cigireachtaí ar Thithíocht ar Cíos san Earnáil Phríobháideach

a.	Líon iomlán na dtionóntachtaí cláraithe i gceantair an LA	7183
b.	Líon na gcigireachtaí a déanadh	402

H6: Daoine Fásta gan Dídean go Fadtéarmach

a.	Líon na ndaoine fásta atá gan dídean go fadtéarmach mar chéatadán de líon iomlán na ndaoine fásta atá gan dídean -	33.88%

Nóta: *Líon na ndaoine fásta a rangaíodh mar dhaoine a bhí gan dídean ar an 31/12/2014 – 245.*

Líon na ndaoine fásta a bhí i gcóiríocht éigeandála ar feadh 6 mhí go leanúnach, nó ar feadh 6 mhí ar fad le linn na bliana roimhe sin.	83

Josephine Cotter-Coughlan

Seirbhísí Pobail, Fóillíochta & Éigeandála

Pobail, Fóillíochta & Éigeandála

POBAL AGUS FÓILLÍOCHT

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil 96
Cathracha Idirchultúrtha Luimnigh 98
Grúpa Oibre Luimnigh 98
Clár Aoisbháúil Luimnigh 99
Coiste Cúraim Leanaí Luimnigh 99
Mórtas Áite 101
Comhairle na nÓg Luimnigh 101
Limerick Lifelong Learning Festival 102
Public Participation Network 102
Spórt 103
Aonad Bainistíochta Eastáit 104
Scéim Ranníocaíochta 106
Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Luimnigh 107
Táscairí Seirbhíse 110
Seirbhísí Leabharlainne 112
Seirbhís na nEalaíon 114
Cartlann Luimnigh 118
Dánlann Chathair Luimnigh 120
Cathair an Chultúir 2014 123

SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

Cosc Dóiteáin, Rialú Tógála & Rannóg na bhFoirgneamh Contúirteach 126
Táscairí Seirbhíse 127
Cosaint Shibhialta 130

Pobal

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ)

Soláthraíonn Alt 49A den Acht Rialtais Áitiúil 2001, faoi mar a cuireadh isteach leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, do bhunú Choiste Forbartha Pobail Áitiúil chun na críche: 'Forbairt, comhordú agus forfheidhmiú ar chur chuige comhtháite maidir le forbairt áitiúil agus pobail'.

Áirítear ar fheidhmeanna LCDC:

- eilimintí pobail den Phlean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail a ullmhú
- cur i bhfeidhm, nó socrú d'fhorfheidhmiú, na n-eilimintí pobail den Phlean
- athbhreithniú a dhéanamh ar na heilimintí pobail den Phlean ar a laghad uair amháin laistigh de thréimhse 6 bliana, agus más gá é, leasú a dhéanamh ar eilimintí pobail an Phlean
- monatóireacht a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar fhorfheidhmiú na n-eilimintí pobail den Phlean, agus má cuí, athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus na straitéisí a socraíodh d'fhonn cuspóirí eilimintí pobail an Phlean a bhaint amach,
- comhardú, bainistiú agus maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na gclár forbartha áitiúil agus pobail atá faofa ag an Údarás Áitiúil iomchuí nó aontaithe idir an LCDC agus an t-údarás áitiúil iomchuí (m.sh. roinn rialtais, gníomhaireacht Stáit etc.)
- feabhas a chur ar chomhordú na gclár forbartha áitiúil agus pobail atá maoinithe go poiblí agus laghdú a dhéanamh ar dhúbláil
- in éineacht leis na cláir atá maoinithe go poiblí, comhordú ginearálta a dhéanamh ar na cláir áitiúla agus forbartha pobail laistigh de réimse feidhme an LCDC
- féachaint ar dhréacht d'eilimintí eacnamaíocha an Phlean agus glacadh le ráiteas le cur faoi bhráid na Comhairle ina thaobh seo, agus
- tuarascáil bhliantúil a ullmhú ar fheidhmíocht a fheidhmeanna.

Bunaíodh LCDC i mí lúil 2014. Is é atá ann ná 17 ball (idir chomhpháirithe reachtúla agus neamhreachtúla ó cheantar riaracháin Chathair agus Chontae Luimnigh).

Pobail, Fóillíochta & Éigeandála

Seo a leanas mar atá ballraíocht an Choiste:

Ionadaithe ón Earnáil Phoiblí

Baill den Údarás Áitiúil	An Clr. Seamus Browne	
	An Clr. Daniel Butler	
	An Clr. Eddie Ryan	
	An Clr. Jerome Scanlan	
Foireann an Údaráis Áitiúil	Mr. Conn Murray	
Údaráis Phoiblí	H.S.E	Mr. Bernard Gloster
	D.S.P	Mr. Jim Lynch
	LCETB	Mr. George O' Callaghan

Ionadaithe ón Earnáil Neamhreachtúil

Cuideachtaí Forbartha Áitiúla	Comhpháirtíocht PAUL	Anne Kavanagh
	Acmhainní Iarthair Luimnigh	Shay Riordan
	Forbairt Bhealach Abhra	Carmel Fox
Pobal & Deonach	Ms. Nuala Rennison	
Ionadaíocht	Mr. Cathal McCarthy	
	Mr. Donal Cooper	
	Ms. Marion Harnett	
An Colún Comhshaoil	Ms. Trish Forde-Brennan	
An Earnáil Talmhaíochta	Mr. Aidan Gleeson	

Ceapadh an Clr. Eddie Ryan mar Chathaoirleach ar LCDC Luimnigh.
Dul Chun Cinn / Ar Baineadh Amach i 2014

- Tugadh ballraíocht LCDC Luimnigh chun críche i Meitheamh 2014
- 5 Líon na gcruinnithe reachtúla a tionóladh:
  - 15ú Iúil;
  - 2ú Meán Fómhair;
  - 30ú Meán Fómhair;
  - 11ú Samhain;
  - 2ú Nollaig.
- Cuireadh Téarmaí Tagartha & Rialacha Seasta le chéile agus glacadh leo;
- Polasaí maidir le Coinbhleacht Leasa curtha le chéile agus glactha leis;
- Clár maidir le Cuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP):
  - Míreanna ar aontaíodh orthu – 3 líon na bhFo-mhíreanna do Chathair agus do Chontae Luimnigh;
  - SCAIP Rinne an LCDC bainistiú ar Staid 2 den phróiseas tairisceana – déanadh Cuireadh chun Tairisceana a chur amach ar an 20ú Deireadh Fómhair 2014 le dáta deiridh le tairiscintí a fháil ar an 19ú Nollaig 2014;
  - Cuireadh Fochoiste Measúnaithe SICAP le chéile (5 líon na mball);
  - Cuireadh Foireann Measúnaithe SICAP le chéile (3 líon na mball);
  - Próiseas Measúnaithe na dTairiscintí Nollaig 2014 – Eanáir 2015;
- Plean Áitiúil Geilleagrach & Pobail (LECP):
  - Déanadh réamhobair ar bhailiú agus anailís ar shonraí le forbairt an LECP a chur ar an eolas;
  - Cuireadh Grúpa Oibre le chéile d'fhonn an plean a chur chun cinn.

Pobail, Fóillíochta & Éigeandála

Comhdháil na gCathracha Idirchultúrtha 2014

Comhdháil na gCathracha Idirchultúrtha (An Clr. Maria Byrne).

Cathracha Idirchultúrtha (Seán Óg Ó hAilpín le Seamus O Connor, Martina Caulfield, Deirdre Minogue agus Áine Frawley).

Cathair Idirchultúrtha Luimnigh

Fógraíodh go hoifigiúil go raibh Luimneach mar chathair idirchultúrtha le linn óstáil a bheith á dhéanamh ar mhór-chomhdháil idirchultúrtha i Luimneach ar an 21ú agus 22ú Samhain. Tionóladh Comhdháil agus Ceardlann na gCathracha Idirchultúrtha maidir le 'Sport, na hEalaíona agus Cultúr' sa Limerick Strand Hotel agus ar na cainteoirí bhí réalt idirnáisiúnta rugbaí Keith Wood, an Iománaí "All Star" Seán Óg Ó hAilpín agus imreoir rugbaí an "Grand Slam" Niamh Briggs.

Shínigh an Méara an Clr Kevin Sheahan cairt go hoifigiúil á fhógairt go raibh Luimneach ina cathair idirchultúrtha. D'fhreastal daichead toscaire idirnáisiúnta ar Chomhdháil na gCathracha Idirchultúrtha a mhair dhá lá mar a raibh meascán de phlé painéil, láithreoireachtaí agus idirphlé ghrúpa comhordaithe ag Rannóg Pobail Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Grúpa Oibre Imeasctha Luimnigh

Sheol Grúpa Oibre Imeasctha Luimnigh a dhara Plean Imeasctha – i dTreo Luimneach Idirchultúrtha – Plean Imeasctha Cathrach agus Contae Luimnigh 2013 – 2016, ag leanúint ar dhea-obair an Phlean Imeasctha roimhe sin.

Rinne Cathair Luimnigh óstáil ar Lá/Seachtain na hAfraice ón 17ú go dtí an 24ú Bealtaine 2014. Faoi mar a tharla i mblianta roimhe seo d'oibrigh Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh i gcomhoibriú le Grúpa Oibre Imeasctha Luimnigh, ar a bhfuil roinnt grúpaí reachtúla, deonacha, pobail agus imirceach, maidir le himeachtaí Sheachtain na hAfraice a sholáthar agus a dhearadh.

Ceapadh na himeachtaí le béim a chur ar dhea-íomhá na hAfraice agus le ceiliúradh a dhéanamh ar éagsúlacht agus deiseanna d'ilchríoch na hAfraice i measc phobal na hAfraice agus na hÉireann araon. Buaicphointí ar leith ba ea an SportsFest, an Siompóisiam ar Chomhpháirtithe chun Fáis – An Ghaolmhaireacht Idir Éire agus an Afraic, Ceolchoirm Fhuaimeanna na hAfraice agus Ceolchoirm an Chomhartha. Tá an suntas a bhaineann le ceiliúradh a dhéanamh ar chultúr na hAfraice i Luimneach ar bhealach níos cuimsithí ná mar a déanadh cheana an-oiriúnach toisc Luimneach a bheith ainmnithe mar Chathair an Chultúir 2014. Tionóladh roinnt cruinnithe comhairleacha leis an bPobal Afracach maidir le dearadh agus soláthar Sheachtain na hAfraice 2014.

Pobail, Fóillíochta & Éigeandála

Cár Aoisbháúil Luimnigh

Is í bunaidhm Chláir Aoisbháúil Luimnigh go mbeadh Cathair agus Contae Luimnigh ina n-áiteanna maithe le dul in aois iontu. Rinne comhaontas deonach de chomhlachtaí earnála stáit agus eagraíochtaí pobail a sholáthraíonn seirbhísí do Sheandaoine maoirseacht ar an gClár. Tá guth an tSeanduine lárnach don Chlár.

I 2014, tharla comhairliúchán fairsing le breis agus 700 seanduine. Cuireadh torthaí an chomhairliúcháin i láthair ag seimineár agus ceardlann a tionóladh i Meán Fómhair, 2014 ag a raibh níos mó ná 40 príomhsholáthróir seirbhíse i láthair. Cuirfidh na torthaí na gníomhaíochtaí forbartha ar an eolas a bheidh i Straitéis Aoisbháúil Luimnigh.

I 2014 críochnaíodh Pleananna na mBailte Aoisbháúla don Cheapach Mhór agus an Taobh Thuaidh de Luimneach.

Coiste um Chúram Leanaí Luimnigh

I 2014, tháinig Coiste um Chúram Leanaí Chathair Luimnigh agus Coiste um Chúram Chontae Luimnigh le chéile le Coiste amháin um Chúram Leanaí a chruthú. Lean an Coiste nua le freastal ar a phríomhchuspóirí maidir le heolas agus tacaíocht a sholáthar do sholáthróirí cúraim leanaí agus do thuismitheoirí san earnáil cúraim leanaí óga.

Seoladh Thuarascáil ar Dhul Chun Cinn an Ghrúpa Oibre Comhtháthaithe.

Seoladh Thuarascáil ar Dhul Chun Cinn an Ghrúpa Oibre Comhtháthaithe (GOC).

Seimineár Aoisbháúil Luimnigh Meán Fómhair 2014

Seimineár Aoisbháúil Luimnigh Meán Fómhair 2014

Pobail, Fóillíochta & Éigeandála



Lá na hAfraice Luimnigh – Fuaimeanna na hAfraice

Mórtas Áite

Lean Cathair agus Contae luimnigh lena dtraidisiún maidir le rath a bheith ar an gComórtas Mórtais Áite i 2014.

D'ainmnigh an Chomhairle 4 phobal le hionadaíocht a thabhairt do Luimneach i gcomórtas 2014 – Cill Liaile, Feale Life (Mainistir na Féile), Eastát Radharc na Cille (Cill Mocheallóg), agus tionscadal CWELL (Oileán an Rí).

Tugadh breithmheas i mí Lúil agus fógraíodh na duaiseanna ag searmanas sa West County Hotel, Inis aran Satharn an 15ú Samhain, 2014.
Fuair Radharc na Cille an dara duais i gCatagóir 9, Catagóir na nEastát Tithíochta. Tugadh aitheantas don tionscadal CWELL le duais Chatagóra Speisialta.

Mórtas Áite – FEALE LIFE

Mórtas Áite – CILL LIAILE

Mórtas Áite – Radharc na Cille

Comhairle na nÓg Luimnigh

I 2014 tháinig Comhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh le chéile le Comhairle na nÓg aontaithe a chruthú do Luimneach.

Ag a Cruinniú Cinn Bhliana ar an 24 Deireadh Fómhair, 2014, a tionóladh den chéad uair in Ollscoil Luimnigh i gcomhar leis an Rannóg Riaracháin Phoiblí, tháinig os cionn 200 duine óg ó ar fud Luimneach le chéile le plé a dhéanamh ar réimse ceisteanna a bhain le Soláthar Díreach.

Leanfaidh an Chomhairle aontaithe ag obair ar na nithe a aithníodh ina plean bliantúil i gcaitheamh 2015.

Pobail, Fóillíochta & Éigeandála

Seachtain Chathair na Foghlama

Maigh Rois, Seachtain Chathair na Foghlama

Féile Foghlama ar Feadh an tSaoil Luimnigh

Bhí an 4ú Féile Foghlama ar Feadh an tSaoil Luimnigh ar siúl idir an 17ú agus an 13ú Aibreán, 2014. Bhí téama na féile ag teacht le hainmniú Luimnigh i 2014 mar an chéad chathair náisiúnta a ainmníodh mar Chathair an Chultúir- Do Fhoghlaim – Do Chultúr. Bhí breis agus 150 gníomhaíocht foghlama ar siúl le linn na féile ar a n-áirítear ealaíona agus ceardaíocht, culture, garraíodóireacht, caitheamh aimsire, sláinde agus folláine, agus TF.

Líonra Rannpháirtíochta Pobail

Tosaíodh ar chéimeanna a ghlacadh i 2014 ar struchtúr nua rannpháirtíochta pobail a bhunú ar a dtabharfaí an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN).

Déanfar PPN a bhunú i ngach ceantar Údaráis Áitiúil le cois mholtaí an Tuarascála ón nGrúpa Oibre ar Rannpháirtíocht na Saoránach le Rialtas Áitiúil (Feabhra 2014).

Aithníonn an Tuarascáil dhá ról ar leith don PPN:

- Éascú a dhéanamh ar chaidreamh agus ar ionadaíocht níos fearr idir na pobail áitiúla agus rialtas áitiúil.
- Éascú a dhéanamh ar ghrúpaí agus eagraíochtaí maidir le líonrú agus tionchar a bheith acu ar cheisteanna atá acu i bpáirt.

Tugadh faoi phróiseas fairsing comhairliúcháin agus clárúcháin poiblí idir Dheireadh Fómhair agus Nollaig 2014, le os cionn 20 cruinniú poiblí á n-eagrú. Chláraigh 434 grúpa leis an PPN i Luimneach faoin dáta deiridh clárúcháin.

Beidh an PPN ann in ionad na bhFóram Pobail agus Deonach mar chomhlacht monatóireachta d'ionadaithe an phobail ar choistí na Comhairle mar na Coistí um Beartais Straitéiseacha, na Comhchoistí Póilíneachta agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil.

Spórt

Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh

Il 2014, tháinig Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Chontae Luimnigh (CLLSP) agus Comhpháirtíocht Spóirt Chathair Luimnigh le chéile le LSP amháin a chruthú do Chathair agus do Chontae Luimnigh. Lean an LSP leis na príomhchuspóirí a bhaint amach maidir le faisnéis, oideachas agus forfheidhmiú na gclár ar fud an Luimnigh.

Sholáthair an LSP oideachas agus oiliúint do 1,294 oiliúnóir/riarthóir agus múinteoir sna clubanna éagsúla spóirt agus scoileanna ar fud an Chontae.

Is cuid den "Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach" (CPD) na cláir/cúrsaí seo do na rannpháirtithe. Déanann siad deimhin de go mbíonn sábháilteacht, dea-chleachtas agus rialachas éifeachtach ar fáil dár n-oiliúnóirí agus do rannpháirtithe ag leibhéal na cosmhuintire. Chríochnaigh 1360 oiliúnóir an cúrsa Cóid Eitice "feasacht bhunúsach" go dtí seo le 36 eile ag críochnú an Chúrsa Oifigigh Leanaí. Ar na cúrsaí oideachais agus traenála a soláthraíodh áirítear Ceannaireacht Ghníomhach, Garchabhair Spóirt agus Seimineáir ar Rialachas Chlub le os coin 300 oiliúnóir/riarthóir ag freastal ar chlár an tsraithe seimineár.

Tá teagmháil díreach ag Comhpháirtíochtí Spóirt Luimnigh, trí sprioc-chláir, le 34,396 rannpháirtí ó phríomh-spriocghrúpaí; daoine óga faoi mhíbhuntáiste, seandaoine, taistealaithe, daoine óga, cailíní sna déaga agus máithreacha. Ar na cláir áirítear cailíní agus máithreacha gníomhacha, tar le chéile agus traenáil, peil do chailíní, féilte spóirt d'aosaigh, imeachtaí oll-rannpháirtíochta (rith/siúlóidí/bogshodar/rothaíocht), cláir ghníomhaíochta fisiciúil ar chríochnú scoile, Link2BActive, cailíní lasmuigh, fittlesticks agus fitwalk.

I 2014, sheol Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh Scéim Deontais Naisc Phobail agus Club de €50,000. Bhain 62 Club agus Grúpa Pobail ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh leas as deontais de €500 - €1000. Bhí Clubanna agus Grúpaí Pobail tiomanta óstáil a dhéanamh ar Ghníomhaíochtaí "Lá Oscailte, Bain Triail As" ina bpobal d'fhonn a bheith níos cuimsithí do bhaill nua. Bhain 7,000 + rannpháirtí leas as an scéim deontais seo.

Ar na príomhchláir a soláthraíodh i 2014 áirítear clár nua Men-on-the-Move san Ospidéal-Baile Hiorbaird, Mainistir na Féile agus Cathair Luimnigh. Bhí an clár seo dírithe ar 50 fear san aois 35+ le bheith gafa arís le gníomhaíocht fhisiciúil. Beifear ag díriú ar phobail nua don tionscnamh seo i 2015.

Cuireadh le Dúshlán Maratóin na Scoileanna i mbliana le Cuideachtaí/Eagraíochtaí a áireamh. Bhí 180 fostaí ó 8 Cuideachta rannpháirteach i gclár traenála roimh dul in iomaíocht sa mharaton iomlán ag Láthair Spóirt OL i mí Dheireadh Fómhair. Tá an tóir atá ar an imeacht seo tar éis an-spéis a chinntiú ó chuideachtaí nua le bheith rannpháirteach i 2015.

Áirítear ar na Príomhghníomhaíochtaí Eile:

- Clár rothaíochta Women on Wheels le 50 tosaitheoir rothaíochta rannpháirteach i gclár 8 seachtainí roimh an Tour de Burren 50k agus 80k.
- Operation Transformation agus Let's Go Walking Limerick 2014 le os cionn 500 rannpháirtí
- Grúpaí Meet and Train & Feet on the Street
- Bliain Nua, Tús Nua
- Caint ar Spórt (gníomhaíocht fhisiciúil agus tacaíocht do shláinte intinne)
- Splash & Dash – clár Bunscoile in Eas Géitine agus OL
- Clár na gCluichí Go for Life do Sheandaoine
- Cláir Chríochnaithe Scoile bunaithe ar shláinte agus ghníomhaíocht fhisiciúil
- Ceardlann Sláinte & Folláine Pobail tugtha do os cionn 2397 rannpháirtí
- Máthair gach Spórt – clár Tag Rugby a soláthraíodh ag 4 láthair
- Clár VIP
- Gníomhaíochtaí agus cláir chomhordaithe maidir le gníomhaíochtaí Sheachtain na Rothar, Seachtain Áineasa, Seachtain Réthaistil, Lá Domhanda an Chroí, Lá na gCosán Náisiúnta, Seachtain Domhanda Diaibéitis, agus an Lá Náisiúnta Súgartha
- Clár Lúthchleasa Halla Spóirt le 12 bunscoil agus 1000+ leanbh
- GLR Kids run for Fun – ghlac os cionn 2,300 páiste páirt san imeacht seo le clár traenála 4 seachtainí ar siúl roimhe ina scoileanna
- Bhí 1,230 páiste ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste rannpháirteach i gCampaí Cásca, Samhraidh agus Samhna.

Ceann de na príomhnithe ar éirigh leis an LSP a dhéanamh ná oibriú i gcomhpháirtíocht le roinnt gníomhaireachtaí i dtreo is go bhféadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chláir agus ar thionscadail agus iad a bheith níos inbhuanaithe. Tá sé an-soiléir i gcás na dtionscadal a forbraíodh le Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh, Acmhainní Iarthar Luimnigh, LCETB, Ollscoil Luimnigh, an FSS, Seirbhísí d'Ógra Luimnigh, Fóram Drugaí & Alcóil Réigiún an Iarthair Láir, Fóram Spóirt, Fóram na Míchumas agus Coiste Cúraim Leanaí Luimnigh.

Tá an Chomhpháirtíocht Spóirt bunaithe i Láthair Spóirt OL agus le tuilleadh eolais a fháil ar imeachtaí/gníomhaíochtaí agus cúrsaí oideachais a bheidh ar siúl féach le do thoil ar www.limericksports.ie

Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta Eas Géitine Teo

Lean Ionad Fóillíochta Eas Géitine le réimse leathan deiseanna fóilíochta agus áineasa a thairiscint do cheantar Iarthar Luimnigh i 2014.
In éineacht le roghanna úsáide ballraíochta agus íoc-mar-a-úsáidtear, soláthraíonn an Ionad ceachtanna do 46 scoil ar fud Chontae Luimnigh. Freastlaíonn an Ionad ar lucht snámha de gach aois agus cumas agus bíonn sé oscailte trí mhaidin sa tseachtain anaois ag 7:30am. Tá ceachtanna poiblí ar fáil freisin 5 lá sa tseachtain.

Ionad Fóillíochta Oileán an Gharráin

Tionóladh ath-sheoladh an ionaid fhóillíochta i samhradh 2014.

Déanadh suiteáil ar Chomhghléasra Cumhachta agus Teasa ag Ionad Fóillíochta Oileán an Gharráin i 2014. Tá sábháil ar chostas fuinnimh i gceist láithreach don ionad. Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cistiú ar an suiteáil chomh maith de deontas SEAI.

Déanadh suiteáil ar threalamh nua gleacaíochta ag an ionad, ag baint leasa as na Deontais Náisiúnta Spóirt leis an trealamh a cheannach.

Galfchúrsa An Ráth Bhán

Foilsíodh tairiscint do sholáthar oibreora do bhainistiú Ghalfchúrsa Bardasach An Ráth Bhán i mí na Nollag, 2014. Táthar ag súil leis go gceapfar an oibreoir nua i 2015.

Aonad Bainistíochta Eastáit

Tá trí phríomhghné ag baint leis an Aonad Bainistíochta Eastáit:
(i) Tacaíocht Eastáit
(ii) Tacaíocht Indibhidiúil do Thionónta agus
(iii) Forfheidhmiú Tionóntachta / Iompraíocht Fhrithshóisialta

(i) **Tacaíochtaí Eastáit**

- Is í príomhaidhm an chláir seo tacaíochtaí a sholáthar d'fhonn feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála agus forbairt a dhéanamh ar spiorad an phobail in eastáit na Comhairle. Chuige sin, oibríonn an tAonad go dlúth cumainn na n-áitritheoirí agus spreagtar grúpaí nua dá leithéid a bhunú, ag tacú le forfheidhmiú na bpríomhghníomhaíochtaí a aithníonn siad le feabhas a chur ar a n-eastát. Bhí éagsúlacht ag baint leis an tacaíocht a tugadh ó chúnamh maidir le mionoibreacha bonneagair a sholáthar mar fhálú, ballaí, comharthaíocht etc., go céimeanna níos boige mar oiliúint ar scileanna choistí, cur le laethanta glanta, imeachtaí do leanaí etc.

- Tionóladh dhá chruinniú rathúla d'Fhóram Ionadaíoch na nÁitritheoirí Eastát i rith na bliana. Is í príomhaidhm an Fhóraim ná ardán a sholáthar mar ar féidir le hionadaithe ó gach cumann áitritheoirí bualadh lena chéile agus le hoifigigh na Comhairle d'fhonn faisnéis agus taithí a chomhroinnt i spiorad comhpháirtíochta.

- Roghnaíodh eastát Radharc na Cille i gCill Mocheallóg le hiontráil i gcomórtas Mórtas Áite Náisiúnta Uile-Éireann i gcatagóir na nEastát Tithíochta. Bhain obair ollmhór le hullmhú an eastáit ag an gcoiste agus ag áitritheoirí, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle, roimh chuairt na mbreithiúna ar an 28ú Iúil 2014 agus ba

léir go raibh an timpeallacht fisiciúil agus spiorad an phobail san eastát tar éis dul i bhfeidhm ar na breithiúna. Bhí toradh ar an spiorad céanna nuair a fógraíodh gur bhuaiteoirí náisiúnta iad ina gcatagóir ag an searmanas bronnta a tionóladh in Inis i mí na Samhna.

- Soláthraíodh tacaíocht bainistíochta eastáit sna heastáit mhóra uirbeacha go príomha tríd an Oifig Athghiniúna agus/nó trí chomhlachtaí faofa le cúnamh deontais ón gComhairle.

(ii) **Tacaíocht don Tionónta Indibhidiúil**

- Soláthraíonn an tAonad seirbhís, faoi threoir oibrí sóisialta, de thacaíocht do thionóntaí a bheadh aitheanta mar a bheith leochaileach nó i ngá cabhrach ar chúis ar bith eile. Ina theannta sin, déantar monatóireacht ar thionóntachtaí indibhidiúla a mbeadh aire ar leith ag teastáil uathu le cosc a chur ar fhadhbanna a theacht chun cinn.

- Soláthraítear traenáil Réamh-Thionóntachta do gach tionónta nuacheaptha. I measc nithe eile, déantar téarmaí na gComhaontuithe Ligin a bhíonn sínithe a mhíniú go soiléir i dtreo is go dtuigtear dualgais na dtionóntaí agus, go deimhin, na Comhairle go soiléir. Ba é líon na dtionóntaí a rinne a leithéid de thraenáil i 2014 ná timpeall 215.

(iii) **Forfheidhmiú Tionóntachta / Iompraíocht Fhrithshóisialta**

- Rinne an tAonad 435 gearán a thaifead i 2014, le timpeall leath acu sin ag baint le hiompraíocht fhrithshóisialta. Is é polasaí na Comhairle freagairt do na ceisteanna seo go tapaidh agus go láidir agus oibríonn sí go dlúth leis An Garda Síochána nuair is gá.

- Fuarthas 7 Ordú Eisiata in aghaidh dhaoine indibhidiúla sa Chúirt Dúiche i 2014, a raibh sé mar thoradh orthu go raibh bac dlíthiúil ar na daoine indibhidiúla sin ó eastáit ainmnithe. Thug seo líon iomlán na nOrduithe sin a bhí ag feidhmiú ag deireadh na bliana go dtí 12. Glactar leis gur cion coiriúil é a leithéid d'Ordú a shárú, le fíneáil agus/nó príosúnacht mar phionós air.

Comhdháil na gCathracha Idirchultúrtha 2014

Limerick City & County Council received applications for grant assistance which encourage and support a number of community, cultural or heritage initiatives in Limerick City & County. The Contribution Scheme is open to community based / not for profit organisations and applications must be directly related to one or other of the following categories: -

Initiatives/events which promote culture and local heritage.
Initiatives/events which generate civic pride
All 23 applications were approved by the Council Members and paid out during 2014.

List of all the organisations that received funding is below.

Eagraíocht	Toghcheantair	Méid
Áth Dara/Ráth Caola	Oidhreacht Áth Dara	€10,000
	Iontaobhas Cathartha Eas Géitine	€ 5,000
	Músaem Eitlíochta & Muirí na Fainge	€15,000
	Cluichí Pobail Luimnigh	€ 2,000
	Deontais Iomlána d'Áth Dara/Ráth Caola	€32,000
An Cheapaigh Mhóir/ Cill Mocheallóg	Comhaltas Fleadh Luimnigh 2014	€ 2,000
	Raidió Pobail Oirthear Luimnigh	€ 2,000
	Friarsgate Theatre	€ 3,000
	Leas Ainmhithe Luimnigh	€ 1,000
	Comharchumann Forbartha Loch Goir	€ 3,000
	Iomlán na nDeontas don Cheapaigh Mhóir/Cill Mocheallóg	€11,000
Dúiche Chathrach Luimnigh	Ceolchumann Cecilian	€ 1,000
	Iarsmalann Hunt	€ 2,500
	Ceolfhoireann Aragail na hÉireann	€ 5,000
	Cuardach agus Tarrtháil Mhuirí Luimnigh	€ 5,000
	Ceolchumann Luimnigh	€ 1,000
	Limetree Theatre	€ 4,000
	LSPCA	€ 1,000
	Seirbhís Ógra Luimnigh	€ 1,500
	Éigeandáil um Éigniú an Iarthair Láir	€ 2,000
	Scoil agus Lárionad San Gaibriéil	€ 2,000
	Ceoláras na hOllscoile	€18,000
	Iomlán na nDeontas do Dhúiche Chathrach Luimnigh	€43,000
An Caisleán Nua	Fóillíocht Phobail Mhainistir na Féile	€ 2,000
	Cuardach agus Tarrtháil Cheantar Mhainistir na Féile	€ 5,000
	Raidió Pobail Iarthair Luimnigh	€ 2,000
	Iomlán na nDeontas don Chaisleán Nua	€ 9,000
Iomlán Íoctha do Scéim Ranníocaíochta 2014		€95,000

Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Chathair Luimnigh

Gníomhaíochtaí Oideachasúla

Le linn na bliana acadúil, oibríonn na Comhordaitheoirí Pobail le 500 dalta náisiúnta in aghaidh na seachtaine mar mheán, ag soláthar na gclár a luadh thuas do na scoileanna seo a leanas:

Gaelscoil Sairseal – Sráid Mhuire
Scoil Náisiúnta an Ghallmhóin
Scoil Náisiúnta Bhanríon na Síochána
Scoil Náisiúnta an Chnoic Theas
Bunscoil Mhichíl
Bunscoil na mBráthar Críostaí
Scoil Náisiúnta Eoin
Scoil Chailíní Mhainchín
Corpus Christi
Scoil Náisiúnta Lelia
Scoil Chailíní Bhaile Uí Neachtain
Scoil Bhuachaillí Chathair Dháibhín
Scoil Chailíní Chathair Dháibhín
Scoil Bhuachaillí Naomh Pádraig
Scoil Chailíní Naomh Pádraig

Comhpháirtíocht Sábháilteachta – Lá Faisnéise Sábháilteachta do Sheandaoine, Halla Naomh Eoin.

Le linn na tréimhse ó Eanáir go Nollaig 2014, d'oibrigh na Comhordaitheoirí Pobail le bun agus le meánscoileanna leis na cláir seo a leanas a sholáthar:

Súile Oscailte (Ranganna 5 agus 6) leis na téamaí seo a leanas:
Bíodh Cur Amach Agat ar do Phobal, Sábháilteacht Dóiteáin; Sábháilteacht Uisce; Sábháilteacht ar Bhóithre, Feasacht Chomhshaoil agus Sábháilteacht Ainmhithe. Don chlár seo d'oibríomar le Briogáid Dóiteáin agus Rannóg Comhshaoil Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, An Garda Síochána agus An Cumann um Leas Ainmhithe.

Comhpháirtíocht Sábháilteachta – Jean Ryan, Comhordaitheoir Pobail, ag Rince Tae do Sheandaoine, Páirc Thuamhan.

Sábháilteacht Idirlín (Rang 4) leis na téamaí seo a leanas:
Eolas Pearsanta a Thabhairt, Cibearbhulaíocht, agus R-Phost a Úsáid. Rinne Comhordaitheoirí an Phobail an clár seo a fhorbairt.
Club Tráchta: (Leanaí Réamhscoile agus Naíonáin Shóisearacha) leis na téamaí seo a leanas: greim a choimeád ar lámha le bheith sábháilte, stop ag colbha, féachaint le haghaidh tráchta, éisteacht le haghaidh tráchta, trasnú go sábhailte, sábháilte sa char, ag súgradh go sábháilte agus a bheith le feiceáil.

Saoránacht Ghníomhach: (Ranganna 5 agus 6) leis na téamaí seo a leanas: Cearta agus Freagrachtaí, Cad é Pobal?, an córas Vótála in Éirinn, an tábhacht atá le vótáil, rialtas áitiúil.

Clár Iompraíochta Frithshóisialta (Rang 6). Is clár cúig seachtainí é seo dírithe ar dhaoine óga a spreagadh le smaoineamh ar iompraíocht fhrithshóisialta, le smaoineamh ar a n-iompar féin agus ar iompar dhaoine eile. Rinne na Comhordaitheoirí an clár seo a fhorbairt.

'JUMP' (Ranganna 3, 4 agus 5) Déanann an clár 'tar éis scoile' seo gníomhaíochtaí eile a thairiscint a cheadaíonn do leanaí teacht le chéile go sóisialta i dtimpeallacht sábháilte mar ar féidir le leanaí foghlaim conas díriú ar obair bhuíne, rannpháirtíocht agus conas rialacha a leanúint. Rinne na Comhordaitheoirí an clár seo a fhorbairt.

Clár Frithbhulaíochta (Ranganna 4 agus 5). Cabhraíonn an clár seo le daoine óga tuiscint níos fearr a fháil ar conas a mhothaíonn daoine a ndéantar bulaíocht orthu. Féachann sé ar cibearbhulaíocht agus an tionchar a bhíonn aici ar dhaoine óga le níos mó rochtana ar fóin phóca agus ríomhairí. Rinne na Comhordaitheoirí an clár seo a fhorbairt.

Sráid na Sábháilteachta 2014

I nDeireadh Fómhair 2014, sholáthair na Comhordaitheoirí Pobail Sráid na Sábháilteachta 2014 ag 'The Factory' An Ghallmhóin, Luimneach. I mbliana, le fócas ar fheasacht maidir le sláinte intinne, rinneamar trí Cheardlann a chruthú.

Ceardlann A: ar Dhea-Shláinte Intinne a chur chun cinn. Sholáthair Gerry Carew, ealaíontóir agus teiripeach atá ag obair i réimse na sláinte intinne, spás sábháilte le hiniúchadh a dhéanamh, i ngrúpaí agus go hindibhidiúil, ar a nguth uathúil cruthaitheach féin.

Ceardlann B: D'oibrigh Grainne Doyle le mic léinn le hiniúchadh a dhéanamh ar thionchar Neamhord Itheacháin ar an duine, an teaghlach agus an sochaí.

Ceardlann C: Rinne Margaret Collins Smyth iniúchadh ar dhrochthionchar na bulaíochta le béim ar leith ar cibearbhulaíocht.

D'fhreastal breis agus 500 dalta Idirbhliana ó ar fud na cathrach agus an chontae ar an gCeardlann thar 3 lá.

Oíche Faisnéise An Cheapach Mhór

Gnóthachan Sóisearach

Pobail, Fóillíochta & Éigeandála

Ag obair le Seandaoine:

Oibríonn na Comhordaitheoirí Pobail go gníomhach leis na seandaoine sa phobal. Tá ocht nGrúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir laistigh dár gceantar ainmnithe.

Orthu seo tá:
- Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir Mhuire
- Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir Oileán an Rí
- Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir Bhaile Shinéad
- Grúpa Gníomhaíochta Lucht Naomh Eoin
- Grúpa Gníomhaíochta Lucht Naomh Bríd
- Grúpa Gníomhaíochta Lucht Naomh Lelia
- Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir Chúirt Chill Liaile
- Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir Mhaigh Rois

Cuireadh dhá Rince Tae ar siúil i 2014 – an dá cheann ag CLG An Chlocháin – an chéad cheann in Aibreán 2014 agus an dara ceann i nDeireadh Fómhair 2014. D'fhreastal breis agus 150 seanduine ó ar fud na cathrach ar an dá imeacht.

Tá Yvonne McMahon oilte leis an gclár 'Go for Life' a sholáthar. Déantar iarracht leis an gclár seo seandaoine a chumasú le spóirt áineasa nó gníomhaíochtaí fisiciúla a thaitníonn leo a roghnú, a phleanáil agus a threorú. Soláthraítear an clár seo chuig Club Gníomhaíochta Lucht Scoir Naomh Bríd, Club Gníomhaíochta Lucht Scoir Naomh Eoin agus Club Gníomhaíochta Lucht Scoir Bhaile Shinéad dhá uair sa tseachtain.

I Meán Fómhair 2014, sholáthair Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Chathair Luimnigh 'Lá Sábháilteachta do Sheandaoine' ag Pailliún Naomh Eoin Luimneach. Ceadaíonn an imeacht seo do sheandaoine bualadh leis na Gardaí agus le hOifigigh Dóiteáin le plé a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann lena sábháilteacht féin nó sábháilteacht tí. D'fhreastal os cionn 200 seanduine ó ar fud na cathrach agus an chontae ar an imeacht seo.

Spiorad Pobail a Spreagadh:

Tá sé mar phríomhchúram ar Chomhordaitheoirí go gcuirfeadh áititheoirí na n-eastát aithne mhaith orthu. Chuige sin tionóladh roinnt 'Laethanta Spraoi' i 2014.

I mí Iúil 2014 d'oibríomar le Pobal Gharraí Eoin le Lá Spraoi a eagrú don phobal iomlán. Bhí an-fhreastal ar an imeacht seo agus thug na Comhordaithe Pobail duaiseanna do na cluichí.

Eagraíodh Lá Spraoi i gcomhar le Coiste Bhailte Slachtmhara Bhaile Shinéad i Meán Fómhair 2014.

Feabhsú an Chomhshaoil:

Bíonn tionchar ábhartha ag riocht fhisiciúil chomharsanachta ar 'mheanma' an lucht cónaithe. Cuireann na Comhordaitheoirí níos mó freagrachta chun cinn as a dtimpeallacht féin agus go háirithe soláthraíodh réitigh phraiticiúla mar phiocadh bruscair agus glanadh comharsanachta. In Aibreán 2014 d'oibríomar le daltaí ó Scoil Chailíní Naomh Eoin agus Scoil Náisiúnta An Ghallmhóin maidir le cuid de na hachair ghlasa a ina gceantar faoi seach.
I Meitheamh 2014 d'oibríomar le lucht cónaithe Pháirc Mhic Bhloscaidh ag glanadh a gceantar – déanadh iar-achar dumpála a ghlanadh, chuireadh péint ar na ballaí agus cuireadh bláthanna. Tá muintir na háite ag tabhairt aire don cheantar seo anois.

Campaí Cásca & Samhraidh

D'oibrigh na Comhordaitheoirí Pobail leis an bhFoireann Críochnaithe Scoile le Campa Cásca 4 lá a chur ar siúl i Scoil Náisiúnta Mhuire. D'fhreastal breis agus 30 páiste áitiúil ar an gcampa seo. I mí Iúil 2014 d'eagraigh na Comhordaitheoirí Pobail dhá Champa Samhraidh 3 lá i gcomhar le hOibrí Pobail Gharraí Eoin ag Scoil Chailíní Naomh Eoin. D'fhreastal breis agus 50 páiste áitiúil ar na campaí seo.

D'oibrigh na comhordaitheoirí freisin do Champaí Samhraidh an Taobh ó Thuaidh ar feadh 3 seachtainí.

Eagraíochtaí:

Tá ionad ag Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Chathair Luimnigh ar na heagraíochtaí seo a leanas:
- Care & Repair
- NOPAG
- Coiste Forbartha Pobail Gharraí Eoin
- Coiste Bhailte Slachtmhara Bhaile Shinéad
- Comhpháirtíocht Leanaí & Ógra an Taobh ó thuaidh.

Y1: Rannpháirtíocht i Scéim Chomhairle na nÓg

Cuirtear an táscaire seo a leanas i láthair i dtuarascáil na dtáscairí feidhmíochta:

A.	Céatadán de scoileanna áitiúla agus grúpaí óige rannpháirteach sa Scéim áitiúil ag Comhairle Óige/Comhairle na nÓg.	21.57%

Y3: % na n-ainmnitheach chuig ballraíocht LCDC trí struchtúir PPN ó na grúpaí SICAP is mó atá imeallaithe

Cuirtear an táscaire seo a leanas i láthair i dtuarascáil na dtáscairí feidhmíochta:

A.	Líon foriomlán na mball earnála príobháideach ón gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil ar an 31/12/2014 ainmnithe trí struchtúir Líonra Rannpháirtíochta na nDaoine ar Thaistealaithe, Roma iad, atá Dífhostaithe, ar Dhaoine faoi Mhíchumas iad, ar Thuismitheoirí Aonair nó Teaghlaigh i gCeantair faoi Mhíbhuntáiste iad agus Pobail Nua nó faoi Mhíbhuntáiste (ar a n-áirítear Teifigh/Lucht Iarrtha Tearmainn).	3 de 5

Y4: Líon ag dul ar aghaidh chuig FT, PT nó féinfhostaíocht laistigh de 6 mhí ó thacaíocht fostaíochta Sprioc 3 a fháil

Cuirtear an táscaire seo a leanas i láthair i dtuarascáil na dtáscairí feidhmíochta:

A.	Líon na ndaoine sa chatagóir 'Daoine indibhidiúla ar tugadh tacaíocht maidir le fostaíocht nó féinfhostaíocht dóibh' a thosaigh ar an bhfostaíocht sin laistigh de 6 mhí ó thacaíocht Sprioc 3 a fháil, ar a n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil an Chláir Forbartha Pobail Áitiúil do 2014, a mbeidh na figiúirí a bhaineann leis ar fáil faoi dheireadh Mhárta 2015 (cé nach ndéanann Pobal an tuarascáil a fhoilsiú go dtí an Fómhar).	407

An Clr. Kevin Sheahan, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh ag déanamh an Ice Bucket Challenge ag Cé na gCeannaithe.

Seirbhísí Leabharlainne

Táscairí Seirbhíse 2014

• Léitheoirí Cláraithe:	33,812
• Míreanna eisithe:	792,571
• Cuairteanna Taifeadta:	681,324
• Uaireanta úsáide Idirlinn/Wi-Fi:	95,593
• Taispeántais:	20
• Imeachtaí & Gníomhaíochtaí:	375

Imeachtaí Chathair an Chultúir 2014

Ba chuid lárnach í an tSeirbhís Leabharlainne de Luimneach, Cathair an Chultúir. Áirítear ar bhuaicphointí chlár imeachtaí na Leabharlainne:

- Thug Léachtí Poiblí ón staraí Diarmaid Ferriter agus ón eacnamaí Stephen Kinsella slua ollmhór chuig Leabharlann an Granary.
- Thug Scríbhneoirí ar Cuairt Luimnigh 2014 mórán údar agus file cáiliúil chuig ár leabharlanna ar a n-áirítear Donal Ryan, Louis De Bernieres Andrew Miller, Richard Blanco, Paul Lynch, Colin Barrett agus Kevin Barry ag an Granary.
- Thug Claire Keegan cuairt ar Leabharlanna Áth Dara agus Cill Mocheallóg agus rinne Leabharlann Thuar an Daill óstáil ar léitheoireacht filíochta ó Clair O'Connor, Vivienne McKechnie, Jo Slade, agus léitheoireacht ficsin ó Sun Wei agus Mike McCormack.
- Bhí dhá thaispeántas ag clár "Phobail an Chultúir" i leabharlann Chrois Theach na Foraire, Treochtaí Mhaigh Rois agus Maigh Rois: Scéal le hInsint.

Imeachtaí Cultúrtha agus Cathrach 2014

- Rinne Leabharlann Chill Mocheallóg óstáil ar roinnt fáiltiú cathartha in onóir na bhfoireann CLG a raibh an bua acu ar a n-áirítear buaiteoirí Chraobhchomórtas Peile Sóisearach na mBan Maigh Rua, Bóthar agus Cill Mocheallóg ar bhuaiteoirí Chraobhchomórtas Iomána Sinsearach na Mumhan iad do 2014.
- I mí na Nollag, chuir Pobal Rúiseach Luimnigh oíche ar siúl ag taispeáint chultúir agus staire na dtíortha labhartha Rúisise ag Leabharlann an Granary.
- Déanadh ceiliúradh ar Sheachtain Foghlama ar Feadh an tSaoil 2014 i roinnt dár leabharlanna brainse. Rinne Leabharlann Crois Theach na Foraire óstáil ar Scéalta a Thabhairt chun Beatha, ceardlann spraoiúil praiticiúil do sheantuismitheoirí tuismitheoirí, feighlithe páistí agus páistí ag Leabharlann Thuar an Daill agus tionóladh ceardlann ar phlandáil bhosca fuinneoige, múiríniú sa bhaile agus cosc a chur ar dhramhaíl i gcomhar le Rannóg na bPáirceanna agus an Chomhshaoil.
- Bhí Éigse Michael Hartnett agus Lá Idirnáisiúnta na mBan ar bhuaicphointí na bliana i Leabharlann An Chaisleáin Nua agus eagraíodh clár imeachtaí speisialta do Sheachtain na Gaeilge le tacaíocht ó Ghlór na nGael.

Na húdair Sun Wei & Mike McCormack ag Leabharlann Thuar an Daill

Tugann an tOllamh Diarmaid Ferriter míniú ar Phoblacht na hÉireann 1964-2014: Cad a tharla agus Cén Fáth?

Imeachtaí Leanaí 2014

Lean seirbhís Leabharlainne na Scoileanna le mórán seirbhísí a sholáthar do scoileanna, do dhaltaí agus do mhúinteoirí i gCathair & i gContae Luimnigh i gcaitheamh 2014. Fuair os cionn 3,500 bunscoil leabhair ar iasacht, agus lean cuairteanna ag ranganna ar bhonn rialta chuig gach príomhbhrainse leabharlainne. Tharla mórán imeachtaí mar chuairteanna údair, léachtaí, scríbhneoireacht chruthaitheach agus ceardlanna ealaíona ar fud na cathrach agus an chontae ar tugadh cuireadh do ghrúpaí scoile chucu. Cuireadh roinnt imeachtaí ar siúl i scoileanna freisin nach raibh rochtain acu ar leabharlann in aice láimhe. Tionóladh imeachtaí i gcomhar le heagraíochtaí eile mar Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann, LGMA agus Músaem Hunt.

Rang a 5 Coláiste Íosaf Cill Mocheallóg leis an bhFile & an Scríbhneoir Gabriel Fitzmaurice ag Leabharlann Chill Mocheallóg

- Déanadh ceiliúradh ar Fhéile Leabhar na Leanaí ar fud na Cathrach agus an Chontae le clár d'imeachtaí éagsúla ar a raibh cuairt ón údar iomráiteacha Gabriel Fitzmaurice, ceardlanna staire le Michael Moylan, scéalaíocht agus seisiúin bheoga ealaíona agus ceardaíochta.
- D'éirigh thar barr arís le Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh i mbrainsí na Cathrach agus an Chontae araon le os cionn 1,600 páiste ag glacadh páirte.
- Déanadh ceiliúradh ar Fhéile na Máighe i Leabharlann Áth Dara le dráma puipéid dátheangach agus cuairt ón údar as Luimneach Róisín Meaney.
- I 2014, le tacú le Going for Gold Mhaigh Rois, thug Leabharlann Chrois Theach na Foraire cuireadh do leanaí ó bhunscoileanna Corpus Christi agus Naomh Mainchín chuig 'The Rubbish Monster', seo oideachais agus spraoi a ceapadh le buntáistí a bhaineann le laghdú, athúsáid & athchúrsáil dramhaíola.
- Rinne Leabharlann Mhainistir na Féile óstáil ar thaispeántas ealaíona le leanaí áitiúla mar chuid de Fhleadh na Féile a bhíonn ar siúl go bliantúil.

Leabharlann Nua don Cheapach Mhór

D'oscail an tAire Airgeadais, Michael Noonan Leabharlann agus Stiúideo Ealaíona na Ceapaí Móire ar an Luan, 14ú Aibreán. Ón dáta sin, tá 1,500 ball tar éis clárú agus 26,000 mír eisithe.

Leabharlann Nua sa Cheapach Mhór

Imeachtaí na Leabharlainne Ceoil ag Leabharlann an Granary

- I mí Aibreán, sheinm an Modern Irish Jazz Quartet, leis an seinnteoir vibes Tony Micelli, a bhfuil cáil ar fud an domhain air, ag ceolchoirm oíche ag an Granary.
- Sa Bhealtaine, sheinm duine den na hamhránaithe is mó le rá in Éirinn, Freddie White, ag seo am lóin sa Granary agus é ar chamchuairt na hÉireann.
- Ó mhí Lúnasa go mí na Samhna bhí ceadal míosúil le ConTempo Quartet RTÉ a raibh freastal maith air agus taitneamh á bhaint ag níos mó daoine a bhfuil dúil sa cheol acu as.

Freddie White ag seinm ag Leabharlann an Granary.

Taispeántais 2014:

- Tionóladh West Coast Reflections, taispeántas pictiúirí agus grianghrafanna le spreagtha ag Cósta Thiar Mheiriceá Thuaidh ón ealaíontóir Sandra Sheehan Cunningham ag Leabharlann Thuar an Daill i mí Lúnasa.
- Chuir ranganna ealaíona Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh Chathair Luimnigh a saothar ar taispeáint ag Leabharlann Chrois Theach na Foraire sa Bhealtaine.
- Bhí an dara Taispeántas Grúpa Ealaíona bliantúil le cuireadh oscailte ar siúl i Leabharlann Chill Mocheallóg i rith an tsamhraidh. Ceapadh é le tacú agus le léiriú a dhéanamh ar shaibhreas chumas chruthaitheach an réigiúin, agus sa taispeántas dar teideal Cruinniú, léirigh 14 ealaíontóir saothar ó obair shnáthaide go ceirmeacht, dealbhóireacht agus péinteáil.

Seirbhís na nEalaíon

Spreag bliain Luimnigh, Cathair Náisiúnta an Chultúir 2014, fás an-mhór sna cineálacha ealaíona, le tionscadail nua, saineolas seachtrach agus méadú ar acmhainn eagraíochtúil. Ba thábhachtach an rud é go ndearna tionscadail 109 'Déanta i Luimneach', a raibh a lán acu faoi threoir an phobail, a bhain leis an ógra agus leis an bpobal, a chinntiú go baineadh bacanna a bhain le rannpháirtíocht. Mar thoradh ar seo bhí méadú mór ar líon lucht féachana agus éisteachta maidir le hiliomad foirmeacha ealaíne.

Tosaíodh ar chuíchóiriú a dhéanamh ar an dá chlár ealaíne don Chathair agus don Chontae agus tá straitéis ag teacht chun cinn, ag tacú le tionscadail nua agus méadú ar lucht féachana ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh ar fad.

Luimneach, Cathair Náisiúnta an Chultúir 2014

Bhí an Oifig Ealaíona ar cheann de na príomhphointí tagartha d'fhoireann Chathair Náisiúnta an Chultúir, ag soláthar saineolais ar sholáthar na n-ealaíona atá ann, ar ghrúpaí agus teagmháil, maoin agus ionaid do thaispeántais agus imeachtaí agus tacaíocht maidir le cláreagrú pleanála leagáide. Tá staidéar tionchair shóisialta ar siúl mar chuid den athbhreithniú ar Luimneach, Cathair an Chultúir. Agus maoiniú á dhéanamh ar thionscadail 109 'Déanta i Luimneach', d'aithin Luimneach, Cathair an Chultúir na féilte agus na himeachtaí a bunaíodh thar na blianta le tacaíocht ó Oifig Ealaíona Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Tugann Oifig Ealaíon Luimnigh tacaíocht do sholáthar na n-ealaíon i ngach foirm ealaíona.

Déanadh tacaíocht a roinnt de réir na réimsí seo a leanas:

1. **Eolas agus Comhairle**

- Tacaíocht agus comhairle do dhaoine sa phobal ealaíona, dóibh siúd ar spéis leo teagmháil a bheith acu leis na healaíona chomh maith le fiosrúcháin ó dhaoine indibhidiúla agus ón bpobal.

2. **Tacú le, agus forbairt a dhéanamh ar An Infreastruchtúr Ealaíon**

- Moltaí mhaoiniú ioncaim d'eagraíochtaí ealaíona bunaithe.
- Moltaí maidir le Deontais faoin Acht Ealaíon.
- Éascú ar infreastruchtúr cultúrtha a fhorbairt trí chomhpháirtíocht.
- Bainistiú ar phunann na bhFoirgneamh Ealaíon.
- Ballraíocht na mbord bainistíochta agus na gcoistí.

3. **Tacaíocht don Ealaíontóir Indibhidiúil**

- Do chónaitheachtaí, sparántachtaí taistil agus idirghabháil sonrach a bhaineann leis na healaíona.

4. **Leagan amach na gClár d'Fhéilte**

Soláthraíonn féilte deiseanna don lucht féachana agus d'ealaíontóirí taithí a fháil ar shaothar agus ar bhealaí nua le hobair a dhéanamh agus freagairt do na nithe is spéis leis an lucht féachana agus éisteachta. Féilte a thagann faoinár gcúram:

- Tionscnamh Fhéile Liteartha Luimnigh (Féile Liteartha Luimnigh in onóir Kate O'Brien, Éigse Michael Hartnett, Féile Filíochta, Ealaíona agus Litríochta, Cuisle, Féile Idirnáisiúnta Filíochta Chathair Luimnigh agus SoulScapes).
- Comhpháirtíochtaí na bhFéilte tríd ár nEalaíona don Óige (Féile Scannán Fresh, Féile Make a Move, Féile Eiliminteach), sraith Ceoil (Féile Jazz Luimnigh, Deireadh Seachtaine Amhránaíochta Garry McMahon) agus sraith na nAmharc-ealaíona (Eas Géitine Comhaimseartha, Féile Fuinneoige Siopa an Ospidéil).
- Féile ailtireachta OpenHouseLimerick tríd ár sraith Ailtireachta.
- Tugtar tacaíocht do EVA Idirnáisiúnta.

Oíche Chultúrtha

Bhí Oíche Chultúrtha den scoth ann i 2014, do Luimneach, Cathair Náisiúnta an Chultúir, le os cionn seasca naoi imeachtaí in aisce in ionaid chultúrtha Luimnigh. Bhí an Oíche Chultúrtha ar cheann de na hoícheanta ba mhó ar déanadh freastal uirthi i rith na bliana. Bhí an Oíche Chultúrtha seo ar an gcéad cheann a cuireadh le chéile agus a soláthraíodh mar chomh-thionscnamh thar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus í maoinithe i bpáirt trí iarratas chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Eigse Michael Hartnett 2014

Oíche Chultúrtha 2014

Oíche Chultúrtha, Tionscadal na gCapall Uirbeach i Luimneach

5. **Leagan amach na gClár Ealaíon**
   Ealaíona Ógra (Amharclann Ógra Chontae Luimnigh, Cór Ógra Chontae Luimnigh agus Clár Drámaíochta Ógra), Oideachas (Scéim na nEalaíontóirí i Scoileanna á rith ag an gContae), Rince (Rince Imeasctha agus Ealaíontóir Cónaithe ag Rince Luimnigh), An Clár Ceoil (Sraith de Cheolchoirmeacha an Fhómhair Chaisleán Uí Chonaill, Ceathairéad Contempo RTÉ an Sraith Ceolchoirmeacha "Father and Sons", Cór Pobail Dhromanna) Amharc-Ealaíon (taispeántas na mball Ormston House, clár oiliúna gairmiúil i gcomhpháirtíocht le Leagáid agus Coimisiúnú na nAmharc-Ealaíona), an Clár Litríochta (Féilte) agus an duanaire filíochta bliantúil The Stony Thursday Book, curtha in eagar i mbliana ag Peter Sirr agus seolta ag Cuisle, Amharclannaíocht (Ealaíontóir Cónaithe Amharclainne ag Geata na mBráthar, Cill Mocheallóg) agus Ailtireacht.

6. **Ealaíon ó fhorbairt**

- Tacaíocht d'fhéilte mar chuid den fhéilire bliantúil cultúrtha.
- Tacaíocht d'eagraíochtaí rannpháirteach i gcineálacha ealaíne.

Oíche Chultúrtha, Macnas

Seoladh an Leabhair Filíochta Stony Thursday, Féile Filíochta Cuisle, Jo Slade

Seoladh an Leabhair Filíochta Stony Thursday, Féile Filíochta Cuisle, Peter Sirr, Eagarthóir agus Sheila Deegan, Oifigeach Ealaíon Luimnigh.

7. **Rince Luimnigh 1-2 Cearnóg Eoin, an chéad urlár, íoslach agus Spás Rince Luimnigh.**

Rince Luimnigh 1-2 Cearnóg Eoin, an chéad urlár, íoslach agus Spás Rince Luimnigh.	Deisíodh díon agus ballaí Spás Rince Luimnigh. Chuir Oifig Ealaíon Luimnigh tús le heilimintí de sheirbhísí costéifeachtach i gcomhpháirt idir Rince Luimnigh agus Árasáin na nEalaíontóirí.
Árasáin Ealaíontóirí 1-2 Cearnóg Eoin, urláir 1-2.	Tá siad anois ag feidhmiú don dara bliain. Tá sé árasán meántéarmach ceadúnaithe do chleachtóirí cultúrtha, trí ghairm oscailte agus iad áitithe go hiomlán. Tá dhá árasán eile ann d'úsáid ghearrthéarma le tacú le cleachtóirí ar cuairt chuig eagraíochtaí ealaíona. Tá ardleibhéal éilimh ar an dá scéim.
Stiúideo Ealaíona na Ceapaí Móire	Seoladh ceithre Stiúideo Ealaíona nua san earrach mar chuid de choimpléacs nua na leabharlainne. Bhí an stiúideo ceadúnaithe agus fógraíodh scéim nua sparántachta le tacú le beogacht ealaíonta sa phobal tuaithe agus tacaíocht riachtanach a sholáthar d'ealaíontóirí.
Stiúideonna Ealaíontóirí Sráid Shéamais	8 stiúideo d'ealaíontóirí. Rinne an Oifig Ealaíon athbhreithniú ceadúnais agus bainistíochta agus rinne mionoibreacha deisiúcháin ar stiúideo amháin nach raibh in úsáid go mbeadh sé oiriúnach le húsáid. Tá na 8 stiúideo lán ar fad.
69 Sráid Uí Chonaill (an Belltable roimhe seo)	Amharclann agus oifigí chun úsáide eagraíochtaí ealaíon. Déanadh athchóiriú ar iar-Chomhar Creidmheasa an tSáirséalaigh agus tá sé ar intinn go ndéanfaí Lárionad Ealaíona agus Cultúir as an bhfoirgneamh iomlán, an t-amharclann agus taobh an Chomhair Chreidmheasa.

69 Sráid Uí Chonaill (an Lárionad Ealaíona an Belltable roimhe seo)

Déanadh Teagmháil Ealaíon Luimnigh a fhorbairt mar chomhoibriú idir an Oifig Ealaíon i gComhairle Cathrach & Contae Luimnigh agus Amharclann Lime Tree le cois dúnadh Ionad Ealaíon an Belltable. Tiomsaíonn an clár atá ar siúl ó lár Mheán Fómhair 2013 go Márta 2014 amharclannaíocht, scannánaíocht, na hamharcealaíona, ealaín sonach, rince agus litríocht. tá 69 Sráid Uí Chonaill cláraithe anois d'Aibreán 2014 - Márta 2015 ag an Lime Tree Theatre, maoinithe ag an gComhairle Ealaíon. Ba fhorbairt tábhachtach a bhí sa chomhoibriú maidir le soláthar ealaíona don lucht féachana agus do na healaíontóirí.

Déanadh comhairliúchán poiblí ar úsáid 69 Sráid Uí Chonaill (a raibh The Belltable roimhe seo air) sa todhchaí agus críochnaíodh sin i mí Iúil 2014. Táthar ag féachaint faoi láthair ar mholtaí an tuarascála.

Críochnaíodh roinnt bheag oibreacha caipitiúla ar thaobh Chomhar Creidmheasa an tSáirséalaigh den fhoirgneamh a thabharfaidh beocht chuig an bhfoirgneamh d'eagraíochtaí ealaíona.

Na Meáin Shóisialta 2014

Is ríomhiris séasúrach é Nuachtlitir na hOifige Ealaíon a sholáthraíonn eolas ar imeachtaí ealaíona agus cultúrtha, ar dheiseanna cistiúcháin agus oiliúna agus sroicheann sé os cionn 2764 duine. Úsáideann an Oifig Ealaíon réimse de na meáin shóisialta le himeachtaí a chur chun cinn, le Facebook (860 leantóir) agus Twitter (4043 leantóir).

Cartlann Luimnigh

Bhí 2014 eachtrúil ag Cartlanna Luimnigh ag freagairt d'ainmniú Luimnigh mar Chathair Náisiúnta an Chultúir. Chuir taispeántas Haselbeck i mí Eanáir tús an-dearfach leis an mbliain, le taispeántas City of Churches ina dhiaidh sin sa Mhárta a chuaigh ar fud na cathrach go dtí Meán Fómhair. Cuireadh taispeántas grianghrafadóireachta ar siúl i gcomhpháirtíocht le LSAD, Músaem Luimnigh agus an Limerick Leader a bhain leis na 1970dí in Aerfort na Sionainne sa Mhárta agus d'aistrigh sé go Halla na Cathrach sa Mheán Fómhair. Leis an teideal 'From Limerick With Love' ba phortráid gheanúil agus spéisiúil é seo ar Luimneach sna 1970dí, deich mbliana ina raibh athruithe móra i gceist. I mí na Nollag seoladh Amazing Lace i gcomhpháirtíocht le Músaem Luimnigh, ag ceiliúradh na hoidhreachta saibhir cultúrtha atá cruthaithe ag an tionscal seo.

Bailiúchán Haselbeck i Halla na Cathrach

Léiriú ar Thaispeántas Luimnigh ar City of Churches, le Jacob Stack do Chartlanna Luimnigh

Luimneach le Grá Glanadh An Chorrbhaile Lúnasa 1976

Veronica Rowe ag an Taispeántas Amazing Lace

Pobail, Fóillíochta & Éigeandála

Taispeántas Luimneach Le Grá

Cartlanna Jacqui Hayes, Cormac Hurley, Anne agus Sharon Slater – Taispeántas Luimneach Le Grá

Suiteáil ar an mBailiúchán Buan i mí na Nollag 2014

Dánlann Chathair Luimnigh

Lean Dánlann Chathair Luimnigh lena réimse ar ardchaighdeán agus éagsúil de chlár taispeántais chomhaimseartha le 13 taispeántas ar leith, ar a n-áirítear 4 thaispeántas roghnaithe ó Bhailiúcháin Bhuana LCGA. Ina theannta sin rinne an dánlann óstáil ar an dara taispeántas Idirnáisiúnta EVA, le Bassam El Baroni i mbun coimeádaíochta, a taispeánadh ar fud Chathair Luimnigh. Léirigh 15 ealaíontóir ón 55 ealaíontóir a roghnaíodh ó thaispeántas EVA Idirnáisiúnta 2014 a saothar sa Dánlann.

Ba iad na healaíontóirí/taispeántas aonair ná Michael Warren, Ewa Partum, Dennis McNulty, Elaine Byrne, John Shinnors, agus Andrew Kearney. Áiríodh sna taispeántais ghrúpa Rita Duffy, Jamal Penjweny, Lida Abdul, Michael Canning, agus Gillian Kenny.

I gcaitheamh na bliana lean LCGA lena thacaíocht agus a chomhoibriú le healaíontóirí áitiúla & grúpaí pobail, an Oifig Ealaíon agus Luimneach, Cathair an Chultúir.

- D'oibrigh an comhoibriú maidir le Starting with T le Mary Wycherley, Monica Spencer agus Mary Nunan le grúpa ban áitiúil agus Fab Lab.
- Seoladh Leabhair Tom Fitzgerald agus taispeántas míre aníos de phriontaí
- Seoladh ar Leabhar Filíochta d'fhilí áitiúla.
- Chuir an comhoibriú Song of the [Urban] Bees a Softday agus LCGA, cur i láthair beo ath-scórtha ar Amhrán na mBeach ar siúl a bhí cistithe ag Luimneach, Cathair an Chultúir
- Féile Make A Move – Clár Ealaíona Uirbeach

D'oibrigh an LCGA freisin le grúpaí mar IKT – Cumann Idirnáisiúnta na gCoimeádaithe Ealaíona Comhaimseartha; Fáilte Éireann – Scríbhneoirí Taistil Idirnáisiúnta; Féile Foghlama ar Feadh an tSaoil; in éineacht le réimse scoileanna agus institiúidí acadúla ón gcathair agus ón gcontae.

Lean LCGA lena chlár Rochtana ar Oideachas agus déanadh óstáil ar Crafternoons Teaghlaigh; Ceardlanna Teaghlaigh Sheachtain na hOidhreachta; ceardlanna agus léiriúcháin na hOíche Cultúrtha: léirithe na Féile Jazz; Ceardlanna Tí Oscailte; ceardlanna Fealsúnachta le Scoileanna & Coláistí.

Lean freastal láidir chuairteoirí ar chlár taispeántas LCGA agus ar an gclár rochtana le os cionn 77,000 cuairteoir a fuair cead isteach in aisce ar chlár na Dánlainne.

Ceapadh Úna McCarthy mar Stiúrthóir/Coimeádaí ar LCGA i mí Feabhra 2015, i gcomharbacht ar Helen Carey a d'éirigh as i Meán Fómhair 2014.



RAUMPLAN - Elaine Byrne Meán Fómhair 2014

Suiteáil EVA Idirnáisiúnta 2014 – Raqs Media Collective + Iswanto Hartono i LCGA

Pobail, Fóillíochta & Éigeandála

Suiteáil Michael Canning ag LCGA Samhain 2014

Suiteáil John Shinnors ag LCGA Nollaig 2014

Is bean uasal chultúrtha í Luimneach anois

Tá óstáil ar an gCéad Chathair Náisiúnta an Chultúir i Luimneach i 2014 tar éis an rannpháirtíocht, taitneamh agus mórtas a spreagadh i measc saoránach Luimnigh. D'éirigh thar barr leis an bhfiontar uaillmhianach seo agus cé go bhfuil an bhliain ag teacht chun deiridh, is féidir léinn dul ar aghaidh anois agus scéal nua a insint don domhan maidir le Luimneach nua beoga.

Tá na gníomhaíochtaí cultúrtha a raibh borradh fúthu i mbliana, go háirithe trí imeachtaí 109 'Déanta i Luimneach' a chuir na pobail, na cumainn, na heagraíochtaí agus na hinstitiúidí cultúrtha ar siúl, tar éis dul i bhfeidhm ar aigne agus ar chroí na ndaoine, agus cuireann siad le hiontas Luimnigh.

Agus nuair a thagann críoch le 2014, leanfar le úsáid a bhaint as a bhfuil cruthaithe againn – go ceann na mblianta fada, mar nár thionscadal chultúrtha amháin é Luimneach, Cathair an Chultúir, ach go raibh íomhá as an nua á thabhairt do Luimneach. Ba dheis a bhí ann le labhairt faoin gcoimhlint idir an cliché faoin ár gcathair agus luachanna ceilte ár gcathair. Ba é ár n-am é le hathnuachan a dhéanamh ar na luachanna dearfacha atá ceilte – le féachaint as an nua ar Luimneach ach gan a bheith dall ar an gcathair. Agus féach ar a bhfuil bainte amach. Tá íomhá nua dearfach ar Luimneach, le mórtas agus dea-bhail le mothú sa chathair. Tá léirithe againn gur chathair cairdiúil, tarraingteach í Luimneach le cónaí inti agus gur chathair chruthaitheach agus bheoga í atá oscailte do smaointe nua.

D'fhonn an tionscadal ollmhór seo agus na céadta imeachtaí a thabhairt i gcrích táimíd faoi chomaoin ag iliomad daoine agus grúpaí. Gabhaimid buíochas ó chroí leis na daoine cruthaitheacha sin a bhí linn agus a thug an oiread sin ama, fuinnimh agus díograise. Gabhaimid buíochas ar leith leis na daoine, na heagraíochtaí agus na cuideachtaí sin a chreid i luach na bliana cultúrtha agus a tionchar ar Luimneach agus a thug tacaíocht go fial agus go flaithiúil dúinn. Gabhaimid buíochas leis an bhfoireann, leis na hoibrithe deonacha agus le gach gníomhaireacht agus eagraíocht reachtúil a chabhraigh leis na himeachtaí a chur ar siúl. Faoi dheireadh, gabhaimid buíochas le muintir Luimnigh as a bheith rannpháirteach i rith na bliana agus an oiread sin spraoi a bheith acu.

Is áit bheoga, spreagúil, mórtasach, stairiúil, greannmhar atá lán de thuairimí agus fáilteach agus ciotrúnta fiú uaireanta í Luimneach agus is iontach an áit chultúrtha í.

Go raibh maith agat as a bheith mar chuid de sin.

.

1. Na rinceoirí Laura Minogue agus Shona Cobb ó Riverdance ag an Teach Cultúrtha, Cearnóg an Pheirigh, Luimneach, Cathair Náisiúnta an Chultúir 2014.
2. Sa phictiúr ag cúl an stáitse ag Winter Carnival in the Margadh an Bhainne tá baill de Chór Soiscéalach Luimnigh lena bpictiúr á thógáil le cúnamh 'mhaide féinphic'.
3. Sa phictiúr ag teilgean in éineacht le hamhránaíocht ar 'Frozen' le Disney i Scoil Ealaíona agus Dearaidh Luimnigh tá Lucy Madigan, aois 4, agus Ellie Madigan, aois 8, ó Thuar an Daill, Luimneach.

2014 LUIMNEACH CATHAIR AN CHULTÚIR

4. Chuir Luimneach clabhsúr le bliain rathúil de Chultúr le himeachtaí teaghlaigh sa Chathair. An Stiúrthóir David Brophy ag an Phoenix Rising, Ceolfhoireann RTÉ agus Mícheal O Suilleabhain.

5. DrawOut

6. An tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Heather Humphreys TD ag glacadh ama, agus í ar cuairt chuig Luimneach, Cathair an Chultúir le déanaí, le bualadh isteach chuig Teach an Chultúir. Baill den Unlucky Cabin Boy ag seinm.

Cosc Dóiteáin, Rialú Tógála & na bhFoirgneamh Contúirteach

Is í aidhm do Chosc ar Dhóiteán, Rialú Foirgníochta & Rannóg na bhFoirgneamh Contúirteach sláinte, sábháilteacht agus leas na ndaoine atá sna foirgnimh sin a chinntiú, trí laghdú ar riosca dóiteáin, bealach ceart éalaithe, rochtain do dhaoine faoi mhíchumas agus caomhnú breosla agus fuinnimh, a chinntiú.

D'fhonn sin a bhaint amach, ar dhualgais na rannóige seo áirítear measúnú ar iarratais ar Dheimhniú Sábháilteachta ar Dhóiteán agus ar Dheimhniú um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas, cigireacht ar fhoirgnimh thráchtála agus árasáin, imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus cainteanna a thabhairt ar Shábháilteacht Dóiteáin Phobail.

Líon iomlán na n-iarratas um theastas sábháilteachta dóiteán a fuarthas	145
Líon iomlán na n-iarratas ar theastas sábháilteachta dóiteáin a próiseáladh (ar a n-áirítear cáis a ceapadh a bheith neamhbhailí)	152
Líon iomlán na n-iarratas a ceapadh a bheith neamhbhailí.	32
Foirgnimh ar Scrúdaíodh iad mar chéatadán d'fhoirgnimh nua a cuireadh in iúl don Údarás Áitiúil	16.7%
Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don Údarás Áitiúil	305
Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don Údarás Áitiúil ar déanadh cigireacht orthu	51
Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas – Staitisticí 2014	
Líon iomlán na dTeastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a fuarthas	88
Líon iomlán na dTeastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a próiseáladh (ar a n-áirítear cásanna a ceapadh nach raibh bailí)	82
Líon iomlán na dTeastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a fuarthas	4
Líon na nAchomharc Pleanála a próiseáladh	196
Líon na bhFógraí um Thosach Feidhme a fuarthas	343

Oibríochtaí i gcás Dóiteáin nó Éigeandála

D'fhreastal Seirbhís Dóiteáin Chathair & Chontae Luimnigh ar 1594 teagmhas ón 1ú Eanáir go dtí 31ú Nollaig, 2014.

Coimeádadh Deimhniú ar Chaighdeán Cáilíochta ISO9001:2008 agus Deimhniú Sláinte & Sábháilteachta OHSAS 18001:2007 i Seirbhís Dóiteáin Choinnithe Luimnigh.

Rinne Comhraiceoirí agus Oifigigh Dóiteáin Lánaimseartha Chathair Luimnigh na hiaroifigí coscteachta dóiteán ag Stáisiún Dóiteáin Chathair Luimnigh a iompú ina ionad oiliúna agus forbartha. Leanadh le hoiliúint ar fhorfheidhmiú céimneach ar na Treoirlínte Caighdeánacha Náisiúnta Oibriúcháin (TCOanna), Cúrsa Fo-Oifigeach NDFEM - creidiúnaithe, Gaireas Análaithe (GA), Oiliúint athnuachana, oiliúint earcach, an Chéad Fhreagróir Cairdiach, Teagascóir Faofa Tiomána, an Chéad Fhreagróir Éigeandála, Raidió Ardmhinicíochta Muirí, Modhanna Iontrála, Nósanna Imeachta maidir le hImbhualadh Tráchta Bóthair chomh maith le Cúrsaí agus Seimineáir éagsúla Oiliúna Oifigeach Sóisearach agus Sinsearach.

Chuir pearsanra dóiteáin clár Sábháilteachta Dóiteáin na Scoileanna i láthair dhaltaí Rang 4 sna bunscoileanna.

Nocht Dóiteán & Tarrtháil Luimnigh a mótarbhád nua i 2014.

Pobail, Fóillíochta & Éigeandála

Táscairí Seirbhíse	Lánaimseartha	Coinnithe
Meán-am, i noiméid le briogáid dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Lánaimseartha le tabhairt faoi thine	1 min 28 secs	
Meán-am, i noiméid le briogáid dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choinnithe) le tabhairt faoi thine		5 mins 28 secs
Meán-am, i noiméid le briogáid dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Lánaimseartha maidir le gach teagmhas eile éigeandála	1 min 41 secs	
Meán-am, i noiméid le briogáid dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choinnithe) maidir le gach teagmhas eile éigeandála		6 mins 18 secs
Céatadán de Fhreastail ar Láithreacha		
Céatadán na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad freastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad	88.84%	22.8%
Céatadán na gcásanna maidir le dóiteán ag a raibh an chéad fhreastal ag an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	10.05%	50.29%
Céatadán na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad fhreastal ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad.	1.096%	26.9%
% na dteagmhas éigeandála eile ag a raibh an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad	84.61%	25.61%
% na dteagmhas éigeandála eile ag a raibh an chéad fhreastal ar an láthair tar éis nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	13.84%	52.21%
% na dteagmhas éigeandála eile ag a raibh an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 20 nóiméad	1.538%	22.16%
Líon iomlán na dteagmhas dóiteáin	712	249
Líon na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad fhreastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad	486	39
Líon na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad fhreastal ag an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	55	86
Líon na gcásanna dóiteáin ag a raibh an chéad fhreastal ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad	6	46
Líon iomlán na dteagmhas éigeandála eile (.i. gan dóiteán a áireamh)	220	248
Líon na dteagmhas éigeandála eile ag a raibh an chéad freastal ar an láthair laistigh de 10 nóiméad	36	52
Líon na dteagmhas éigeandála eile ag a raibh an chéad freastal ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	4	106
Líon na dteagmhas éigeandála eile ag a raibh an chéad freastal ar an láthair tar éis 20 nóiméad	385	45

Pobail, Fóillíochta & Éigeandála

Tuillte i mí Feabhra, 2014.

Bainistíocht ar Mhóréigeandáil

- Cruinnithe an Choiste Bainistíochta Móréigeandála a tionóladh i gcaitheamh na bliana.
- D'fhreastal MEM ar chruinnithe Idirghníomhaireachta Réigiúnacha Ghrúpaí Oibre agus Stiúrtha do Réigiún an Iarthair Láir.
- Pearsanra Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh oilte sna nithe seo a leanas:-
  - Oifigigh Bhainistíochta Fhaisnéise
  - Oifigigh Idirchaidrimh leis na Meáin

  (Seimineár Idirghníomhaireachta)
- Plean Éigeandála Seachtrach Atlantic Fuels nuashonraithe agus tástáilte de réir Threoir II SEVESO
- Measúnuithe Riosca MEM Chomhcheangal Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.
- Seirbhís Téacsála Sasdian Chomhcheangal Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh.
- Cathaoirleach do Phlean Ollthimpiste Réigiún an Iarthair Láir agus d'Fhoghrúpaí Deonacha Seirbhísí Éigeandála.
- Críochnaíodh Measúnú Bliantúil Náisiúnta ar ullmhacht Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh maidir le Bainsitíocht Mhóréigeandála.

Ionad Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan

Tá freagracht ar Ionad Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan as slógadh éifeachtach agus éifeachtúil trealaimh dóiteáin agus gníomhaireachtaí eile laistigh de réigiún na Mumhan.

Faoi láthair soláthraíonn an tIonad seirbhísí maidir le glaonna éigeandála a ghlacadh agus slógadh do 7 Seirbhís Dóiteáin Údaráis Áitiúil i Réigiún na Mumhan; is é sin Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Cathrach agus Contae Chiarraí, Comhairle Contae Thiobrad Árann agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.

Ó cuireadh tús leis i 1992, tá an tIonad tar éis próiseáil a dhéanamh ar os cionn 500,000 glaoch, agus déanann slógadh anois ar 65 Stáisiún Dóiteáin choinnithe agus 4 Stáisiún Dóiteáin lánaimseartha sa Mhumhain. Is eagraíocht 24x7x365 atá san Ionad féin, agus úsáideann sé córas nósanna imeachta lena chinntiú go bhfeidhmíonn sé de réir na gcaighdeán is airde. Déantar timpeall 26,000 999/112 glaoch éigeandála a fhreagairt agus a phróiseáil in aghaidh na bliana ar bhealach tapaidh agus éifeachtach, i dtreo is go ndéantar slógadh ar an mBriogáid Dóiteáin ceart chuig teagmhas éigeandála ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir é.

Mótarbhád nua don tSeirbhís Dóiteáin.

Cosaint Shibhialta

Freagraíonn Cosaint Shibhialta, trí Sheirbhísí an Údaráis Áitiúil agus Éigeandála, d'fhóirithint éigeandála agus tugtar tacaíocht le feidhmiú seribhísí riachtanacha agus beatha an phobail a choimeád chomh maith le hiliomad imeachtaí pobalbhunaithe i gcaitheamh na bliana.

Is é atá in oiliúint bhunaidh d'oibrithe deonacha ná Láimhsiú, an Chéad Fhreagairt Chairdiach, Garchabhair ag an Obair, Cumarsáid, Feasacht Dóiteáin, Druil Choise, Léamh Léarscáileanna, Cuardach & Tarrtháil Bhunúsach, Cúrsaí ar Chosaint Leanaí agus Taithíocht ar Threalamh. Chríochnaigh Ceathrar Earcach is Fiche a gcúrsa tosaigh traenála go sásúil agus fuair teastasú mar Chéadfhreagróirí Cairdiacha agus mar Gharchabhróirí ag an obair.

Rinne Cosaint Shibhialta Luimnigh óstáil ar Chomórtas Réigiúnach in Áth an Choite d'Aonaid Cosanta Sibhialta ó Sé Údarás Áitiúil.

Déanann oibrithe deonacha speisialú i réimsí éagsúla le Céadfhreagairt Éigeandála, Teicneoir Míochaine, Modhanna Teagaisc, Seirbhís Dóiteáin Chúnta, Oibriú Chaidéil, Ceadúnas Raidió Ardmhinicíochta Muirí agus Liagóir - Leibhéal 2 & Leibhéal 3. Teastais, cumarsáid.

Cuirtear oiliúint ar Theagascóirí sa Choláiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré i ngach disciplín agus chuirtear breisoiliúna ar ár n–oibrithe deonacha i réimsí éagsúla – CISM, modhanna teagaisc, Bainisteoir Cuardaigh, etc.

Tá an ceannáras nua do Chosaint Shibhialta Chathair agus Chontae Luimnigh suite i bPáirc Gnó Cheantar na nDugaí, a cheannaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Tionscadail Tarrthálaí Imeacht Sábháilteachta ar Bhóithre, South Court Óstán An Ráithín.

Pat Daly

Stiúrthóir ar Fhorbairt & Pleanáil
Eacnamaíochta

Forbairt Gheilleagrach agus Pleanáil

Bainistíocht Forbartha	134
Pleanáil Chun Tosaigh	134
Caomhantas	134
Nuáil Luimnigh	134
Oifige Fiontair Áitiúil (OFÁ)	134
Príomhtháscairí Feidhmíochta	135
Maoin	138
Forbairt Gheilleagrach	138

Forbairt Gheilleagrach agus Pleanáil

Bainistíocht Forbartha

Ar chuid de na mórchinntí pleanála i 2014 bhí:

- Regeneron Ireland: 13/745 – Mórshaoráid déantúsaíochta bithchógaisíochta – Páirc Gnó an Ráithín, Luimneach – Arna Dheonú.
- Ollmhargadh Aldi: PA 13/502 – Ollmhargadh – An Caisleán Nua. Tugtha.
- FSS: Pa 13/737 – Ospidéal na hOllscoile Luimneach – foirgneamh oideachais ceithre urlár. Tugtha.
- Vistakon: PA 13/746 – Tuirbín Gaoithe – Páirc Teicneolaíochta Náisiúnta – Plassey – Luimneach. Tugtha.
- CPL Fuels: PA 14/603 – Forbairt suntasach tionsclaíoch – Faing – Tugtha.
- Parkway Valley (Horizon Mall): PA 14/828 – Mórfhorbairt Mhiondíola – Bealach na Páirce – Luimneach – Diúltaithe.

Achomharc chuig An Bord Pleanála.

- Brookvale Hamilton Plaza: PA 14/900 – Mórfhorbairt Oifige – Páirc Teicneolaíochta Náisiúnta – Plassey, Luimneach - Tugtha.
- Bus Éireann: PA 14/1029 – Mór-athfhorbairt ar Stáisiún Colbert – Luimneach. Tugtha.
- Eachinis: PA 14/1083 – Mór-dhílódaire craein droichid loinge – Faing – Tugtha.
- Century Point Estates Limited: PA 14/1105 – Forbairt suntasach cónaithe (102 áras cónaithe) - Áth Dara - Diúltaithe

Ranníocaíochtaí Forbartha

Airgead a fuarthas in 2014 de réir Scéimeanna Ranníocaíochta Forbartha	€1,428,312.67
Airgead amuigh maidir le hiarratais a tosaíodh i 2014 de réir na Scéimeanna Ranníocaíochta Forbartha	€768,301

Pleanáil Chun Tosaigh

Tá freagracht ar an Rannóg Pleanála Chun Tosaigh as taighde, ullmhú agus cur ar fáil na ndoiciméad beartais pholasaí agus as pleanáil d'fhorbairt inbhuanaithe tithíochta, bonneagair, forbairt gheilleagrach agus chomhshaoil sa Chontae.

Pleananna Ceantair Áitiúla

Ullmhaíodh agus glacadh le Pleananna Ceantair Áitiúil Mhainistir na Féile agus An Caisleán Nua in Iúil agus Lúnasa 2014.
Tosaíodh ar athbhreithniú ar Phleananna Ceantair Áitiúil Áth Dara, Tobar Phádraig agus Eas Géitine sa ráithe deireanach de 2014.

Caomhantas

Faoin Scéim Deontais Tacaíochta Post san Oidhreacht Thógtha, bhí €257,000 leithdháilte d'athchóiriú Struchtúr atá faoi Chosaint.

Nuáil Luimnigh

Tionóladh an chéad chruinniú de Bhord Nuáil Luimnigh i Meán Fómhair 2014. Ceannaíodh láthair Andersen ón nglacadóir agus tosaíodh ar phleanna athfhorbartha ar an láthair go haonaid níos lú. Seoladh Tionscnamh Scáthbhoird i gcomhar le LEO agus Comhlachas Tráchtála Luimnigh. Cuireadh fáilte roimh thoscaireacht ó Freiburg na hEilvéise chuig Luimneach agus fógraíodh comhthionscnamh leo le Comhdháil Chnuasach Idirnáisiúnta 2015 a chur ar siúl i Luimneach. Gaolmhaireacht chomhfhiontair a bhunú le Ardmore Studios.

Oifige Fiontair Áitiúil (OFÁ)

D'oscail an tAire Airgeadais, Michael Noonan TD Oifig Fiontair Áitiúil Luimnigh ar an 19ú Bealtaine 2014, agus d'fhógair sé réimse seirbhísí nua do chomhlachtaí beaga agus nuathionscanta ar fud Luimnigh.

Ceapadh Eamon Ryan, a bhí mar POF ar Bhord Fiontair Chathair Luimnigh roimhe seo, mar Cheannasaí ar Fhiontraíocht do Chathair agus do Chontae Luimnigh.

I rith 2014, rinne an Oifig Fiontair Áitiúil faomhadh ar chúnamh deontais do 37 gnó de €764,374 agus íocadh deontais de €511,026 ar fad le 43 gnó as ar cruthaíodh 61 post nua i Luimneach.

TUARASCÁIL AR PHRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA PLEANÁLA CHATHAIR AGUS CHONTAE LUIMNIGH 2014

Tréimhse Ama Ean - Noll 2014

Forbairtí Nua Tithíochta	
Líon na n-iarratas ar déanadh cinneadh orthu	11
Líon na gcinntí laistigh de 8 seachtaine	5
Líon na gcinntí a raibh breis faisnéise le cur isteach ina dtaobh	6
Líon na gcinntí mar ar aontaÍODH ar shíneadh ama faoi Alt S.34(9)	0
Meánfhad ama a thóg sé (i laethanta) le cinneadh a dhéanamh ar chás mar a raibh tuilleadh faisnéise á lorg	76.5
Líon na ndeontas	8
Líon ar diúltaíodh dóibh	3
Líon na gcásanna mar a dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan comhathrú	3
Líon na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh.	1

Tithe Aonair	
Líon na n-iarratas ar déanadh cinneadh orthu	151
Líon na gcinntí laistigh de 8 seachtaine	47
Líon na gcinntí a raibh breis faisnéise le cur isteach ina dtaobh	98
Líon na gcinntí mar ar aontaíodh ar shíneadh ama faoi Alt S.34(9)	5
Meánfhad ama a thóg sé (i laethanta) le cinneadh a dhéanamh ar chás mar a raibh tuilleadh faisnéise á lorg	75.04
Líon na ndeontas	126
Líon ar diúltaíodh dóibh	25
Líon na gcásanna mar a dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan comhathrú	3
Líon na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh.	3

Eile: Nach bhfuil gá le MTC	
Líon na n-iarratas ar déanadh cinneadh orthu	667
Líon na gcinntí laistigh de 8 seachtaine	363
Líon na gcinntí a raibh breis faisnéise le cur isteach ina dtaobh	303
Líon na gcinntí mar ar aontaíodh ar shíneadh ama faoi Alt S.34(9)	1
Meánfhad ama a thóg sé (i laethanta) le cinneadh a dhéanamh ar chás mar a raibh tuilleadh faisnéise á lorg	73.16
Líon na ndeontas	627
Líon ar diúltaíodh dóibh	40
Líon na gcásanna mar a dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan comhathrú	22
Líon na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh.	11

Eile: Gá le MTC	
Líon na n-iarratas ar déanadh cinneadh orthu	5
Líon na gcinntí laistigh de 8 seachtaine	2
Líon na gcinntí a raibh breis faisnéise le cur isteach ina dtaobh	3
Líon na gcinntí mar ar aontaíodh ar shíneadh ama faoi Alt S.34(9)	0
Meánfhad ama a thóg sé (i laethanta) le cinneadh a dhéanamh ar chás mar a raibh tuilleadh faisnéise á lorg	93.33
Líon na ndeontas	5
Líon ar diúltaíodh dóibh	0
Líon na gcásanna mar a dheimhnigh an Bord Pleanála cinneadh, le nó gan comhathrú	0
Líon na gcásanna a ndearna an Bord Pleanála aisiompú ar chinneadh.	0

Forfheidhmiú Pleanála	
Líon iomlán na gcásanna ar déanadh gearán fúthu a ndearnadh imscrúdú orthu	422
Líon iomlán na gcásanna ar déanadh gearán futhu a caitheadh amach	1
Líon iomlán na gcásanna ar déanadh gearán futhu a réitíodh trí idirbheartaíocht	153
Líon na n-imeachtas forfheidhmithe a glacadh trí litreacha rabhaidh	215
Líon na n-imeachta forfheidhmithe a glacadh trí fhógraí forfheidhmithe	87
Líon na bhfógraí forfheidhmithe a eisíodh faoi Sc 155	34
Ionchúisimh tionscanta faoi Sc 154	57
Ionchúisimh tionscanta faoi Sc 151	0
Urghairí	0
Ciontuithe faoi Sc 154	8
Ciontuithe faoi Sc 151	0

Uaireanta Oscailte don Phobal	
Meánuaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine	35

Táscairí seirbhíse tógála i gcúram 2014		
A.	Líon na n-eastát cóntaithe a bhfuil a gcead pleanála dulta in éag, a raibh iarratas foirmeálta i scríbhinn ar iad a thógáil ar láimh (ó áitritheoirí nó forbróirí) idir lámha ag tús na bliana	68
B.	Líon na n-eastát a tógadh i gcúram sa bhliain atá i gceist	36
C.	Líon na n-áras cónaithe maidir le colún B	2146
D.	Líon na n-eastát i gcolún A nach bhfuil críochnaithe chun sástachta an Údaráis Phleanála de réir an cheada pleanála	21
E.	Líon na n-eastát i gcolún D ar glacadh gníomhaíocht fhorfheidhmithe ina dtaobh sa bhliain atá i gceist agus/nó ar glaodh isteach ar bhanna	16
F.	Líon na n-eastát i gcolún D a ndearna an tÚdarás oibreacha orthu d'fhonn an eastát a thabhairt go caighdeán cuí le tabhairt ar láimh	3

Forbairt Gheilleagrach agus Pleanáil

Maoin

Leanfaidh Aonad Maoine na Comhairle lena chinntiú go ndéanann an tÚdarás Áitiúil uasmhéadú ar éifeachtúlacht ar úsáid mhaoine na Comhairle in éineacht le pleananna bainistíochta athruithe, forbairt ar Chlár Sóchmhainní na Comhairle agus prótacal maoine.
Leanann an rannóg maoine le díriú ar fhorbairt agus ar fhorfheidhmiú Straitéise na Comhairle maidir le Láithreáin Thréigthe agus Pleananna Feabhsaithe Cathrach agus Príomhbhailte.

I 2014 chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh clabhsúr le ceannach Choláiste Mhungairit agus a thailte agus leanadh le roinnt láithreán straitéiseach a chríochnú a aithníodh i Luimneach 2030 ar a n-áirítear na Gairdíní Léibheann agus Cleeves.

Forbairt Gheilleagrach

Cur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar acmhainn gheilleagrach Chathair agus Chontae Luimnigh

Ba iad seo a leanas príomh-bhuaicphointí 2014:-

- **Luimneach 2030:** An Plean Eacnamaíochta agus Spásúlachta - leanadh le chur chun cinn Phlean Luimneach 20130 i rith 2014, agus ba iad seo a leanas na príomhthionscadail ar déanadh dul chun cinn orthu:-
  - Láithreán Ceoldrámaíochta (fógra an rialtais ag geallúint Airgid don láithreán seo)
  - Forbairt Ghairdíní Léibheann (in úinéireacht LCCC anois)
  - Dícheall cuí agus ceannach láithreáin Cleeves
  - Leanfar le dul chun cinn a dhéanamh phleananna athfhorbartha maidir le tionscadal Dhroichead Coisithe Luimnigh (Staidéar Féidearthachta críochnaithe) agus láithreacha eile straitéiseacha i rith 2015.

- **Scéim Dreasachta Gnó agus Miondíola** - d'oscail os cionn 30 asraon miondíola nua i gcroílár na cathrach i 2014. Thug an Scéim Dreasachta Gnó agus Miondíola tacaíocht d'oscailt mhórán de na hasraonta nua seo a d'oscail i rith 2014.Bhí ardspéis agus ardráta glactha ar an Scéim sa Chaisleán Nua agus iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh an Scéim a chur chun cinn i ngach ceantair i gcaitheamh 2015.

- **Sráideanna Iontacha –** Seoladh scéim phíolótach le feabhas a chur ar chuma na bpríomhshráideanna ár gCathair agus Lár ár mBailte i 2014. Bhí an scéim phíolótach tosaigh dírithe ar Shráid an Róistigh i Lár Chathair Luimnigh. Cuirfear an Scéim chun cinn i Lár Chathair Luimnigh, Cill Mocheallóg, Ráth Caola, An Caisleán Nua agus Mainistir na Féile le glacadh leis a spreagadh i rith 2015.

- **Feabhas Miondíola Éireann –** Luimneach ainmnithe mar Chathair Phíolótach – Lean Feabhas Miondíola Éireann, Comhlachas Tráchtála Luimnigh agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le hoibriú le chéile le Luimneach a chur chun cinn mar cheann scríbe miondíola d'infheistíocht nua miondíola. Mar thoradh ar an gcur chun cinn leanúnach seo tá Lár na Cathrach beoga agus í tar éis infheistíocht suntasach nua a mhealladh i rith 2014.

- **An Nollaig i Lár Chathair Luimnigh** – D'oibrigh Comhlachas Gnó Chathair Luimnigh agus Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh i gcomhpháirtíocht le taithí tarraingteach Nollag a sholáthair i Lár Chathair Luimnigh do 2014.
Bhí soilse na Nollag a chur ar siúl ar cheann de na buaicphointí agus d'fhreastal líon mór daoine ar an imeacht seo.

- **Láthair an Lárionad Ceoldrámaíochta** - Nuair is féidir é leanfar le tacaíocht a thabhairt do ligin ghearrthéarmacha i rith 2015.

- **Tionscnamh na gCathracha Beo –** Is tionscadal píolótach é Tionscnamh na gCathracha Beo atá dírithe ar athnuachan uirbeach. Déantar iarracht leis an tionscnamh seo tabhairt faoi fholúntas i gceantair stairiúla Lár na Cathrach agus táthar ag súil leis go gcuirfear i bhfeidhm i rith 2015 é.

Droichead i gCaisleán Uí Chonaill, Co. Luimnigh

Tom Gilligan

Ceannasaí Airgeadais, Mótarcháin agus I.C.T.



Airgeadas & ICT

AIRGEADAS

Buiséad 2014 agus 2015 142
Uisce Éireann 142
Próiseas Athluachála Rátaí 142
Rátaí Tráchtála 143
Scéim Tacaíochta Fiontar Beag agus Meánmhéide 2014 143
Coiste Iniúchóireachta 143
Cumasc Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh 144
Tionscadal Aistrithe SEPA agus Cónascadh na gCuntas Bainc 144

TEICNEOLAÍOCHTAÍ FAISNÉIS AGUS CUMARSÁIDE (TFC)

Teicneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide TFC 145

Buiséad 2014 agus 2015

Léiríonn Buiséad 2015 an gá atá le leanúint le héiteas láidir bainistíochta airgeadais agus gach iarracht á dhéanamh freastal ar an méadú ar éileamh ar sheirbhísí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Léiríonn an tábla seo a leanas an caiteachas Ioncam ag an Rannóg do Bhuiséad 2015 i gcomparáid leis an mbuiséad comhdhlúite do 2014. Is é caiteachas Bhuiséad 2015 ná €155.87m. Tá seo i gcomparáid le €173.16m do Bhuiséad 2014, le táillí ar ardú ó Uisce Éireann mar choigeartú suntasach ó bhliain go chéile.

Rannóg	Buiséad 2015	Buiséad 2014
A. Tithíocht agus Tógáil	35,279,023	28,848,355
B. Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	29,876,430	30,943,153
C. Seirbhísí Uisce	15,812,222	29,097,161
D. Tionscnaimh agus Rialú Forbartha	11,789,067	11,209,616
E. Cosaint Chomhshaoil	30,012,274	37,992,048
F. Áineas agus Taitneamhacht	11,622,906	9,882,156
G. Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	2,555,504	4,045,591
M. Ilseirbhísí	18,824,709	21,138,111
	155,872,135	**173,156,191**

Uisce Éireann

I 2014, de bharr athruithe ar sholáthar earraí rinne an Chomhairle laghdú substaintiúil ar a caiteachas féin maidir le costais neamh-phárolla maidir le seirbhísí uisce a sholáthar. Mar thoradh ar seo bhí laghdú ar chaiteachas bhuiséid agus ar aisghabháil ó Uisce Éireann i mbuiséad 2015. Beidh cruinnithe leanúnacha le hUisce Éireann d'fhonn athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar chomhaontú seirbhíse na Comhairle agus tiomantais maidir le caiteachas do 2015.

Próiseas Athluachála Rátaí

Chuaigh Luimneach trí phróiseas athluachála rátaí i rith 2014. Is é a bhí i gceist leis seo ná go ndearna an Oifig Luachála os cionn 6,700 Teastas Luachála deireanach a chur sa phost chuig íocóirí rátaí tráchtála agus tionsclaíocha i gceantar údaráis Rátála Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar an 11ú Nollaig 2014. Tháinig an luacháil nua i bhfeidhm ón 1ú Eanáir 2015 agus é mar bhonn le rátaí Tráchtála i Luimneach i 2015 agus sna blianta amach anseo.

Bliain	Rátaí	Difríocht sna Blianta
2008	55,606,941	-
2009	56,869,574	1,262,633
2010	58,176,362	1,306,788
2011	59,268,125	1,091,763
2012	59,276,025	7,900
2013	58,090,716	-1,185,309
2014	53,667,967	-4,422,749

Comhchuibhiú Rátaí Tráchtála

Bhí 2014 stairiúil maidir leis an mbuiséad a ullmhú toisc gur tharla comhchuibhiú ar rátaí na Cathrach agus an Chontae den chéad uair. Mar thoradh ar seo tharla laghdú substaintiúil ar na héilimh ar rátaí iníoctha ag gnólachtaí tráchtála do 2014 faoi mar atá le feiceáil sa tábla thíos. Bhí éileamh rátaí in éineacht ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i 2014 de €53.668m i gcomparáid leis an bhfigiúr i 2008 de €55.607m. Léiríonn seo laghdú €2m nó 3.5%. Mar sin féin, bhí an t-athrú níos láidre fós le blianta beaga anuas .i. ó 2014 go 2012 sa mhéid is gur bhain an t-éileamh ar rátaí buaic amach i 2012 (€59.276m) leis an laghdú suntasach tharla laghdú ar iomlán na rátaí, go háirithe sa Chathair, go €53.667m. Is ionann seo agus titim de €5.6m (9.4%) sa tréimhse 3 bliana. In éineacht le páirceáil, fágann seo Luimneach mar an láthair is cost-éifeachtúla le gnó a dhéanamh ann sa tír seo.

Tá an laghdú gan fasach seo ar rátaí, go háirithe i 2014 tar éis cabhrú leis an ngeilleagar áitiúil a spreagadh agus tar éis béim a chur ar thiomantas na Comhairle do ghnó d'fhonn fostaíocht a chruthú agus timpeallacht fáis agus rathúnais a chruthú.

Scéim Tacaíochta Fiontar Beag agus Meánmhéide 2014

I 2014 bhunaigh an Chomhairle Scéim Tacaíochta do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide le cabhrú le custaiméirí Rátaí. Íocadh an ciste seo, an chéad cheann dá leithéid i gceantar Luimnigh, mar thacaíocht airgeadais d'áititheoirí réadmhaoine tráchtála le bille iomlán rátaí tráchtála bliantúla suas chuig, agus ag áireamh €10,000 ach nach lú ná €750 i 2014 faoi réir roinnt téarmaí agus coinníollacha.
D'éirigh an-mhaith leis an Scéim, le 431 duine indibhidiúil agus cuideachtaí a baint leasa as na híocaíochtaí Fóirdheontais. Bé é an méid a bailíodh mar thoradh ar an scéim ná €1.521 milliún. Chuir seo ar bhealach mór le cabhrú le laghdú a dhéanamh ar an leibhéal riaráistí ar ab gCuntas Rátaí ag deireadh 2014. Moltar go leanann an Chomhairle leis an Scéim seo do 2015 leis na téarmaí agus na coinníollacha céanna i gceist.

Coiste Iniúchóireachta

Tháinig Coiste Iniúchóireachta nua na Comhairle le chéile i mí na Nollag agus le bunú NOAC (An Coimisiún Náisiúnta Iniúchóireachta & Maoirseachta) a sholáthróidh níos mó maoirseachta agus iniúchta laistigh den Earnáil Rialtais Áitiúil. Tá réimse leathan feidhmeanna ag NOAC ar a n-áirítear forbairt ar phrionsabail seasmhacha iniúchóireachta agus is forbairt an-suntasach é maidir le cuntasacht phoiblí, ag tabhairt diminsin bhreise chuig iniúchadh neamhspleách ar fheidhmíocht rialtais áitiúil.

Cumasc Chomhairle Cathrach Luimnigh agus Comhairle Contae Luimnigh

Is ionann cumasc chórais airgeadais dhá Údarás Áitiúil Luimnigh agus ceann de na dúshláin is suntasaí do rannóg Airgeadais agus ICT i rith 2014. D'fhonn rath an tionscadail a chinntiú bhí ar an Rannóg Airgeadais acmhainní suntasach a scannadh i gcaitheamh na bliana le cumasc na gcóras airgeadais, modheolaíochtaí agus nósanna imeachta cuntasaíochta a chinntiú, agus go mbeadh cuntais chustaiméara agus soláthróra déanta i gceart. Déanadh éascú ar phróiseas an chumaisc airgeadais le cruthú foirne dírithe ar chóras nua bainistíochta airgeadais le ceangal isteach ó gach Rannóg eile de chuid na Comhairle. Cé go bhfuil próiseas an chumaisc airgidis ag teacht chun deiridh, rud a chumasóidh críochnú na gcéad chuntas cumaisc don údarás áitiúil don bhliain airgeadais 2014, tá obair fhoirne an tionscadail ar siúl i gcónaí go háirithe maidir le huasghrádú ar an gcóras reatha chuig pacáiste nua comhtháite idirlín.

Tionscadal Aistrithe SEPA agus Cónascadh na gCuntas Bainc

I rith 2014, bhí Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh rannpháirteach san aistriú chuig SEPA ar thionscnamh íocaíochtaí é d'fhonn aistruithe bainc a shimpliú laistigh de Limistéar an Euro. Freisin, mar chuid den chumasc, bhí an Chomhairle gafa le cuntas bainc amháin bhunú dá idirbhearta airgeadais laethúla agus scríobhadh chuig a custaiméirí agus a soláthróirí go léir d'fhonn iad a chur ar an eolas maidir leis an athrú.

Teicneolaíocht Faisnéis & Cumarsáide (TFC)

Cé go bhfuil tacaíocht á thabhairt i gcónaí ag Rannóga na gCóras Faisnéise i gComhairle Cathrach & Contae Luimnigh do rannóga a gcuspóirí a bhaint amach, leanamar le cothabháil agus uasghrádú a dhéanamh ar na córais úsáideora deiridh atá ann, le monatóireacht ar shábháilteacht, comhdhlúthú freastalaí, cothabháil agus uasghrádú ar shuíomhanna Gréasáin, agus le Deasc Chabhrach don úsáideoir a sholáthar i gcaitheamh 2014.

Ar na príomhréimsí gníomhaíochta bhí:-

Cruinnithe & Aighneachtaí Leictreonacha na Comhairle
Déantar iPAD a eisiúint ar gach Ball, le hoiliúint á chur orthu ar dtús. Tá próiseas curtha i bhfeidhm le huaslódáil a dhéanamh ar gach doiciméadúchán chruinnithe chuig ár Eislíon Alfresco, atá tar éis éascú a dhéanamh ar chruinnithe leictreonacha.

Déantar próiseáil ar gach aighneacht anois le Sugar
C.R.M., agus feictear go ndéanfar nuashonrú ar Sugar CRM le ceadú do Bhaill aighneachtaí a chuir ar r-phost chuige.

Córas Bainistíochta don Chaidreamh le Custaiméirí (C.R.M.)
Tá Seirbhísí Custaiméara beo anois le Sugar C.R.M. do Sheirbhísí Comhshaoil. Leanfar leis an obair i 2015 agus ina dhiaidh sin le gach comhchaidreamh le custaiméirí, maidir le gach seirbhís, á thaifead agus á phróiseáil trí Sugar C.R.M.

Cumasc na gCóras
Is é atá i gclár cumaisc na gcóras TFC ná 102 tionscadal ar a n-áirítear 160 córas le gach mórchóras cumaiscthe ón 1í Meitheamh. Le scála agus éagsúlacht na gcóras ba shaothar an-chasta é seo ina raibh ailíniú agus feabhsú ar phróisis in éineacht leis na gnéithe teicniúla den tionscadal. Bhí córais oibriúcháin ar fáil don fhoireann agus do shaoránaigh le linn an chomhtháthaithe. Leanfar le hobair i rith 2015 leis an gcumasc ar na córais ar fad a chríochnú.

Bainistíocht Aistrithe
Déanadh an t-aistriú deireanach go luath i 2014 le háitíocht 8, Sráid Phádraig, agus aistriú Dóiteáin ó Shráid Mulgrave, agus Comhshaoil laistigh d'oifigí Thuar an Daill. Déanadh oibreacha le feistiú a dhéanamh ar Shráid Phádraig go luath i mí Eanáir ar a raibh Nasc Snáithín le Cé na gCeannaithe.

Córas Nua Poist
Críochnaíodh córas nua aonair r-phoist a fheidhmiú (Microsoft Exchange 2013) i rith 2014. Is é atá i gceist leis seo ná aistriú ar os cionn 750 úsáideoir, a mboscaí ríomhphoist, féilire, agus teagmhálaithe ó sheanchóais ríomhphoist @limerickcity.ie agus @limerickcoco.ie chuig an gcóras nua @limerick.ie.

Tá gné ag baint leis an gcóras seo ar a dtugtar Grúpaí
Inúsáideachta Bhunachar Sonraí (DAG), a sholáthraíonn ard-inúsáideacht agus iomarcaíocht láithreáin do r-phoist.

Suíomh Gréasáin Nua na Comhairle
Seoladh dearadh Shuíomh Gréasáin nua i gcomhpháirt do Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh http://Limerick.ie/Council i Meitheamh 2014 a thóg foireann forbartha bhogearraí na Comhairle áitiúil. Tá an dearadh bunaithe ar chatalóg seirbhíse na Comhairle, agus beidh an suíomh cairdiúil agus saor ó bhéarlagar. Gheobhaidh úsáideoirí eolas go tapaidh agus go héasca ar líne ar na seirbhísí uile a bhíonn ar fáil dóibh. Tá an suíomh gréasáin mar chuid de fhearann Limerick.ie mar a bhfuil fáil ar riachtanais ghnó, saoránach agus úsáideora ó láthair amháin. Ó Mheitheamh go Nollaig féachadh ar Limerick.ie 1.5 milliún uaire ag os coinn 300,000 úsáideoir ar leith.

Deasc Chabhrach TFC
Cuireadh córas nua Deisce Cabhrach a réitíonn le ITIL, BMC Track-It, isteach i rith 2015. Is féidir le húsáideoirí glaonna a logáil tríd an Tairseach Tacaíochta TFC, déanann seo an glao a logáil go huathoibríoch agus cuireann admháil ar an r-phost chuig an úsáideoir in éineacht le hUimhir Ticéid. Déanadh logáil ar os cionn 6,000 glao ar an gcóras ó Mheitheamh go Nollaig 2014.

Windows XP a bhFuil a Ré Caite
Tar éis 12 bliain, tháinig deireadh le tacaíocht do Windows XP ar an 8ú Aibreán, 2014. I ndiaidh an dáta seo níor sholáthair Microsoft uasdhátú slándála ná tacaíocht theicniúil do ríomhairí Windows XP. Beidh ríomhairí a úsáideann Windows XP i ndiaidh an dáta sin leochaileach maidir le ionsuithe slándála agus víris. Rinne an fhoireann TFC uasghrádú ar os cionn 750 ríomhaire deisce chuig Windows 7 i rith 2014. Bhí mórshaothar ag baint leis an tionscadal seo, le foireann de cheathrar gafa leis an tionscadal do thréimhse cúig mhí.

Áth Dara- Ráth, Contae Luimnigh

Ceantair Bhardasach

Áth Dara - Ráth Caola 148
An Cheapach Mhór 150
An Caisleán Nua 153

Áth Dara - Ráth Caola

I ndiaidh na dtoghchán áitiúil i 2014, déanadh Ceantar Bardasach Áth Dara Ráth Caola as Toghcheantar Ráth Caola agus tá sé ionadaí tofa anois ann.

Leanfaidh Oifig Ceanntair Ráth Caola le réimse leathan seirbhísí innealtóireachta agus riaracháin a sholáthar do Cheantar Bardasach Áth Dara/Ráth Caola ar a n-áirítear Tithíocht, Feabhsú agus Cothabháil Bóithre, Reiligí, Áiteanna Súgartha don Phobal, Seirbhísí Uisce & Fuíolluisce. Cuireadh córas nua seirbhíse do chustaiméirí i bhfeidhm i rith 2014 le hiarratais & fiosrúcháin ó chustaiméirí a leanúint ar fud na heagraíochta.

Fuarthas cistiú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i rith 2014 d'Fheabhsú Limistéir Phoiblí. Fuarthas aighneachtaí maidir le cistiúchán ó roinnt bailte agus sráidbhailte faoin tionscnamh seo ar a raibh grúpaí pobail i Ráth Caola, Faing, Seanghualainn, An Gleann, Baile an Gharraí & Cróch.

Déanadh oibreacha substaintiúla feabhsúcháin i rith na bliana ar bhóithre Cheantar Bardasach Áth Dara/Ráth Caola ar a raibh:-

- Mór-fhorleagan ar dhromchla an bhóthair ag Ardach.
- Neartú Bóithre agus Cóireáil Dromchla ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla
- Déanadh oibreacha a bhain leis an gCiste Forbartha ag Eas Géitine, Baile an Gharraí & Cill Cholmáin

Láthair Amhairc Shlí an Atlantaigh Fhiáin - Faing

Fuarthas cistiú ó Fháilte Éireann i rith 2014 le Láthair Amhairc Shlí an Atlantaigh Fhiáin a fhorbairt sa bhFaing. Táthar fós i mbun na n-oibreacha seo.

Tithíocht

Déanann Rannán Tithíochta Áth Dara/Ráth Caola oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar a stoc tithíochta chomh maith le hoibreacha cothabhála ar Reiligí na Comhairle, Láthair Charbhán Chónaithe agus ar Leabharlanna sa Cheantar Bardasach. Déanadh uasghrádú ar dhá theach is fiche a bhí folamh faoi chlár na dTithe Folamh i 2014.

Rinne an Chomhairle próiseáil chomh maith ar na Deontais i gCabhair éagsúla Tithíochta, mar Scéim Oiriúnaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas; an Scéim Cúnamh Tithíochta do Dhaoine níos Sine, agus Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaiseachta. Fuarthas leithdháileadh de €351,436 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i rith 2014 agus fuair 71 iarratas cúnamh deontais faoi na scéimeanna éagsúla.

Feabhsú Limistéir Phoiblí – Cróch, Co. Luimnigh

Ceantair Bhardasach

Láthair Amhairc Shlí an Atlantaigh Fhiáin - Faing

Seirbhísí Uisce

Bunaíodh Uisce Éireann i rith 2014 agus tá freagracht anois air as oibríochtaí uisce & fuíolluisce ar fud na tíre. Leanann Scéim Soláthair Uisce Inbhear na Sionainne le huisce a sholáthar d'Fhearas Alúmana Eachinis chomh maith leis na cúlchríocha máguaird, ar a n-áirítear Eas Géitine, Faing, Cill Díoma, Pailís Chaonraí & Baile Uí Sháithil.

Leanadh le hoibreacha Cothabhála & Feabhsúcháin i rith na bliana ar reiligí i gCeantar Bardasach Áth Dara/Ráth Caola.

Seirbhísí Comhshaoil

Tá saoráidí athchúrsála suite i roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud an Cheantar Bardasach Áth Dara/Ráth Caola.

Bíonn an Chomhairle freisin i mbun sráideanna a ghlanadh i mórán baile agus sráidbhaile, le hinneall súite in úsáid chomh maith le glanadh láimhe.

Seirbhís Gharda Tarrthála

Fostaíodh Gardaí Tarrthála agus freastalaí cé go sealadach ag na Céanna sa Ghleann agus i gCoill Tíre le linn na tréimhse snámha samhraidh in 2014.

Clóis Súgartha

Tá roinnt Áiteanna Súgartha Forbartha ag an bPobal atá suite i Ráth Caola, Eas Géitine, Baile an Gharraí, Faing, Áth Dara, Pailís Chaonraí & An Gleann. Déanann coistí na gclós súgartha poiblí bainistiú ar na saoráidí seo le háiseanna ar fáil don phobal uile.

Ionad Ealaíon

Rinne Ionad Ealaíon Ráth Caola, atá suite in Áras Seán Finn, óstáil ar mhórán imeachtaí éagsúla a bhain leis na healaíona i rith na bliana, ar a raibh drámaíocht, taispeántais phéintéireachta, ceol, oícheanta pictiúrlainne etc. Déanann coiste áitiúil na nEalaíon bainistiú ar na himeachtaí seo agus déanann Oifig Ealaíon na Comhairle maoirseacht orthu.

An Cheapaigh Mhóir - Cill Mocheallóg

Bhí 4 chruinniú ag Coiste Ceantair Chill Mocheallóg i rith 2014, agus glacadh le toscaireacht ó Chumann Bhailte Slachtmhara Eiltiún ag a chruinniú sa Mhárta.

Tionóladh an cruinniú deireanach den Choiste, a chuimsigh David Moloney (cathaoirleach), Michael Donegan, Michael Houlihan, William O'Donnell agus Eddie Ryan, ar an 24ú Aibreán 2014.

Tionóladh Cruinniú Tionscnaimh Cheantar Bardasach An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg ar an 12ú Meitheamh 2014 ag Áras Mhainchín Seoighe, Cill Mocheallóg. Toghadh an Clr. Eddie Ryan mar Chathaoirleach.

Ag a chruinniú ar an 27 Samhain 2014 bhí Comhfháiltiú Cathartha ag an gCeantar bardasach do chlubanna CLG Chill Mocheallóg agus Bhaile An Londraigh, de chionn an bua a bhí acu i gcraobhchomórtais Iomána agus Peile Sinsearach Contae faoi seach.

An Cathaoirleach, An Clr. Eddie Ryan, agus baill de Cheantar Bardasach An Cheapach Mhór ,Cill Mocheallóg ag láithreoireacht do Chlub CLG Bhaile An Londraigh ar an 27 Samhain 2014.

Ceantair Bhardasach

Forbairt Bhaile agus Shóisialta

Tá cothabháil an stoic Tithíochta sa Cheantar bardasach á fheidhmiú anois ag na Ceantair Fheidhme Thuaidh agus Theas. In éineacht le Cothabháil agus oibreacha réamhligin i 2014, soláthraíodh cistiúchán do chlár Aisfheistithe na dTithe Folamh, agus do sprioc-oibreacha feabhsúcháin Éifeachtúlachta Fuinnimh. Bhí insliú áiléir agus bhalla cuasach agus an t-aerú a bhaineann leis i gceist leis an obair seo de réir na rialacháin reatha Tógála.

I rith 2014, lean na Deontais Tithíochta, a ndéantar airgeadú ar 80% acu as Lárchistí, le cur go mór le tacú le daoine ina dtithe.

Fuair eastát tithíochta Radharc na Cille i gCill Mocheallóg an dara áit sa chatagóir Eastáit Tithíochta sna Dámhachtainí Náisiúnta Mórtais Áite i 2014.

Úirleacais

Fuarthas Cead Pleanála cuid 8 i rith 2014 le cur leis an reilig atá ag Baile an Ghadaí, Cill Mocheallóg.

Agus é suite 2.8 km soir ó dheas ó bhaile Chill Mocheallóg, déanfaidh an bhreis a chuirfear leis an reilig seo breis agus 700 láthair bhreise a sholáthar in éineacht le páirceáil do charranna.

Reilig Chathair Chinn Lis – leath acra glanta ar chostas timpeall €20,000 san ullmhúchán do 80 spás breise a chruthú.

Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

Leanadh le hobair le linn 2014 ar roinnt eastát neamhchríochnaithe a thabhairt chuig caighdeán a éascódh a dtógáil i gcúram ag an gComhairle.

Déanadh oibreacha suntasacha ag na heastáit seo a leanas:
The Hawthorns, Béal Átha Grean; Glengrove, Cill Mocheallóg; Bellview , Cill Mocheallóg.

Oibreacha ar siúl ag Bellview, Cill Mocheallóg – Eastáit Tithíochta neamhchríochnaithe

Ceantair Bhardasach

Scéim Fheabhsúcháin Limistéir Phoiblí

Mar thoradh ar an 75% de Chistiú a sholáthair an Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoin Scéim Fheabhsúcháin Limistéir Phoiblí Áitiúil, tógadh siúlán 450m cois abhann ón Droichead Thuaidh chuig an bPáirc Tionsclaíoch. Cuireadh 45 crann i gcomhar le Bailte Slachtmhara Chill Mocheallóg i mí na Nollag 2014 in éineacht le siúlán nua urraithe ag an bpobal áitiúil agus diaspóra Chill Mocheallóg san Astráil agus s Ríocht Aontaithe.

Bóithre

Faoin Scéim Rannpháirtíochta Pobail, críochnaíodh trí thionscadal sa cheantar le buiséad iomlán de €44,867. Déanadh na hoibreacha seo ar bhóithre áitiúla den tríú grád agus oibreacha draenála, claiseanna coincréiteacha agus atógáil bhóithre a bhí i gceist leis na hoibreacha.

Críochnaíodh Scéim Feabhsúcháin Áitiúil in aice le Greanach i 2015 a raibh buiséad de €35,661 ag baint leis.

Bhí leithdháileadh de €200,000 ar fáil ón gCiste Forbartha do thionscadail éagsúla ar a raibh cosáin i gCill Mocheallóg, An Brú, Gallbhaile, Cill Fhíonáin agus Cnoc Áine.

Soláthraíodh Trasrian Coisithe ag an Leabharlann, An Cheapach Mhór, le rochtain do Choisithe á éascú ag an Ionad Cúram Lae.

Tá oibreacha glanta ag Seanbhóthar Chorcaí, Baile na gCailleach tar éis é a dhéanamh intaistil den chéad uair le blianta fad agus is féidir é a úsáid mar bhealach siúlóide nó rothaíochta a luaithe agus a chríochnaítear oibreacha eile i 2015.

Tá réamhobair dheartha tosaithe ar dhroichead do choisithe thar An Lúbach i gCill Mocheallóg.

Balla Baile Chill Mocheallóg

I 2014 d'éirigh le hiarratas ó Chomhairle Contae Luimnigh chuig an gComhairle Oidhreachta faoi dheontais Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann le cistiúchán a fháil le deisiú a dhéanamh ar bhalla meánaoiseach an bhaile. Tosaíodh ar an obair ag deireadh Meán Fómhair agus críochnaíodh í i 4 seachtainí. Déanadh comhdhlúthú ar 30m ar fad de bhalla an bhaile ar an taobh thiar den bhaile.

I rith 2014, rinne an Tionscadal Tairsí atá bunaithe i gCill Mocheallóg glanadh tuisceanach agus fairsing ar fhásra ar aghaidh agus ar cúl bhalla an bhaile. Tá feabhas an-mhór ach go háirithe ar an gcuid sa charrchlós taobh thiar de Chaisleán an Rí.

Siúlán Cois Abhann, Cill Mocheallóg, Tógtha i 2014 faoin Scéim Feabhsúcháin Limistéir Phoiblí, Plandáil agus Suíocháin le Bailte Slachtmhara Chill Mocheallóg.

Ceantair Bhardasach

An Chearnóg, An Caisleán Nua

An Caisleán Nua

I ndiaidh na dtoghchán áitiúla i mBealtaine 2014, déanadh Ceantar Bardasach an Chaisleáin Nua as ceantar an Chaisleáin Nua. Soláthraíonn an Oifig sa Chaisleáin Nua raon leathan de sheirbhísí ar fud Iarthar Luimnigh, ar a n-áirítear Cothabháil Bóithre, Tithíocht, Reiligí, Clinicí Pleanála, Mótarcháin, chomh maith le hoibriú Chlós Innealra agus Iosta Biotúmain na Comhairle. Tá méadú ar sheirbhísí faoin múnla nua Seirbhíse do Chustaiméirí á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm agus feidhmíonn an rannóg seirbhíse uisce mar ghníomhaire do Uisce Éireann.

Bóithre

Rinneadh maoiniú ar an gcaiteachas ar oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar bhóithre i 2014 trí dheontais Rialtais, agus acmhainní na Comhairle féin.

Ar na cláir eile caiteachais ar bhóithre i rith 2014 bhí:

- Mór-fhorleagan dromchla bóthair ar an N21 do Chéim 1 an Bhearna, An Caisleán Nua
- Mór-uasghrádú i sráidbhaile Theampall an Ghleanntáin ar an N21
- Scéimeanna um neartú bóithre agus cóireáil dromchla ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla
- Forleagan an bhóthair ag Bóthar an Stáisiúin, An Caisleán Nua agus sráidbhaile Áth na bhFuinseog
- Uasghrádú cosán ag Áth an tSléibhe, Mainistir na Féile, Ardach agus An Caisleán Nua
- Uasghrádú ar dhroichead áitiúil ag Béal an Átha
- Cothabháil Gheimhridh

An Diméin, An Caisleán Nua Thiar

Tá níos mó measa ná riamh ar an taitneamhacht phoiblí seo, agus baineann na sluaite leas as na háiseanna, Tá líon mór daoine ag freastal ar an gclós súgartha freisin ag an mbealach isteach chuig an Diméin.

Ceantair Bhardasach

Abhainn Arra ag an gCé Thuaidh, An Caisleán Nua

Tithíocht

Scéim Deontas Tithíochta
Faomhadh sé iarratas déag faoi na Deontais Oiriúnaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2014 ar chostas €130,082.33.Faomhadh cúig iarratas is tríocha faoi na Deontais um Áiseanna Soghluaiseachta Tithíochta ar chostas €132,015.19. Faomhadh seacht n-iarratas faoi na Deontais um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Cnagaosta ar chostas €294,547.57.

Cothabháil Tithíochta

Tá an criú Cothabhála Tithíochta do Cheantar Bardasach An Chaisleáin Nua bunaithe san oifig freisin. Déanadh uasghrádú ar ocht dteach is fiche leis an gComhairle a bhí folamh le cistiú faoi Chlár na dTithe Folamh 2014. Táthar tar éis formhór na dtithe seo a ligean le tionóntaí nua. Déanann an criú déileáil freisin le gnáthcheisteanna cothabhála.

Seirbhísí Uisce

Bunaíodh Uisce Éireann mar eagraíocht le freagracht fhoriomlán as uisce agus fuíolluisce ar fud na hÉireann. Feidhmíonn an criú uisce sa Chaisleán Nua mar ghníomhaire don eagraíocht seo agus oibríonn siad agus déanann siad cothabháil ar líon mór scéimeanna séarachais agus uisce ar fud Iarthar Luimnigh ar a shon. Orthu seo tá ionaid cóireála uisce sa Chaisleán Nua Thiar agus i Mainistir na Féile, atá ar an dá bhaile is mó sa Chontae, agus eatarthu táirgíonn siad thart ar 1.5 milliún galún uisce in aghaidh an lae.

Ceantair Bhardasach

Iosta Biotúman & Clós Innealra Bhaile an Gharráin

Tá ról lárnach i gcónaí ag Iosta Biotúmain Bhaile an Gharráin agus ag an gclós Innealra atá bunaithe sa Chaisleán Nua i gClár na nOibreacha Bóthair. Déantar gach biotúmain a úsáidtear sa Chontae a dháileadh tríd an iosta lárnach ag Baile an Gharráin agus déanann an Clós Innealra cothabháil ar fhlít fheithiclí na Comhairle.

Mótarcháin

Thóg an Rannán Mótarchánach sa Chaisleán Nua beagnach €6.2 milliún isteach i 2014 le 29,569 idirbheart á ndéanamh i rith na bliana. Rinne an oifig próiseáil ar 1000 dearbhú reachtúil eile nach raibh feithicil ar an mbóthar.

Seirbhísí do Chustaiméirí

Tosaíodh ar thionscnamh nua seirbhísí do chustaiméirí a fheidhmiú i rith 2014 leis an gcóras Sugar CRM á thabhairt isteach. Cuirfear leis an gcóras seo i rith 2015.

Esther Lane, Maria Croke O'Sullivan agus Yvonne Daly, foireann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Riverfest na Bealtaine.

Aguisíní

Comhdhálacha & Seimineáir ar freastlaíodh orthu 158
Toghcháin Áitiúla 164
(Nochtadh ar Thabhartais & Caiteachas)

COMHDHÁLACHA/SEIMINEÁIR AR FHREASTAL BAILL DE CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH ORTHU

EANÁIR GO NOLLAIG 2014 ar lean

DÁTA	TEIDEAL	IONAD	Uimh.
3ú – 5ú Eanáir	Seimineár eagraithe ag Celtic Conferences dar teideal 'Public Presentation and PR Management'	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	2
3ú – 5ú Eanáir	Seimineár eagraithe ag Superior Training 'Canvassing Tips 2014'	Óstán Bewley's, Crois an Fhearainn Nua, Bóthar an Náis, Baile Átha Cliath 22	3
3ú – 5ú Eanáir	Seimineár eagraithe ag Ace Training Dar teideal '2014 European Elections Information Seminar for Councillors'	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	5
3ú – 5ú Eanáir	Seimineár – Cosc ar choiriúlacht trí Chomhpháirtíocht	Blue Haven Hotel, Cionn tSáile, Co. Chorcaí	2
10ú - 12ú Eanáir	Seimineár eagraithe ag Superior Training Dar teideal 'Political Reform 2014'	Óstán Bewley's, Crois an Fhearainn Nua, Bóthar an Náis, Baile Átha Cliath 22	5
10ú – 12ú Eanáir	Rialacháin um Rialú Foirgníochta (Leasú) 2013	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	1
10ú – 12ú Eanáir	Dlí Fostaíochta – Idirghabháil v Dlíthíocht	Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Iarthar Chorcaí	1
17ú – 18ú Eanáir	Seimineár – Bille Rialtais Áitiúil 2013	Manor West Hotel, Trá Lí, Co. Chiarraí	1
17ú – 19ú Eanáir	Seimineár – An Comhairleoir agus Uisce Éireann	Mount Errigal Hotle, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall	4
17ú – 18ú Eanáir	Seimineár eagraithe ag Superior Training dar teideal 'Bille Rialtais Áitiúil 2013'	Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe	1
17ú – 19ú Eanáir	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'Tithíocht Tuaithe – Pleanáil & Forbairt Treoirlínte maidir le Dearadh	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	4
17ú – 19ú Eanáir	Seimineár – Comhair Chreidmheasa agus na Rialacha a bhaineann lena Rialú	Óstán Bewleys, Crois an Fhearainn Nua, Bóthar an Náis, Baile Átha Cliath	1
23ú - 25ú Eanáir	Seimineár - Scileanna sna Meáin do Chomhairleoirí	Clifden House Hotel, An Clochán, Co na Gaillimhe	1
24ú – 26ú Eanáir	Seimineár – an Comhbheartas Talmhaíochta, Forbhreathnú ar Athchóiriú CBT	Óstán Bewley's, Crois an Fhearainn Nua, Bóthar an Náis, Baile Átha Cliath	4
24ú – 26ú Eanáir	Seimineár eagraithe ag Celtic Conferences dar teideal'Níos Mó a dhéanamh le Níos Lú – Bainistiú Ama agus Táirgiúlacht'	Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí	2

COMHDHÁLACHA/SEIMINEÁIR AR FHREASTAL BAILL DE CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH ORTHU

EANÁIR GO NOLLAIG 2014 ar lean

DÁTA	TEIDEAL	IONAD	Uimh.
24ú – 26ú Eanáir	Seimineár – Uisce Bardasach – Na Dúshláin don Údarás Áitiúil	Clanree Hotel, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	1
24ú – 26ú Eanáir	Seimineár eagraithe ag Ace Management and Training dar teideal 'Táillí Uisce Tí – Ullmhúchán agus Praiticiúlacht'	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	4
31ú Eanáir – 1ú Feabhra	Seimineár Earraigh LAMA 2014	Four Seasons Hotel, Muineachán	1
31ú Eanáir –1ú Feabhra	Seimineár – Clár Náisiúnta um Athbhreithniú ar Réadmhaoin Tráchtála agus Tionsclaíoch	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	3
31ú Eanáir – 1ú Feabhra	Comhdháil eagraithe ag Comhairle Contae Phort Láirge ar Shláinte Intinne agus Feasacht i leith Féinmharú Dar teideal 'Tacaíocht agus Forbairt i gCúram Sláinte Intinne'	Dún Garbháin, Co. Phort Láirge	1
31ú Eanáir – 2ú Feabhra	Seimineár – An Inconvenient Reality	Gold Coast Hotel, Baile na Cúirte, Dún Garbháin	2
31ú Eanáir – 2ú Feabhra	Seimineár – Athruithe ar an gCóras Tairiscintí d'Údaráis Áitiúla	Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Iarthar Chorcaí	1
31ú Eanáir – 2ú Feabhra	Scoil Gheimhridh Merriman 2014	Luimneach	1
31ú Eanáir – 2ú Feabhra	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'Dea-Rialachas ar Eagraíochtaí Pobail, Deonacha agus Carthanachta na hÉireann'	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	3
7ú - 9ú Feabhra	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'Pleanáil Spóirt agus Pobail'	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	4
14ú - 16ú Feabhra	Seimineár eagraithe ag an Institiúid um Oiliúint Ghairmiúil dar teideal 'Ón mBosca Ballóide go Seomra na Comhairle'	Silver Tassie Hotel, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	4
14ú – 16ú Feabhra	Seimineár – Dlí Fostaíochta, Cleachtas & Nósanna Imeachta don Údarás Áitiúil	Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Iarthar Chorcaí	1
14ú – 16ú Feabhra	Seimineár – Forbhreithniú ar Uisce Éireann agus a Feidhmeanna	Óstán Bewleys, Crois an Fhearainn Nua, Bóthar an Náis, Baile Átha Cliath 22	1
20ú – 22ú Feabhra	Seimineár – Athleasú an tSeanaid agus Freastal	Carlton Millrace Hotel, Bun Clóidí, Co. Loch Garman	1
21ú Feabhra	Chomhairleora mar Mhéara ag Dinnéar na 2014 nDámhachtainí Pleanála Náisiúnta	Baile Átha Cliath	1

COMHDHÁLACHA/SEIMINEÁIR AR FHREASTAL BAILL DE CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH ORTHU

EANÁIR GO NOLLAIG 2014 ar lean

DÁTA	TEIDEAL	IONAD	Uimh.
21ú – 23ú Feabhra	Seimineár – Déileáil le hAmanna Deacra	Óstán Bewley's, Crois an Fhearainn Nua, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath	1
21ú – 23ú Feabhra	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'Nuashonrú ar Dhlí Rialtais Áitiúil: 2014'	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	3
21ú – 23ú Feabhra	Seimineár – Táillí Uisce Tí Ullmhúchán & Praiticiúlacht	Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Iarthar Chorcaí	1
21ú – 23ú Feabhra	25th Scoil Gheimhridh Cholm Cille	Ionad Oidhreachta Cholm Cille, Gartán, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	1
24ú Feabhra – 3ú Márta	39ú Paráid Bhliantúil Lae Le Pádraig Queen's County	Rockaway Beach, Queens, New York	1
27ú – 28ú Feabhra	Comhdháil agus Taispeántas eagraithe ag Aimsigh Gleann na Bóinne / Turasóireacht na Mí dar teideal 'Léiriú ar cheann scríbe uathúil Gleann na Bóinne'	Baile Mhic Gormáin, Co. na Mí	1
28ú Feabhra – 1ú Márta	Seimineár – Buiséid agus Maoiniú na I nÚdarás Áitiúi	The Talbot Hotel, Loch Garman	1
28ú Feabhra – 2ú Márta	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'Bainistiú Ilchineálachta sa Phobal'	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	2
28ú Feabhra – 2ú Márta	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'Treoir maidir le Cláir Oideachais an AE'	Cairlinn, Co. Lú	4
6ú - 7ú Márta	Comhdháil Bhliantúil Chumann Chomhairlí Contae & Cathrach dar teideal 'Comhairleoirí agus Athrú – Dúshláin nua do Rialtas Áitiúil na hÉireann	Silver Russell Hotel, Béal Átha Conaill, Co. an Chabháin	9
7ú – 8ú Márta	Seimineár – Pobail a Chumasú trí Rialtas Áitiúil	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	2
7ú – 9ú Márta	Seimineár – Dlí An Chomharbais & Pleanáil Chánach	Óstán Bewley's, Crois an Fhearainn Nua, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath	2
7ú – 9ú Márta	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'Dínit ag an Obair – Treoir maidir le Bulaíocht agus Ciapadh ag an Láthair Oibre'	Cairlinn, Co. Lú	1
7ú – 9ú Márta	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'Carthanachtaí, Rialachán & Reachtaíocht'	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	2

COMHDHÁLACHA/SEIMINEÁIR AR FHREASTAL BAILL DE CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH ORTHU

EANÁIR GO NOLLAIG 2014 ar lean

DÁTA	TEIDEAL	IONAD	Uimh.
11ú – 12ú Márta	Seimineár eagraithe ag Superior Training dar teideal 'Scileanna sna Meáin do Chomhairleoirí'	Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall	2
13ú - 19ú Márta	Paráid Lá Fhéile Pádraig	Nua-Eabhrach	1
14ú -16ú Márta	Seimineár – Post an Chomhairleora 2014	Mount Errigal Hotle, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall	2
14ú –16ú Márta	Seimineár eagraithe ag BG Seminarz dar teideal 'Luach ar Airgead i Rialtas Áitiúil'	Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	1
21ú – 22ú Márta	Seimineár eagraithe ag Esperanza Enterprises Dar teideal 'Déileáil le Spás Folamh'	Gaillimh	1
21ú - 23ú Márta	Athruithe ar an Acht um Chonradh Foirgníochta 2013 d'Údaráis Áitiúla	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	1
28ú - 30ú Márta	Forbhreathnú ar Cháin Mhaoine Áitiúil	Óstán Bewleys, Crois an Fhearainn Nua, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath	1
28ú – 30ú Márta	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'Teidlíochtaí ar Dhul ar Scor agus Sochair Chánach do Chomhairleoirí'	Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí	8
Eanáir – Aibreán	Dioplóma sa Ghinealas	Coláiste na hOllscoile Corcaigh	1
4ú - 5ú Aibreán	Seimineár eagraithe ag Superior Training dar teideal 'Pleanáil le Dul ar Scor do Chomhairleoirí'	Dún Dealgan, Co. Lú	1
4ú – 5ú Aibreán	Seimineár – Cosaint Sonraí	Áras an Mhuilinn, Sráid an Mhóta, an Muileann gCearr, An Iarmhí	1
4ú – 6ú Aibreán	Seimineár eagraithe ag Celtic Conferences Dar teideal 'Seimineár Turasóireachta Iarthar Chorcaí ar Mhargaíocht Idirlín'	Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí	4
11ú Aibreán	Fóram Earraigh Uile Éireann 2014 NFLA Cruinniú agus Seimineár dar teideal 'Polasaí Fuinnimh na hÉireann sa Todhchaí agus Nuashonrú ar Chumhacht Núicléach san RA'	An tlúr, Co. an Dúin	1
11ú – 12ú Aibreán	Seimineár – Clár Náisiúnta de Aitheantóirí Sholáthróirí Seirbhísí Sláinte	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	1
11ú - 13ú Aibreán	Réitigh chomhshaoil agus Costéifeachtacha ar Chóireáil Fuíolluisce	Ramada Viking Hotel, Port Láirge	1

COMHDHÁLACHA/SEIMINEÁIR AR FHREASTAL BAILL DE CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH ORTHU

EANÁIR GO NOLLAIG 2014 ar lean

DÁTA	TEIDEAL	IONAD	Uimh.
11ú – 13ú Aibreán	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'MABS agus Seirbhís Dóchmhainneachta na hÉireann'	Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí	6
12ú - 13ú Aibreán	Seimineár - Seirbhísí Ealaíona an Rialtais Áitiúil	Clybaun Hotel, Cnoc na Cathrach, Gaillimh	1
16ú Aibreán	Freastal mar Mhéara ag Cruinniú Stáit le 1000 bliain ar Chath Chluain Tairbh comóradh	Baile Átha Cliath	1
18ú – 19ú Aibreán	Coiriúlacht agus a Tionchar ar Cháilíocht na Beatha	Quality Hotel, Cill Airne	1
18ú - 20ú Aibreán	Comhaireamh Síos 5 Seachtainí chuig Toghcháin Áitiúla 2014	Silver Tassie Hotel, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	2
18ú – 20ú Aibreán	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'Comhlachais Thráchtála ag Tógáil Ghnó'	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	3
25ú - 27ú Aibreán	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'Bíodh do Chearta ar eolas agat: 2014 Leas Sóisialach, Sláinte agus Cáin'	Ros ó gCairbre, Co. Chorcaí	2
25ú – 27ú Aibreán	An Ball Tofa, an Comhshaol agus an Pobal	Clanree Hotel, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	1
29ú Aibreán – 1ú Bealtaine	Tionscadal Scoil Gandelow Ilen na Veinéise	An Veinéis, an Iodáil	1
2ú - 4ú Bealtaine	Seimineár – Ag caitheamh do Vóta Co Dhún na nGall	Mount Errigal Hotle, Leitir Ceanainn,	2
2ú go dtí 4ú Bealtaine	Tuilte sna hAibhneacha & Ceisteanna Bainistíochta	Clanree Hotel, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	1
2ú – 4ú Bealtaine	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'Teidlíochtaí ar Dhul ar Scor agus Sochair Chánach do Chomhairleoirí'	Cairlinn, Co. Lú	1
5ú – 13ú Bealtaine	Tabhair cuairt ar Tabhair cuairt ar Tabhair cuairt ar	Boston, US St.Louis, US Spokane, US	2 1 1
9ú – 10ú Bealtaine	Seimineár eagraithe ag Superior Training Dar teideal 'Athchóiriú ar Rialtas Áitiúil agus An Comhairleoir'	Bun Clóidí, Co. Loch Garman	1
9ú – 11ú Bealtaine	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'Reachtaíocht maidir le Bainistíocht Dramhaíola – Freagrachtaí na nÚdarás Áitiúil maidir le Diúscairt agus Athchúrsáil Trealaimh Leictreach agus Leictreonach'	Celtic Ross Hotel, Ros Ó gCairbre, Co. Chorcaí	6

COMHDHÁLACHA/SEIMINEÁIR AR FHREASTAL BAILL DE CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH ORTHU

EANÁIR GO NOLLAIG 2014 ar lean

DATE	TITLE	VENUE	NO.
9ú – 11ú Bealtaine	Bainistíocht Athruithe i Rialtais Áitiúil	Quality Hotel, Cill Airne, Co Chiarraí	1
16th - 18th Bealtaine	Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus Cinnteoireacht	Clanree Hotel, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	1
16th – 18th Bealtaine	Seimineár eagraithe ag Ace Training dar teideal 'Teicneolaíocht Turasóireachta agus Straitéisí Iomaíocha'	Cairlinn, Co. Lú	2
18ú – 20ú Bealtaine	Cathracha Eorpacha in Aghaidh Drugaí 21ú Comhdháil Mhéaraí ECAD	Stockholm, an tSualainn	1
28ú Iúil – 5ú Lúnasa	Eamhnú na gCathracha le Luimneach	Sant Clara,California, USA	1
9ú Lúnasa	Seimineár Sláinte Poiblí ar Pholasaí an FSS maidir le Rialú Tobac	Clonakilty Hotel, Cloich na Coillte, Co Chorcaí	1
12ú – 14ú Meán Fómhair	Tithíocht Shóisialta in Éirinn	Óstán Bewleys, Crois an Fhearainn Nua, Bóthar an Náis, Baile Átha Cliath	1
21ú & 22ú Samhain	Bainistiú Chruinnithe – Prionsabail agus Dea-Chleachtas	Clonakilty Hotel, Cloich na Coillte, Co Chorcaí	2
28ú Samhain	Comhdháil Bhliantúil Comhthionól Réigiúnach an Deiscirt & an Oirthir "Uasmhéadú ar Dheiseanna Maoinithe AE 2014-2020"	Ferrycarrig Hotel, Loch Garman	2
4ú - 8ú Nollaig	Cruinnithe leis an Passage Day Centre, Comhfhoireann Ionad na nDaoine gan Dídean, Ionad na nGael i Londain agus Cumainn a sholáthraíonn seirbhísí agus tacaíocht don Phobal Éireannach i Mórcheantar Londain.	Londain	1
5ú & 6ú Nollaig	Seimineár – Ailíniú Rialtais Áitiúil & Forbartha Áitiúil	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	2
5ú & 6ú Nollaig	Seimineár – Tithíocht agus Rialtas Áitiúil	Lord Bagenal Hotel, Leithghlinn an Droichid, Co. Cheatharlach	1
5ú & 6ú Nollaig	Seimineár - Carthanachtaí, Rialachán & Reachtaíocht	Clonakilty Hotel, Cloich na Coillte, Co Chorcaí	2
12ú & 13ú Nollaig	Seimineár – Acht um Nochtadh faoi Chosaint 2014	The Connacht Hotel, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh	1
12ú Nollaig	Fóram Údaráis Áitiúla Éireann Neamhniúicléach Geimhreadh 2014 Fóram Geimhridh 2014	Halla Cathrach Bhaile Átha Cliath, Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2	1
12ú go 14ú Nollaig	Teicneolaíocht Turasóireachta & Straitéisí Iomaíochta do 2015	Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú	1

Toghcháin Áitiúla (Nochtadh ar Thabhartais agus ar Chaiteachas)

De réir Acht na dToghchán Áitiúil (Nochtadh ar Thabhartais agus ar Chaiteachais) 1999, ní mór do gach iarrthóir ráiteas ar chostais toghcháin agus dearbhú reachtúil a chur isteach ar an bhfoirm atá forordaithe do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Seo a leanas na sonraí a bhaineann leis na hiarrthóirí ar éirigh leo:

Ainm		Costais
Browne	Séamus	€2,360.00
Butler	Daniel	€3,758.59
Byrne	Maria	€2,688.24
Clifford	Shane	€6,770.00
Collins	James	€7,785.30
Collins	Michael	€1,795.90
Crowley	Joe	€4,400.00
Daly	Frankie	€4,048.30
Donegan	Michael	€7,205.00
Foley	Francis	€1,446.23
Galvin	Liam	€4,705.71
Gilligan	John	€7,726.90
Gleeson	Noel	€2,798.00
Hourigan	Michael	€2,123.74
Hurley	Marian	€3,444.59
Keary	Stephen	€4,587.22
Keller	Paul	€1,579.95
Leddin	Joe	€3,300.00
Loftus	John	€2998.00
Lynch	Seán	€4,959.67

Ainm		Costais
McCreesh	Malachy	€1,971.42
McMahon	Ciara	€3,492.45
Mitchell	Gerald	€8,433.91
Neville	Tom	€5,835.10
O'Brien	Emmett	€7,608.92
ÓCeallaigh	Séighin	€2,823.65
O'Dea	Jerry	€8,760.62
O'Donnell	William	€1,773.49
O'Donoghue	Richard	€9,354.26
O'Hanlon	Kieran	€4,832.00
Prendiville	Cian	€2,615.92
Quinlivan	Maurice	€1,761.14
Ryan	Eddie	€8,337.77
Scanlan	Jerome	€2,435.00
Secas	Elena	€4,918.56
Sheahan	Kevin	€7,460.00
Sheahan	John	€3,707.09
Sheahan	Michael	€1,810.74
Sheehy	Lisa Marie	€1,286.77
Teefy	Brigid	€6,698.86

Tá ar iarrthóirí nach n-éiríonn leo sonraí a áireamh ar a bhfoirm iarratais ar aon tabhartas (pé an tabhartas aonair nó comhiomlán a dtabhartas) a fuarthas sa bhreis ar €600.00.

Seo a leanas na sonraí a bhaineann leis na hiarrthóirí nár éirigh leo:

Ainm		Tabhartais	Costais
Ahern	Seamus	€0.00	€2,700.00
Brennan	Rose	€1,917.36	€3,169.76
Casey	Gerry	€0.00	€375.00
Cavanagh	James	1,200.00	€9,800.00
Cronin	Felim	€1,975.74	€519.00
Duruagwu	Sunnymartins	€150.00	€1,754.99
Egan	John	€0.00	€11,273.76
Enright	Kathleen	€1,611.55	€0.00
Fitzgerald	Patrick C.	€0.00	€6,150.00
Goulding	Stephen	€4,830.34	€2,000.00
Hannan	Noel		€350.00
Hannon	Tomás	€0.00	€6,181.30
Harrington	Joe	€1,511.55	€0.00
Hayes	Desmond	€0.00	€7,414.80
Hickey	Jim	€0.00	€3,030.00
Houlihan	Michael	€1,646.21	€2,300.00
Kelly	Christy	€0.00	€3,953.15
Kiely	Sarah Lee	1,950.78	€569.00
Kilcoyne	Fergus	€2,629.74	€2,113.97
Leahy	John	€0.00	€564.00
Leddin	Geraldine	€0.00	€5,980.00

Ainm		Tabhartais	Costais
Long	Jim	€1,710.00	€0.00
McCarthy	Cathal	€0.00	€492.00
McCarthy	Denis	€2,302.04	€3,435.22
McInerney	Christy	€0.00	€1,447.13
McLoughlin	Gerry	€0.00	€8,000.00
McLoughlin	Orla	€0.00	€3,000.00
Meagher	Joseph	€250.00	€2,001.00
Mulcahy	Derek	€0.00	€2,250.00
Mulqueen	Frank	€1,869.04	€278.64
O'Gorman	Tina	€1,288.52	€150.00
O'Mahony	Sean	€0.00	€1,010.51
Pond	Joe	€0.00	€4,750.00
Riedy	Damien	2,605.81	€720.00
Riordan	Denis	€0.00	€10.00
Ryan	Richie	€0.00	€4200.00
Ryan	Frank	€0.00	€5,820.00
Scully	Diarmuid	€1,809.04	€353.00
Sheahan	Seámus	€0.00	€2,050.00
Shortt	Tom	€0.00	€3,880.00
Towell	Derrick	€1,579.95	€0.00
Walsh	Leo	€1,676.76	€1,266.05

Níor chuir na hiarrthóirí seo a leanas nár éirigh leo ráiteas isteach:

Ainm	
Griffin	Jason
Hennelly	Sarah Jane
McCarthy	Patrick
Smith	Richard (Richie)

An seachtú Oíche Chultúrtha Luimnigh bliantúil i bFáirc an Phobail, Luimneach, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, agus Luimneach, Cathair an Chultúir.

Fothracha Reilige Ceilteach i gCo. Luimnigh